



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Dréacht-Téarmaí agus Coinníollacha an Chéad Chomórtais RESS Gaoth Amach ón gCósta

ORESS 1

Deireadh Fómhair 2021

Clár an Ábhair

1	Réamhrá, Feidhm agus Struchtúr	3
2	Sainmhínte agus Léirmhínte	8
3	Bunús Dí ORESS 1	25
4	Monatóir Ceant agus Iniúchóir Margaidh RESS	26
5	Tacaíocht ORESS 1	27
6	Ceant ORESS 1	40
7	Gnéithe Pobail de ORESS 1	55
8	Oibleagáidí Iarratasóirí Rathúla ORESS 1	57
9	Próisis Riaracháin Ceant.....	60
10	Ceartha Cosanta an Aire.....	69
11	Ginearálta	70

Iarscríbhinn A - Foirm Comhaontú Feidhmiúcháin, Urrús Feidhmíochta agus Litir Thairisceana

Iarscríbhinn B - Ceistneoir Airgeadais

Iarscríbhinn C - Ceistneoir Plean Seachadta Tionscadail

1 Réamhrá, Feidhm agus Struchtúr

1.1 Tá an Scéim Thacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS) nua forbartha ag an Aire d'Éirinn. Is é aidhm an RESS giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. Is laistigh de chomhthéacs an Phlean Gníomhaíochta don Aeráid agus Pacáiste Fuinnimh Ghlain an Aontas Eorpaigh (Pacáiste Fuinnimh Ghlain AE) atá an scéim nua frámáilte, go háirithe an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus forbairt Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÉireann. Beidh an RESS ag cur le Pacáiste Fuinnimh Ghlain AE agus le Treoirlínte an AE ar Chúnadh Stáit i gcomhair Chosaint an Chomhshaoil agus Fuinnimh 2014-2020. Beidh an RESS ag brath ar fhórsaí iomaíocha chun uailmhianta fuinnimh in-athnuaite a ghnóthú ag an gcostas indéanta is ísle ar chustaiméirí agus, san am céanna, éagsúlacht teicneolaíochta agus rannpháirtíocht shuntasach pobail a sheachadadh.

1.2 Leagtar amach sa doiciméad seo na téarmaí agus coinníollacha a bheidh i bhfeidhm sa chéad chomórtas a bhaineann go sainiúil le gaoth amach ón gcósta a eagrófar faoin RESS agus le riarachán leanúnach dámhachtainí a dhéantar i gCeant ORESS 1.

1.3 Is mar seo a leanas atá struchtúr an doiciméid seo:

- Mír 1 ina bhfuil achoimre ar phrionsabail uileghabhálacha RESS
- Mír 2 ina bhfuil forálacha míniúcháin agus léirthisceana
- Mír 3 ina bhfuil bonn dlíthiúil ORESS 1
- Mír 4 ina leagtar amach róil an Mhonatóra Ceant agus an Iniúcháin Margaidh
- Mír 5 ina leagtar amach an cineál tacaíochta a ghabhann le ORESS 1
- Mír 6 ina leagtar amach na paraiméadair a bhaineann le Ceant ORESS 1, lena n-áirítear an spriocmhéid, riachtanais incháilitheachta, riachtanais Tairiscintí agus na rialacha roghnaithe buaiteora
- Mír 7 ina leagtar amach na gnéithe pobail de ORESS 1

- Mír 8 ina leagtar amach oibleagáidí Iarrthóirí Rathúla
- Mír 9 ina leagtar amach (a) na próisis a úsáidfidh an TSO chun Ceant ORESS 1 a riar, lena n-áirítear an próiseas iarratais agus (b) an próiseas cáilithe a ghabhann leis
- Mír 10 ina leagtar amach cearta cosanta an Aire maidir le ORESS 1
- Mír 11 ina leagtar amach téarmaí agus coinníollacha breise ginearálta a bhaineann le ORESS 1
- Iarscríbhinn A ina leagtar amach an cineál Comhaontú Feidhmiúcháin a thabharfar d'Iarratasóirí Rathúla i gCeant ORESS 1, lena n-áirítear: (i) an cineál Slándáil Feidhmíochta atá le cur ar fáil ag Iarratasóirí Rathúla agus (ii) an cineál Litir Thairisceana a thabharfaidh an tAire d'Iarratasóirí Rathúla, de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo
- Iarscríbhinn B ina leagtar amach Ceistneoir Airgeadais nach mór a chomhlánú agus a sheoladh ar ais agus Tairiscint leis
- Iarscríbhinn C ina leagtar amach Ceistneoir Plean Seachadta Tionscadail nach mór d'Iarratasóirí Rathúla a chomhlánú

1.4 Áirítear na nithe seo a leanas le bunéilimintí an RESS:

- Ceapadh é chun infheistíocht a chur chun cinn i nginiúint fuinneamh in-athnuaite le go gcuirfeadh le huailmhian na hÉireann gur leictreachas in-athnuaite 70% ar a laghad den iomlán, agus sprioc fuinnimh in-athnuaite 32% faoi 2030 an AE, laistigh de chreat atá bunaithe ar cheant iomaíoch, cost-éifeachtúil.
- Ceapadh é chun réimse is leithne cuspóirí beartais a sheachadadh, lena n-áirítear:
 - soláthar conairí agus tacaí do phobail páirt dhíreach a ghlacadh i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite;
 - an meascán teicneolaíochta leictreachais in-athnuaite (éagsúlacht na dteicneolaíochtaí) a leathnú; agus

- slándáil fuinnimh, inbhuanaitheacht fuinnimh a mhéadú agus cost-éifeachtúlacht beartas fuinnimh a chinntiú.

1.5 Ar bhonn comhuaineach le Comhaontuithe Ceannach Cumhacht Chorporáideach (CPPA), cuirfear ar fáil leis an RESS (i gcomhar le scéimeanna tacaíochta in-athnuaite a bhí ann cheana agus CPPAnna) ar a laghad 70% de leictreachas in-athnuaite faoi 2030. Beidh sé sin faoi réir an leibhéal soláthair cost-éifeachtúil a shocrú agus bunaithe ar an treocht chun ionchur na hÉireann i sprioc fuinnimh in-athnuaite AE 2030 a chomhlíonadh a leagfar amach i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide na hÉireann chomh maith leis na spriocanna náisiúnta atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta.

Tá an RESS á fheidhmiú trí shraith de chomórtais leictreachais in-athnuaite agus de réir plean ceant leictreachais in-athnuaite, ina dtabharfar amlínthe agus acmhainní táscacha. Tá an RESS ag cur le dearáí nua atá i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh. Ceapadh é i gcomhthéacs Phacáiste Fuinnimh Ghlain an AE agus fhorálacha na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite ar scéimeanna tacaíochta fuinnimh in-athnuaite go háirithe.

1.6 Trí eintiteas go príomha a bheidh páirteach i bhfeidhmiú RESS. Is iad sin, an tAire (nuair is infheidhme, ainmní an Aire ag gníomhú ar son an Aire), an tÚdarás Rialála agus an TSO.

An tAire atá freagrach as ceapadh beartas RESS (lena n-áirítear comórtais RESS a eagrú), cinntí a bhaineann le ceantanna RESS agus forbairt téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le gach ceant RESS. An tAire atá freagrach fosta as dátaí agus rialacha follasacha a shocrú chun tionscadail a sheachadadh faoi mar a fhoráiltear i gComhaontú Feidhmiúcháin ORESS 1 chun a chinntiú go dtabharfar líon ard tionscadal chun críche.

An tÚdarás Rialála atá freagrach as comhairle a thabhairt don Aire maidir le soláthar féideartha RESS do gach comórtas RESS, paraiméadair comórtais i leith gach ceant RESS, an Monatóir Ceant a cheapadh agus a mhaoirsiú agus as riarachán agus áireamh leanúnach íocaíochtaí RESS tríd an Tobhach PSO ar aon dul le forálacha atá leagtha amach i dtéarmaí agus coinníollacha gach ceant RESS ag an Aire.

An TSO atá freagrach as riar comórtais RESS ar aon dul le forálacha atá leagtha amach i dtéarmaí agus coinníollacha gach ceant RESS agus de bhun Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí a cuireadh i bhfeidhm faoi Alt 39 den Acht.

1.7 Is iad seo a leanas na freagrachtaí sainiúla atá le comhlíonadh ag an TSO maidir leis an RESS:

- sraith de phróisis oibríochta a riar i gcomhair comórtas faoi mar a shocraigh an tAire agus mar a fhoráiltear ina leith i dtéarmaí agus coinníollacha an chomórtais RESS atá i gceist;
- próiseas iarratais, incháilitheachta agus tairisceana iomaíche a riar faoi mar a shocróidh an tAire agus a fhoráiltear ina leith i dtéarmaí agus coinníollacha an chomórtais ábhartha RESS;
- anailís a dhéanamh chun tacú leis an Aire de réir mar is cuí chun comórtas a shocrú faoi mar a fhoráiltear ina leith i dtéarmaí agus coinníollacha an chomórtais ábhartha RESS;
- torthaí comórtas RESS a chur faoi bhráid an Aire agus an Údaráis Rialála; agus
- tuairisciú leis an Aire ar chomhlíonadh oibleagáidí TSO mar atá sonraithe thuas sna Téarmaí agus Coinníollacha seo.

1.8 Is le ORESS 1 amháin a bhaineann na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Beidh ceantanna agus tacaí RESS amach anseo faoi réir a leithéid de théarmaí agus coinníollacha faoi mar a eiseofar i leith ceantanna agus tacaí RESS amach anseo. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a chuirtear ar fáil gach cur síos ar agus tagairt do cheantanna agus tacaí RESS amach anseo agus níor chóir iad a bhreithniú ionann is go gcruthaíonn siad oibleagáidí ceangailteacha nó go bhforchuireann siad cearta agus dualgais ar aon duine.

1.9 Ceapadh ORESS 1 le bheith ar aon dul le hAirteagail 107 go 109 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh le cois gach riail, rialachán, threoir agus fhógra bainteach de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cúnaimh stáit.

1.10 Tá ORESS 1 faoi réir gach aon imréiteach a éilíonn Coimisiún AE agus an cead, imréiteach nó ceadúnas a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar aon fhoras iniúil rialála nó reachtúil. Chun amhras a sheachaint, coimeádann an tAire an ceart na Téarmaí agus Coinníollacha seo a leasú de thoradh fógraí le Coimisiún AE de bhun Airteagail

107 go 109 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- 1.11 Is é ORESS 1 an chéad cheant de thrí cheant ar a laghad atá beartaithe a bhainfidh go sonrach, ó thaobh na teicneolaíochta de, le Gaoth Amach ón gCósta.
- 1.12 Aithníonn an tAire go mbeidh infheistíocht shuntasach déanta ag Iarratasóirí Incháilithe Cheant ORESS 1 ina dtionscadail. Mar sin de, níltear ag dúil nach bhféadfaidh Iarratasóirí Incháilithe nach n-éireoidh leo i gCeant ORESS 1 cur isteach ar ORESS 2, an dara ceant Gaoth Amach ón gCósta (a fhad is go gcomhlíonfaidh siad na Téarmaí agus Coinníollacha seo). Mar sin féin, ar aon dul le beartas Rialtais agus an t-aistriú beartaithe go dtí córas atá bunaithe ar phleananna, ní dócha go mbeidh Iarratasóirí Incháilithe nach n-éireoidh leo i gCeant ORESS 1 incháilithe ar a bheith páirteach sa tríú ceant Gaoth Amach ón gCósta, ORESS 3, ná in aon cheant ORESS Gaoth Amach ón gCósta ina dhiaidh sin.
- 1.13 Faoi réir Airteagal 6 den Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite, coimeádann an tAire an ceart aon fhoráil, Mír nó cuid de na Téarmaí agus Coinníollacha seo a athrú nó a leasú, lena n-áirítear de thoradh aon treoir, coinníoll nó riachtanas aon chead, imréiteach nó ceadúnas den saghas.
- 1.14 Féadann an tAire (faoina rogha féin agus faoi réir faomhadh ábhartha cúnaimh stáit) an leibhéal tacaíochta atá le cur ar fáil a athrú de bhun na dTéarmaí agus Coinníollacha seo ar aon dul leis na critéir chuspóra seo a leanas:
- cinnteacht infheisteoirí a chur chun cinn agus inmharthanacht airgeadais Thionscadail ORESS 1 ar bronnadh Dámhachtain orthu a chosaint;
 - athruithe i socruithe margadh leictreachais agus in áirimh ioncam margaidh de chuid an Údaráis Rialála a éascú;
 - leas gearrthéarmach agus fadtéarmach tomhaltóirí leictreachais a chur chun cinn maidir le hiontaofacht, inacmhainneacht agus inbhuanaitheacht leictreachais in Éirinn; agus
 - comhréireacht agus trédhearcacht in oibriú ORESS 1 a chinntiú.

2 Sainmhínte agus Léirmhínte

2.1 Sna Téarmaí agus Coinníollacha seo, seachas mar ar gá sa chomhthéacs, is iad na bríonna seo a leanas a bheidh le téarmaí a bhfuil ceannlitir leo a úsáidtear ach nach sainmhínítear in áit eile:

“**Acht**” an bhrí atá leis, An tAcht um Rialáil Leictreachais 1999 (arna leasú).

“**Cumhacht Ghníomhach**” an bhrí a tugadh don téarma sin i gCód Trádála agus Socraithe SEM an bhrí atá leis.

“**Cleamhnaí**” an bhrí atá leis, maidir le haon chomhlacht atá inchorpraithe in Éirinn nó in aon dlínse eile, aon chomhlacht sealbhaíochta de chuid an chomhlachta sin, aon fhochlacht de chuid an chomhlachta sin nó aon fhochlacht de chuid aon chomhlacht sealbhaíochta de chuid an chomhlachta sin, i ngach cás de réir na brí atá leis na téarmaí sin in Ailt 7 agus 8 d'Acht na gCuideachtaí 2014 in Éirinn.

“**An Bord Pleanála**” an bhrí atá leis, an t-údarás a bunaíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1976 (arna leasú ó am go chéile) agus atá freagrach as, i measc nithe eile, cinneadh faoi achomhairc agus nithe áirithe eile faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú ó am go chéile) .

“**Iarratasóir**” an bhrí atá leis, duine a chuireann isteach ar incháilitheacht i gcomhair Cheant ORESS 1 maidir le Tionscadal ORESS 1.

“**Iarratas ar Incháilitheacht**” an bhrí atá leis, iarratas atá le cur isteach ag Iarratasóir ar incháilitheacht i gcomhair Ceant ORESS 1 maidir le Tionscadal ORESS 1.

“**Iarratas ar Athbhreithniú**” an bhrí atá leis, iarratas ag Iarratasóir ag iarraidh ar an TSO Cinneadh Sealadach ar Incháilitheacht maidir le hiarratas ar Incháilitheacht a athbhreithniú.

“**Pacáiste Faisnéise ar Cheant**”. an bhrí atá leis, an pacáiste faisnéise a ullmhaíonn an TSO de réir Alt 9.4.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo d'fhonn Iarratasóirí Incháilithe a chur ar an eolas faoi uainiú, riachtanais agus próisis Ceant ORESS 1.

“**Dáta Foilsithe Pacáiste Faisnéise ar Cheant**” an bhrí atá leis, dáta sceidealaithe

foilsithe an Phacáiste Faisnéise ar Cheant.

“Monatóir Ceant” Tá sainmhíniú air seo in Alt 4.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Toirteanna atá ar Fáil” Tá sainmhíniú air seo in Alt 6.2.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Dámhachtain” nó **“Dámhachtainí”** an bhrí atá leis, bronnadh Tacaíocht ORESS 1 ar Iarratasóirí Rathúla.

“Banna Tairisceana” an bhrí atá leis, an t-urrús airgid thirim atá le taisceadh ag Iarratasóir i leith Iarratas ar Incháilitheacht de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo.

“Dáta Taiscthe Banna Tairisceana” an bhrí atá leis, an lá deiridh a bhféadann Iarratasóir Banna Tairisceana a thaisceadh sa Chuntas TSO RESS agus an TSO glacadh leis agus bíonn an dáta le foilsiú sa Phacáiste Faisnéise ar Incháilitheacht.

“Méid Riachtanach Banna Tairisceana” Tá sainmhíniú air seo in Alt 6.3.13 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Plean Gníomhaíochta Aeráide” an bhrí atá leis, an plean gníomhaíochta aeráide chun tabhairt faoin gcliseadh aeráide a d’fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíocht Aeráide agus Comhshaoil ar an 17 Meitheamh 2019 agus uasdátuithe air.

“Dáta Tosaigh” an bhrí atá leis, an dáta ar a n-eisíonn an Gineadóir fógra dul ar aghaidh (nó a chómhaithe) faoina phríomhthionscadal tógála (.i. conradh EPC nó conradh soláthar tuirbín) maidir le Tionscadal ORESS 1.

“Oibríocht Tráchtála” an bhrí a tugadh don téarma sin sa Chomhaontú Feidhmiúcháin.

“Ciste Leasa Pobail” an ciste a bhunaigh an tAire (nó comhlacht ainmnithe) inar gá do gach Gineadóir €2 in aghaidh an MWh a thabhairt ar mhaithe le leas an phobail ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Oifig um Chlárú Cuideachtaí” nó **“CRO”** an bhrí atá leis, Oifig um Chlárú Cuideachtaí na hÉireann. Is é sin an stór lárnach ar fhaisnéis phoiblí reachtúil ar chuideachtaí agus ainmneacha gnólachtaí in Éirinn.

“Measúnú Ceangail” tá an bhrí ag [●].¹

[**“CPI”** Praghasinnéacs Tomhaltóirí na hÉireann an bhrí atá leis, arna fhoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, nó má stadtar d'fhoilsiú an innéacs seo, innéacs den chineál céanna de réir mar a shannfadh an tAire i scríbhinn ó am go chéile.]

“Ciorrú” Tá an bhrí leagtha amach san iatán le cinneadh Coiste SEM, páipéar SEM-13-10 "Sainmhíniú EirGrid agus SONI ar Chiorrú agus Srian, Leagan 1.0, 13 Fea 2013".

“Socruithe Cúiteamh Ciorraithe” Tá an bhrí leagtha amach in Alt 6.6.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Praghas DAM” an bhrí atá leis, an praghas a thagann de thoradh an Mhargaidh Lá chun Cinn

“Margadh Lá chun Cinn” nó **“DAM”** an bhrí atá leis, an margadh lá chun cinn a bhfuil cur síos míne air i Rialacha SEMOpx, lena n-áirítear an "Mír Mhargaidh Ceant Lá chun Cinn" laistigh den sainmhíniú ar an nath sin i Rialacha SEMOpx agus in aon sraith rialacha a tháinig rompu.

“Cainníocht Mheasta Fuinnimh”. Tá an bhrí leagtha amach in Alt 6.6.4 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Praghas Measta Tairisceana” Tá an bhrí leagtha amach in Alt 6.6.5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Íocaíocht Difríochna”. Tá an bhrí leagtha amach in Alt 5.2.5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

¹ **Nóta Comhairliúcháin:** Próiseas ceangal eangaí amach ón gcósta á fhorbairt faoi láthair ag CRU agus 10 déanfar comhairliúchán ar leith air.

“Teicneolaíocht Incháilithe: Tá an bhrí leagtha amach in Alt 6.3.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Pacáiste Fuinnimh Ghlain an AE”: an bhrí atá leis, pacáiste fuinnimh ghlain an AE ina bhfuil ocht n-acht reachtaíochta, lena n-áirítear an Treoir um Fhuinneamh Glan.

“Coimisiún an AE” an bhrí atá leis, brainse feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear a nArd-Stiúrthóireachtaí éagsúla, ar a bhfuil freagracht as gnóthaí beartais lena n-áirítear, *inter alia*, beartas fuinnimh agus iomaíochta,.

“Fachtóir Ceartaithe Luachála” Tá sainmhíniú air seo in Alt 6.6.5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

[**“MEC Ionchais”** an bhrí atá leis, maidir le Tionscadal ORESS 1, an acmhainn uasta easpórtála a shainithnítear faoina Mheasúnú Ceangail.]

“Torthaí Deiridh Ceant” an bhrí atá leis, na torthaí deiridh ceant a fhoilsíonn an TSO i leith toradh Ceant ORESS 1.

“Dáta Torthaí Deiridh Ceant ” an bhrí atá leis, an dáta táscach le haghaidh eisiúint na dtorthaí deiridh ceant ag an TSO.

“Cóimheas Deiridh Comórtais” Tá sainmhíniú air seo in Alt 6.4 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Cinneadh Deiridh Incháilitheachta” an bhrí atá leis, na torthaí deiridh cáilíochta a ullmhaíonn an TSO (chun go bhfaomhfaidh an tAire iad) ina sainithnítear na hlarratasóirí Incháilithe molta, ar mhaite le riar an phróisis iarratais ORESS 1, a leagtar amach níos mine ag Alt **Error! Reference source not found.** de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Dáta Cinneadh Deiridh Incháilitheachta” an bhrí atá leis, an dáta táscach chun Cinntí Deiridh Incháilitheachta a sheoladh chuig larratasóirí ar aon dul le Mír 9.2.7 de

na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“**Dáta Deiridh Tarraingt Siar**” an bhrí atá leis, an dáta deiridh ar féidir le hlarratasóir a nllarratas ar Incháilitheacht a tharraingt siar i leith Ceant ORESS 1.

“**Ceistneoir Airgeadais**” an bhrí atá leis, an ceistneoir airgeadais san fhoirm atá leagtha amach in Aguisín B.

“**FIP**” an bhrí atá leis, an ionfhotha dhá threo sa phréimh a bhaineann le ORESS 1, a bhfuil a hoibríocht leagtha amach a thuilleadh i Mír 5.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“**Force Majeure**” an bhrí atá leis sa Chomhaontú Feidhmiúcháin.

“**Léas Imeall Trá**” an bhrí atá leis, léas a bhronntar faoi na hAchtanna Imeall Trá 1933 go 2014.

“**Gineadóir**” an bhrí atá leis, duine a bhfuil ceadúnas aige/aici chun leictreachas a ghiniúint faoi Alt 14(1)(a) den Acht agus i gcomhthéacs na dTéarmaí agus Coinníollacha seo, duine de pháirtithe an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin agus/nó a fuair litir.

“**Cód Eangaí**” an bhrí atá leis, na coinníollacha, nósanna imeachta, forálacha agus cóid lena rialáitear pleanáil agus oibríocht an chórais tarchurtha agus sceidealú agus seachadadh giniúna arna n-ullmhú ag an TSO ar aon dul le hAilt 33 den Acht (mar a uasdátófaí ó am go chéile).

“**Comhaontú Ceangal Eangaí**” an bhrí atá leis, an comhaontú atá le déanamh idir an Gineadóir agus an TSO ina leagtar amach na téarmaí lena gceanglófaí an Tionscadal ORESS 1 leis an gcóras tarchurtha in Éirinn (chun amhras a sheachaint, níl Tuaisceart Éireann san áireamh);

“**Ráthaíocht Tionscnaimh**” an bhrí atá leis in Airteagal 2(j) den Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite.

“**GWh**” an bhrí atá leis, gigeavata uair an chloig.

“**Comhaontú Feidhmiúcháin**” an bhrí atá leis, comhaontú atá le déanamh idir

Iarratasóir Rathúil agus an tAire, san fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn A de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Dáta Cur ar Ais Comhaontú Feidhmiúcháin agus Urrús Feidhmíochta” an bhrí atá leis, an dáta faoina bhfuil iallach ar gach Iarratasóir Rathúil a fhaigheann Fógra Dámhachtana an dá chóip shínte den Chomhaontú Feidhmiúcháin agus den Urrús Feidhmíochta a chur ar ais mar atá sainithe san Fógra Dámhachtana.

“Páipéar Faisnéise” an bhrí atá leis, an páipéar faisnéise a d'fhoilsigh an tÚdarás Rialála ar an 2 Meán Fómhair 2019 ar *“Téarmaí Tagartha don Iniúchóir Margadh RESS agus don Mhonatóir Ceant”* (Tagairt CRU-19-109).

“Acmhainn Shuiteáilte In-Athnuaite” an bhrí atá leis, an acmhainn ainmchláir iomlán MW^{AC} atá ag "Monarcha Shuiteáilte" iomlán an Tionscadail ORESS 1 (mar a shainmhínítear an téarma sin sa Chód Eangaí).

“kW” an bhrí atá leis, cileavata.

“Litir Thairisceana” an bhrí atá leis, litir thairisceana do Thacaíocht ORESS 1 ón Aire chuig Gineadóir, san fhoirm atá leagtha amach in Aguisín 1 den Chomhaontú Feidhmiúcháin.

“Dáta Stoptha Fada”, an bhrí atá leis, maidir le hOibríocht Tráchtála [30 Meitheamh 2028].

“Cainníocht Mhéadraithe Coigeartaithe de réir Caillteanais” an bhrí atá leis, Cainníocht Mhéadraithe coigeartaithe mar seo a leanas:

- (a) caidheáilte i ngach uair an chloig faoin gcoibhéis MWh d'Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte; agus ansin
- (b) coigeartaithe arís chun caillteanais tarchurtha agus caillteanais leithdháilte a léiriú (faoi mar a shocraíonn an TSO ó am go chéile).

“Toiliú Limistéar Mhuirí” an bhrí atá leis, toiliú limistéar mara a bhronntar faoi na forálacha bainteacha den Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí (ón Aire nó ó chomhlacht ainmnithe)

“Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí” [An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021] (mar

a leasófaí ó am go chéile).

“**Iníúchóir Margaidh**” sainmhínítear é i Mír **Error! Reference source not found.** de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“**Praghas Tagartha Margaidh**” sainmhínítear é i Mír 5.2.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“**Acmhainn Uasta Easpórtála**” nó “**MEC**” an bhrí atá leis, an acmhainn uasta easpórtála atá i dTionscadal ORESS 1 mar a mhaítear ina comhaontú ceangal eangaí.

“**Praghas Tairisceana Uasta a Mheastar**” an bhrí atá leis, an Praghas Tairisceana uasta a bhfuil cead é a chuimsiú i dTairiscint do Cheant ORESS 1 agus is é €[120]/MWh an Praghas Tairisceana uasta.

“**Cainníocht Mhéadraithe**” an bhrí atá leis, an Chumhacht Ghníomhach a tháirgeann an Tionscadal ORESS 1 agus a thaifeadann méadar an Tionscadail ORESS 1 gach uair an chloig faoi mar a chuirtear síos air i Mír 5.5.1.

“**Garspriocanna**” an bhrí atá leis, na garspriocanna a fhorordaítear in Aguisín 2 den Chomhaontú Feidhmiúcháin.

“**Acmhainn Íosta Shuiteáilte In-athnuaite**” a shainmhínítear i Mír 6.3.11 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“**Aire**” an bhrí atá leis, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide nó aon chomharba.

“**MW**” Meigeavata.

“**MWh**” Meigeavata uair an chloig.

“**Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide**” nó “**PNFA**” an bhrí atá leis, na Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide atá forbartha ag Rialtas na hÉireann d'fhonn spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus mar is gá faoi Rialachán na hEorpa (AE) 2018/1999 Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa ar 11 Nollaig 2018 ar Rialachas an Aontais Fuinnimh agus

Ghníomhú ar son na hAeráide.

“Tionscadal Nua” an bhrí atá leis, Tionscadal ORESS 1 ina bhfuil na gnéithe seo uile:

- (a) trealamh ginte leictreachais a bhaineann leis an Tionscadal ORESS 1 nár úsáideadh cheana féin ag an Suíomh Amach ón gCósta chun leictreachas a easpórtáil chun na heangaí roimh Dháta Deiridh an Iarratais ar Incháilitheacht;
- (b) Is gá gur ionann nó gur mó ná €300 per kW d'acmhainn an infheistíocht a dhéantar sa Tionscadal ORESS 1 i ndiaidh dul i mbun an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin ag nó thar ceann an Ghineadóira don Tionscadal ORESS 1 úd:
- (c) Má thógtar an Tionscadal ORESS 1 ag Suíomh Cladaigh a úsáideadh cheana féin i gcomhair giniúint in-athnuaite, go mbeidh an Chainníocht Fuinnimh Measta ag an Láithreán Amach ón gCósta Amach ón Tionscadal ORESS 1 50% ar a laghad níos mó ná an meán-aschur bliantúil roimhe sin ó ghiniúint in-athnuaite ag an Láithreán Eischósta sin; agus
- (d) chun amhras a sheachaint, ní ceadmhach don Tionscadal ORESS 1 tairbhe a bhaint as aon scéim thacaíochta ar bith eile tríd an Tobhach PSO má tá sé ag fáil Tacaíocht ORESS 1 agus ní ceadmhach don Tionscadal ORESS 1 íocaíochtaí a fháil roimhe seo faoi scéim thacaíochta eile a mhaoinítear tríd an Tobhach PSO.

“Fógra Míshásaimh” an bhrí atá leis, fógra míshásaimh a eisíonn Iarratasóir nó Iarratasóir Incháilithe ar aon dul le Míreanna 9.2.5(d) agus 9.4.2(d) de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Fógra Tarraingt Siar” an bhrí atá leis, fógra do-chúlghairthe a eisíonn Iarratasóir ar aon dul le Mír 9.2.2(c) de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Tairiscint” an bhrí atá leis, tairiscint a dhéanann Iarratasóir Incháilithe i leith Tionscadal ORESS 1 sa Cheant ORESS 1.

“Praghas Tairisceana” an bhrí atá leis, an praghas aonair atá le sonrú i dTairiscint (ina €/MWh).

“Cainníocht Tairisceana” an bhrí atá leis, cainníocht MW an Tionscadail ORESS 1 atá á tairiscint san ORESS 1 agus saineofar an rud céanna san Iarratas ar Incháilitheacht agus sa Tairiscint araon.

“Toiliú Amach ón gCósta” an bhrí atá leis, maidir le Tionscadal ORESS 1, ceann amháin acu seo:

- (a) Léas Imeall Trá; nó
- (b) Toiliú Limistéir Mhuirí.

“Suíomh Amach ón gCósta” an bhrí atá leis, an limistéar muirí ábhartha atá sainaitheanta sa Toiliú Amach ón gCósta agus atá leagtha amach san Iarratas ar Incháilitheacht, ina bhfuil sé beartaithe an mhonarcha giniúna leictreachais, ceangal eangaí amach ón gcósta agus (más infheidhme) fo-stáisiún amach ón gcósta don Tionscadal ORESS 1 a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú.

“Gaoth Amach ón gCósta” an bhrí atá leis, tionscadail a úsáideann tuirbíní gaoithe a thógtar i limistéir uisce, san aigéan de ghnáth, chun fuinneamh gaoithe a úsáid chun leictreachas a ghiniúint. Áirítear ar an sainmhíniú seo limistéir uisce ar an gcladach amhail lochanna agus ceantair chladaigh fhoscúla, ag úsáid teicneolaíochtaí traidisiúnta tuirbín gaoithe bonn seasta chomh maith le limistéir uisce dhoimhne ina n-úsáidtear tuirbíní gaoithe ar snámh.

“Suíomh Cladaigh” an bhrí atá leis, na píosaí talún a leagtar amach san Iarratas ar Incháilitheacht ar a dtógfar (más infheidhme) an ceangal eangaí cladaigh agus an fo-stáisiún cladaigh don Tionscadal ORESS 1.

“Próisis Oibríochta” an bhrí atá leis, sraith próiseas a ullmhaíonn an TSO ina sonraítear oibleagáidí gach páirtí maidir le hoibriú Ceant ORESS 1 agus atá le foilsiú ag an TSO sa Phacáiste Faisnéise Incháilitheachta agus sa Phacáiste Faisnéise Ceant.

“ORESS 1” an bhrí atá leis, an chéad chomórtas RESS amach ón gcósta agus cuimsítear ann an Ceant agus Tacaíocht ORESS 1.

“Ceant ORESS 1” an bhrí atá leis, an ceant atá le heagrú faoi Mhír 6 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo, i leith dhámhachtain Tacaíocht ORESS 1.

“Dáta Deiridh Aighneacht Ceant ORESS 1” an bhrí atá leis, dáta deiridh chun Tairiscintí a fháil.

“Amchlár Ceant ORESS 1” an bhrí atá leis, sceideal imeachtaí díreach roimh agus i ndiaidh an Cheant ORESS 1, a d’fhéadfadh an tAire agus/nó an TSO a leasú nó a uasdátú ó am go chéile.

“Íocaíochtaí ORESS 1” an bhrí atá leis, Íocaíochtaí Tacaíochta agus Difríochta.

“PPA ORESS 1” an bhrí atá leis, comhaontú ceannach cumhachta a chomhlíonann na Téarmaí agus Coinníollacha seo idir Gineadóir agus Soláthraí ina gcuirtear iallach ar an Soláthraí aschur leictreach an Tionscadail ORESS 1 ábhartha a cheannach agus is dá réir siúd a cheapfar “PPA”.

“Tionscadal ORESS 1” an bhrí atá leis, tionscadal fuinnimh in-athnuaite, mar a shonraítear in Iarratas ar Incháilitheacht.

“Tacaíocht ORESS 1” an bhrí atá leis, teidlíocht Íocaíochtaí Tacaíochta a fháil agus oibleagáid Íocaíochtaí Difríochta a íoc.

“Urrús Feidhmíochta” an bhrí atá leis, an t-urrús atá le soláthar, nuair a éilítear, ag Iarratasóir Rathúil i leith an Aire san fhoirm atá leagtha amach in Aguisín 3 den Chomhaontú Feidhmiúcháin.

“Toiliú Pleanála” an bhrí atá leis:

- (a) cead deiridh, iomlán pleanála i gcomhair tógáil monarcha giniúna leictreachais, ceangal eangaí amach ón gcósta agus (más infheidhme) fo-stáisiún amach ón gcósta don Tionscadal ORESS 1 ag an Suíomh Amach ón gCósta; agus
- (b) cead deiridh, iomlán pleanála i gcomhair tógáil (más infheidhme) ceangal eangaí cladaigh agus fo-stáisiún cladaigh don Tionscadal ORESS 1 ag an Suíomh Cladaigh.

I ngach cás, gan dáta éaga ná oibleagáid díchoimisiúnaithe a bheith i gceist roimh dheireadh téarma ionchais Tacaíocht ORESS 1 do Thionscadal ORESS 1.

“Faisnéis Phraghsála” an bhrí atá leis, faisnéis:

- (a) ina dtugtar léiriú ar cén Pragas Tairisceana a chuirfeadh larratasóir isteach sa Cheant ORESS 1 i leith Tionscadal ORESS 1, lena n-áirítear réimse de Phraghsanna Tairisceana féideartha;
- (b) ina dtugtar léiriú ar cén Pragas Tairisceana a chuirfeadh frithpháirtí isteach in PPA ag brath ar Thionscadal ORESS 1 Dámhachtain a fháil; nó
- (c) ina dtugtar léiriú ar aon chaidreamh idir an Pragas Tairisceana a chuirfeadh larratasóir isteach i gCeant ORESS 1 i leith Tionscadal ORESS 1 agus na téarmaí faoina soláthródh eintiteas maoiniú cothromais nó fiachais nó eile agus leas a ghnóthú as an Tionscadal ORESS 1 a gheobhadh Dámhachtain.

“Ceistneoir Plean Seachadta Tionscadail” an bhrí atá leis, an ceistneoir plean seachadta tionscadail san fhoirm atá leagtha amach in Aguisín C.

“Torthaí Ceant Sealadacha” an bhrí atá leis, na torthaí ceant sealadacha a eisíonn an TSO i leith thorthaí an Cheant ORESS 1.

“Dáta Torthaí Ceant Sealadacha” an bhrí atá leis, an dáta táscach a eisíonn an TSO na Torthaí Ceant Sealadacha.

“Cinneadh Incháilitheachta Sealadach” an bhrí atá leis, na torthaí incháilitheachta sealadacha a eisíonn an TSO i leith torthaí larratais ar Incháilitheacht, ar mhaithe le riar próiseas iarratais ORESS 1.

“Dáta Cinneadh Incháilitheachta Sealadach” an bhrí atá leis, an dáta táscach faoina n-eiseoidh an TSO Cinntí Incháilitheachta Sealadacha ar aon dul le Mír 9.2.5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Cleachtas Stuama Fóntas Leictreachais” an bhrí atá leis, na caighdeáin, cleachtais, modhanna agus gnáthaimh a chomhlíonann caighdeáin sábháilteachta agus riachtanais dlí a ghnóthaítear tríd an méid sin scile, cúraim, díchill, stuaimhe agus léargais a fheidhmiú a mbeifí ag dúil leis ó oibreoir oilte, a bhfuil taithí acu sa chineál seo gnó faoi thosca den saghas seo.

“Oibreoir Tionscail Stuama” an bhrí atá leis, oibreoir a fheidhmíonn sa tionscal fónas leictreachais ar aon dul le Cleachtas Stuama Fónas Leictreachais.

“PSO” an bhrí atá leis, ‘oibleagáid seirbhíse poiblí’ a d’fhéadfaí a fhorchur de bhun Alt 39 den Acht.

“Tobhach PSO” an bhrí chéanna agus atá le “tobhach oibleagáidí seirbhíse poiblí” in Ordú PSO.

“Bliain Tobhach PSO” an bhrí atá leis, tréimhse bliana ó 1 Deireadh Fómhair go 30 Meán Fómhair an bhliain dár gcionn nó cibé tréimhse a shaineofaí in aon uasdátú ar Ordú PSO.

“Ordú PSO” an bhrí atá leis, an tAcht um Rialáil Leictreachais 1999 (Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí) Ordú 2002 (arna leasú ó am go chéile).

“I.R. PSO” sainmhínítear é i Mír 5.3.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Spriocdháta Iarratais ar Incháilitheacht” an bhrí atá leis, an dáta deiridh ar féidir le hlarratasóir Iarratas ar Incháilitheacht a chur isteach i leith Ceant ORESS 1.

“Dáta Aighneachtaí Cinntí Incháilitheachta” an bhrí atá leis, an dáta táscach chun Cinntí Deiridh Incháilitheachta a chur faoi bhráid an Aire le go bhfaomhfar iad ar aon dul le Mír 9.2.7(b) de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Pacáiste Faisnéise Incháilitheachta” an bhrí atá leis, Pacáiste Faisnéise arna ullmhú ag an TSO chun Iarratasóirí a chur ar an eolas faoi, i measc nithe eile, amchlár, riachtanais agus eagrú incháilitheachta i leith Ceant ORESS 1.

“Torthaí Incháilitheachta” an bhrí atá leis, na Torthaí Incháilitheachta arna n-ullmhú ag an TSO ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Iarratasóir Incháilithe” an bhrí atá leis, Iarratasóir ar cuimsíodh a nIarratas ar Incháilitheacht sna Torthaí Incháilitheachta atá faofa ag an Aire.

“Údarás Rialála” an bhrí atá leis, an Coimisiún um Rialáil Fónais, faoi mar a

bunaíodh de bhun an Achta, nó aon chomhlacht comharbais.

“**Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite**” an bhrí atá leis, Treoir (AE) 2018/2001 Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa 11 Nollaig 2016 ar chur chun cinn úsáid fuinnimh ar d'fhoinsí in-athnuaite iad.

“**Cóimheas Ionadaíoch Comórtais**” an bhrí atá leis, mar atá i Mír 6.2.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“**Cainníocht Ionadaíoch Uasta**” an bhrí atá leis, an Chainníocht Ionadaíoch Uasta faoi mar a shocraíonn an tAire ar aon dul le Mír 6.2.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“**SEAI**” Sustainable Energy Authority of Ireland /Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann nó aon chomhlacht comharbais.

“**SEM**” nó “**Margadh Aonair Leictreachais**” an bhrí atá leis, na socruithe sa Stát seo agus i dTuaisceart Éireann ar cuireadh síos orthu i dtosach sa Mheamram Tuisceana idir an Bhreatain Mhór agus Éire, ar aidhm dóibh bunú agus oibriú margadh aonair leictreachais mórdhíola a chur chun cinn agus a éascaíonn feidhmiú éifeachtach rialacha an Aontais Eorpaigh i leith trádáil trasteorann sa leictreachas (mar a fhoráiltear in Alt 2 den Acht Fuinnimh 1999, arna leasú ag an Acht Fuinnimh 2016).

“**Cód Trádála agus Réitigh SEM**” an bhrí atá leis, na rialacha cothroime margaidh trádála agus socraithe araon maidir le leictreachas agus réiteach acmhainne sa Mhargadh Aonair Leictreachais.

“**SEMO**” an bhrí chéanna le "Oibreoir Margaidh" sa Chód Trádála agus Réitigh SEM.

“Rialacha **SEMOpX**” an bhrí atá leis, an tsraith rialacha a gcomhaontaíonn EirGrid plc agus SONI Teo. chun tascanna oibreoir ainmnithe margadh leictreachais a fheidhmiú in Éirinn dá mbun agus a bhfuil iallach ar rannpháirtithe sa SEM a chomhlíonadh chun gur féidir leo trádáil ina leithéid de mhargaí a oibríonn an t-oibreoir ainmnithe margadh leictreachais sin, ar cheap EirGrid plc agus SONI Teo. na rialacha agus ar fhaomh an tÚdarás Rialála iad i litir a foilsíodh ar 30 Meitheamh 2017, agus a d'fhéadfaí a leasú, ar an tslí chéanna ó am go chéile.

“**Suíomh**” an bhrí atá leis, an Suíomh Cladaigh agus an Suíomh Amach ón gCósta.

“Tréimhse Stoptha” an bhrí atá leis, an t-achar ama ó, agus lena n-áirítear, an dáta ó chur isteach an larratais ar Incháilitheacht ag larratasóir go dtí, agus lena n-áirítear, Spriocdháta Aighneachta ORESS 1

“Praghas Ceangail” mar a shainmhínítear i Mír 5.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“larratasóir Rathúil” an bhrí atá leis, larratasóir Incháilithe ar chuir an TSO in iúl dóibh gur éirigh lena dTairiscint sa Cheant ORESS 1.

“Soláthraí” an bhrí atá leis, eintiteas atá ceadúnaithe ag an Údarás Rialála chun leictreachas a sholáthar in Éirinn.

“Íocaíocht Tacaíochta” mar a shainmhínítear i Mír **Error! Reference source not found.** de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

“Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe” an bhrí atá leis, “Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe” atá cláraithe mar siúd leis an SEAI.

“Téarmaí agus Coinníollacha” an bhrí atá leis, na téarmaí agus coinníollacha seo le cois a gcuid larscríbhinní uile.

“Oibreoir Córas Tarchuir” nó **“TSO”** an bhrí atá leis, EirGrid plc ina ról mar oibreoir córas tarchuir de bhun ceadúnas a bhronn an tÚdarás Rialála faoi Alt 14(1)(e) den Acht agus aon oibreoir córas tarchuir comharbais.

“Banc TSO” an bhrí atá leis, banc a mbaineann an TSO feidhm as agus mar a gcaithfidh larratasóir a mBanna Tairisceana a thaisceadh a gcuirfidh an TSO larratasóirí ar an eolas faoi na mionsonraí.

“Cuntas TSO RESS” an bhrí atá leis, an cuntas bainc atá ag an TSO mar a bhféadann larratasóirí Banna Tairisceana a phostáil i leith a dTionscadal ORESS 1 a gcuirfidh an TSO larratasóirí ar an eolas faoi na mionsonraí.

“Lá Oibre” an bhrí atá leis, lá lár seachtaine nach:

- (a) saoire phoiblí ná saoire bainc in Éirinn é; nó
- (b) lá neamhphróiseála é, faoi mar a chomhairlíonn Banc TSO.

2.2 Úsáidfidh an TSO slánú comhleanúnach uimhriúil ar chainníochtaí foilsithe ar aon dul leis na nithe seo a leanas:

2.2.1 sloinnfear gach athróg fuinnimh ina MWh go dtí trí ionad de deachúlacha;

2.2.2 sloinnfear gach athróg chumhachta ina MW go dtí trí ionad de deachúlacha;

2.2.3 sloinnfear gach athróg airgid ina Euro go dtí dhá ionad de deachúlacha;

2.2.4 Foilseofar go dtí an líon céanna d'ionaid de dheachúlacha gach paraiméadar, cóimheas, fachtóir, lascaine, préimh, ráta malairte airgeadra, agus sciar a úsáidtear in áirimh go dtí an líon céanna d'ionaid de dheachúlacha agus a úsáidtear in áirimh; agus

2.2.5 cuirfear am in iúl go dtí an tsoicind is cóngaraí.

Áireofar aon phraghas, athróg, cainníocht, paraiméadar, toirt, cóimheas, fachtóir, lascaine, préimh, ráta nó sciar a shocraítear faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus atá le húsáid i socrú faoin reachtaíocht ábhartha go dtí an leibhéal cruinnis ríomhaireachtúil atá de dhíth chun na socruithe seo a dhéanamh de réir riachtanais na reachtaíochta ábhartha.

2.3 Gan dochar d'Alt 2.2, ní dhéanfaidh an TSO aon phraghas, athróg, cainníocht, paraiméadar, toirt, cóimheas, fachtóir, lascaine, préimh, ráta nó sciar a shlánú le linn áirimh seachas iad sin a thagann astu féin de thoradh córais TF, ach amháin má shainítear faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

2.4 Sna Téarmaí agus Coinníollacha seo (na hAguisíní san áireamh), beidh na nithe seo a leanas i bhfeidhm ach go n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt:

2.4.1 is ar mhaithe le héascaíocht tagartha amháin atá clár an ábhair agus aon cheannteidil sna Téarmaí agus Coinníollacha seo agus ní cuid d'ábhair na dTéarmaí

agus Coinníollacha seo iad agus ní théann siad i bhfeidhm ar a léirmhíniú;

- 2.4.2 áirítear an uimhir iolra le focail san uimhir uatha, agus áirítear baininscneach agus neodrach focail fhirinscneacha;
- 2.4.3 meastar gan teorainneacha na focail "san áireamh" agus leaganacha eile díobh agus áirítear le tagairt do réimse paragraf (m.sh. 2.4.1 – 2.4.8) an dá pharagraf dá dtagraítear, chomh maith leo sin eatarthu;
- 2.4.4 áirítear le haon tagairt d'aon reachtaíocht, idir phríomhach agus thánaisteach, sna Téarmaí agus Coinníollacha seo, aon leasú, athrú, rud a chuirtear in áit rud eile, athachtú nó daingniú agus aon tagairt ghinearálta d'aon reachtaíocht aon reachtaíocht den sórt seo aon rialacháin nó orduithe a rinneadh fúithi.
- 2.4.5 glactar le haon tagairt do chomhaontú, cód nó cáipéis eile, nó d'aon cheadúnas, gníomhas nó ionstraim eile mar thagairt don chomhaontú, cód, cáipéis, gníomhas, ceadúnas, nó ionstraim eile faoi mar atá siad leasaithe, athraithe de réir dlí nó mar a cuireadh leo, nó mar a cuireadh nithe eile ina n-áit, mar a sannadh nó a nuaíodh iad ó am go chéile;
- 2.4.6 aon tagairt do Mhíreanna, paragraif, aguisín(i) agus táblaí, is tagairtí iad do Mhíreanna, paragraif, aguisín(i) agus táblaí de chuid na dTéarmaí agus Coinníollacha seo faoi mar atá leasaithe nó athraithe ó am go chéile de réir fhorálacha na dTéarmaí agus Coinníollacha seo;
- 2.4.7 glactar le haon tagairt do lá mar thagairt do lá féilire seachas mar a bhforáiltear a mhalairt, agus glactar le haon tagairt do bhliain mar thagairt do thréimhse 12 mhí;
- 2.4.8 glactar le haon tagairt d'am mar thagairt d'am mar atá i mBaile Átha Cliath, Éire;
- 2.4.9 an bhrí a tugadh dóibh i Mír 2.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo an bhrí atá le focail agus frásaí a bhfuil ceannlitreacha iontu;
- 2.4.10 áirítear le tagairtí don "Aire" aon ainmní, ceapaí, gníomhaire, roinn stáit nó aon duine eile atá údaraithe chun gníomhú ar son an Aire;
- 2.4.11 áirítear le tagairt do "duine" aon duine aonair, comhpháirtíocht, gnóthas, comhlacht, corparáid (reachtúil nó eile), comhfhiontar, iontaobhas, comhlachas, eagrais nó

eintiteas eile, bíodh pearsanra ar leith dleathach acu nó ná bíodh;

2.4.12 sa chás go n-éilíonn na Téarmaí agus Coinníollacha seo ar an Aire, an TSO nó ar an Údarás Rialála faisnéis a fhoilsiú agus nach bhfuil aon amlíne sainithe i leith foilsiú den sórt seo, beidh gá lena leithéid d'fhaisnéis a fhoilsiú chomh luath agus is féidir ar bhonn réasúnach sna tosca: agus

2.4.13 is féidir difríochtaí teanga a mhíniú trí thagairt d'athruithe cleachtas dréachtaithe agus níor ghá gur brí dhifriúil a bheadh i gceist.

3 Bunús Dlí ORESS 1

- 3.1 Sa Mhír seo tá faisnéis ar bhunús dlí infheidhme ORESS 1, lena n-áirítear eagrú Ceant ORESS 1 agus soláthar tacaíocht ORESS 1 ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.
- 3.2 An tAire a chuir ORESS 1 ar bun agus maoineofar tacaíocht ORESS 1 tríd an Tobhach PSO a ghearrtar ar gach tomhaltóir leictreachais deiridh. Tá bunús dlí an Tobhaigh PSO leagtha amach i Mír 39.
- 3.3 Le hIonstraim Reachtúil Uimh. 217 2002 (arna leasú) a rinneadh faoi Alt 39 den Acht, éilítear ar an Údarás Rialála na costais a bhaineann leis an PSO a áireamh agus a dheimhniú, lena n-áirítear gach scéim ábhartha PSO, agus an Tobhach PSO bainteach a shocrú.
- 3.4 Is cuid de phacáiste foriomlán RESS é ORESS 1, atá faoi réir faomhadh cúnamh stáit ó Choimisiún AE agus atá ar aon dul le Pacáiste Fuinnimh Ghlain an AE, go háirithe an Treoir um Fuinneamh In-athuaite, agus I.R. 365/2020 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fuinneamh In-athnuaite) 2020 lena dtugtar éifeacht d'Airteagail 4 agus 6 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.
- 3.5 Tá cóipeanna den reachtaíocht dá dtagraítear sna Téarmaí agus Coinníollacha seo ar fáil ag <http://www.irishstatutebook.ie>. Tá treoracha AE ar fáil ar líne ag <http://eur-lex.europa.eu/en/index.htm>. Tá cinntí de chuid an Údaráis Rialála ar fáil ag <http://www.cru.ie>.
- 3.6 Rialófar agus measfar na Téarmaí agus Coinníollacha seo de réir dhlíthe na hÉireann agus, faoi réir Mhíreanna 9.2.5(d) agus **Error! Reference source not found.** de na Téarmaí agus Coinníollacha seo, is ag Cúirteanna na hÉireann a bheidh dlínse eisiach maidir le haon ghnó a thioctadh aníos faoi nó maidir leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

4 Monatóir Ceant agus Iniúchóir Margadh RESS

- 4.1 Ceapfaidh an tÚdarás Rialála duine nó gnóthas le gníomhú mar mhonatóir ceant RESS (an "**Monatóir Ceant**"). Ar aon dul leis an bPáipéar Faisnéise, déanfaidh an Monatóir Ceant monatóireacht ar na próisis agus nósanna imeachta a fheidhmíonn an TSO agus é i mbun cáiliú agus Cheant ORESS 1 faoi na Téarmaí agus Coinníollacha agus na Próisis Oibríochta seo.
- 4.2 Ceapfaidh an tÚdarás Rialála duine nó gnóthas le gníomhú mar iniúchóir ceant RESS ("**Iniúchóir Ceant**"). Ar aon dul leis an bPáipéar Faisnéise, déanfaidh an tIniúchóir Ceant iniúchadh ar nósanna imeachta agus próisis oibriú agus feidhmiú Ceant ORESS 1 faoi na Téarmaí agus Coinníollacha agus na Próisis Oibríochta seo ar bhonn bliantúil ar a laghad, de réir na dtéarmaí tagartha a shocraíonn an tÚdarás Rialála.

5 Tacaíocht ORESS 1

5.1 Léargas ginearálta

5.1.1 Féadann gineadóirí incháilithe ionchasacha leictreachais in-athnuaite páirt a ghlacadh i gCeant ORESS 1 (mar a shonraítear a thuilleadh i Mír 5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo) i gcomhair Tacaíocht ORESS 1, faoi réir agus ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

5.1.2 An tIarratasóir a n-éiríonn leo i gCeant ORESS 1, tabharfar dóibh Comhaontú Feidhmiúcháin agus, faoi réir théarmaí agus choinníollacha an Comhaontaithe Feidhmiúcháin, beidh iallach ar an Aire Litir Thairisceana a thabhairt don Iarratasóir Rathúil faoi cheann coicíse de cibé is déanaí a tharlaíonn de na nithe seo: (i) an tAire dhá chóip den Chomhaontú Feidhmiúcháin a fháil agus iad sínithe ag an Iarratasóir Rathúil agus; (ii) soláthar an Urrúis Slándála don Aire ag an Iarratasóir Rathúil.

5.1.3 Leis an Litir Thairisceana, faoi réir théarmaí an Comhaontaithe Feidhmiúcháin agus na dTéarmaí agus Coinníollacha seo, beidh an Soláthraí a théann i gceann PPA le hIarratasóir Rathúil i dteideal Tacaíocht ORESS 1 a fháil ar feadh tréimhse nach faide ná [30 Meitheamh 2042] (agus [30 Meitheamh 2043], b'fhéidir, sa chás go n-éireoidh leo Force Majeure, agus é sin amháin, a éileamh sula ngnóthófar Oibríocht Tráchtála). Beifear in ann tosú ar Thacaíocht ORESS 1 ar thosú Oibríocht Tráchtála Thionscadal ORESS 1 nó ar [1 Eanáir 2026] (cibé acu is déanaí), faoi réir, i rith ama, liostú Tionscadal ORESS 1 san Ordú PSO. Ar mhaithe le hamhras a sheachaint:

(a) Ní bheidh Soláthraí in ann éileamh ex ante a chur faoi bhráid an Údaráis Rialála i gcomhair íocaíochtaí PSO a bhaineann le Tacaíocht ORESS 1 roimh Bhliain Tobhach PSO [2026/27]. Más infheidhme, áfach, is féidir le Soláthraí incháilithe éileamh íocaíochta ex-post a dhéanamh i mBliain Tobhach PSO [2027/28] i gcomhair oibríocht Tráchtála sa tréimhse idir [1 Eanáir 2026 go 30 Meán Fómhair 2026].

(b) sa chás go ngnóthóidh Tionscadal ORESS 1 Oibríocht Tráchtála roimh [1 Eanáir 2026], féadann siad páirt a ghlacadh sa SEM roimh thosú do Thacaíocht ORESS 1.

5.1.4 Is mar FIP (.i. préimh ionfhotha dhá threo) atá Tacaíocht ORESS 1 struchtúrtha. An

tÚdarás Rialála a riarfaidh an próiseas áirimh Íocaíocht ORESS 1 chomh maith leis an bpróiseas chun Íocaíochtaí Tacaíochta a íoc le Soláthraithe agus an TSO a riarfaidh Íocaíochtaí Difríochta ó Sholáthraithe faoin FIP, bunaithe ar a ngnáthaimh reatha íocaíochta PSO.

- 5.1.5 Sa Litir Thairisceana beidh uimhir thagartha ORESS 1 uathúil i leith Tionscadal ORESS 1. A luaithe a eisítear í agus chun riarachán ORESS 1 a éascú, is gá an uimhir thagartha seo a lua i ngach mír chumarsáide leis an Aire.
- 5.1.6 Beidh an tÚdarás Rialála freagrach as feidhmiú agus riar na socruithe atá leagtha amach i Mír 5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Féadann an tÚdarás Rialála dul i gcomhairle maidir le haon athrú ar na socruithe seo, má mheastar gur cuí, agus moltaí a thabhairt don Aire má tá an tÚdarás Rialála den tuairim, i ndiaidh dul i gcomhairle, gur chóir na socruithe atá leagtha amach i Mír 5 a athrú. Is é an tAire a dhéanfaidh aon athrú ar Mhír 5 de réir Mhír 1.13 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

5.2 Préimh Ionfhotha 2 threo (nó FIP)

5.2.1 Tá Tacaíocht ORESS 1 struchtúrtha mar FIP

5.2.2 Praghas Ceangail

Éileofar ar gach Iarratasóir Incháilithe Praghas Tairisceana a shainiú dá dTionscadal ORESS 1 i gCeant ORESS 1. Má éiríonn leo i gCeant ORESS 1, is é an Praghas Tairisceana seo 'praghas ceangail' an Iarratasóra Incháilithe a úsáidfear chun an FIP a shocrú do Thionscadal ORESS 1 (an "**Praghas Ceangail**").

[[The Strike Price will be constant over the term of the ORESS 1 Support and will not be indexed or adjusted for inflation.] / [With effect from the Commencement Date of the ORESS 1 Project, [[●]% of] the Strike Price will be adjusted on an annual basis (ie, twelve months from the Commencement Date and each period of twelve months thereafter) by reference to the annual increase (if any) in the CPI, [subject to an overall annual indexation rate cap of [2%]]].

5.2.3 Praghas Tagartha Margaidh

Maidir le Tionscadail ORESS 1, is é an Praghas DAM uaire (an "**Praghas Tagartha**

Margaidh") a úsáidfear chun an FIP a shocrú.

D'fhéadfaí oiriúnacht úsáid an Phraghas DAM chuige seo a athbhreithniú ó am go chéile. Más amhlaidh go mbeidh athruithe ar dhálaí margaidh agus de thoradh orthu nach oiriúnach ná indéanta a thuilleadh úsáid Praghas DAM chun Praghas Tagartha Margaidh a ríomh, socrófar ar rogha eile a bheidh oiriúnach agus indéanta.

5.2.4 Tuartha Bliantúla

Ríomhfar Tacaíocht ORESS 1 ar bhonn bliantúil bunaithe ar thuartha agus réiteoidh an tÚdarás Rialála í i ndiaidh na Bliana Tobhach PSO dár gcionn.

5.2.5 Léargas Ginearálta ar na Socruithe chun Airgead RESS PSO a ríomh

Ríomhfar an FIP de réir socruithe a fhorbróidh an tÚdarás Rialála a chuirfidh costais i gcomparáid le hioncain mhargaidh (i ngach cás mar atá cur síos breise orthu thíos). Sa chás gur mó na costais ná ioncain mhargaidh, tiocfaidh íocaíochtaí ón PSO i dtreo Sholáthraí an PPA 1. Sa chás gur mó ioncain mhargaidh ná costais, tiocfaidh íocaíochtaí ó Sholáthraí PPA do Thionscadal ORESS 1 i dtreo an PSO. I dtéarmaí ginearálta, is ionann costais agus Praghas Ceangail Tionscadal ORESS 1 á bhfeidhmiú ar Chainníocht RESS de réir méadair agus coigeartaithe de réir cailteanais agus is ionann ioncain mhargaidh agus ioncain fuinnimh mheasta agus na hioncain acmhainne réadaithe a bhaineann le Tionscadal ORESS 1. Tá cur síos níos mine ar an bpróiseas seo thíos.

Tá cur síos ar an FIP mar "dhá threo" óir nuair is mó costais ná ioncain mhargaidh beidh íocaíocht Tacaíochta dlite ag an Soláthraí agus nuair is mó ioncain mhargaidh ná costais beidh íocaíocht Tacaíochta dlite ón Soláthraí.

Is ar mhaithe le cur síos ar mhéid iarbhír na hÍocaíochta Tacaíochta agus na hÍocaíochta Difríochta atá an cur síos i Mír 5.2.5. Forbróidh an tÚdarás Rialála socruithe chun na hÍocaíochtaí Tacaíochta agus na hÍocaíochtaí Difríochta a chainníochtú, de réir an Achta agus an Ordaithe PSO.

An Soláthraí a ríomhfaidh an FIP ar bhonn uair an chloig agus ríomhfar é dáiríre i leith ioncain mheasta fuinnimh bunaithe ar Chainníocht RESS de réir méadair agus coigeartaithe de réir cailteanais Tionscadal ORESS 1 á chur i bhfeidhm ar an

bPraghas Ceangail agus ar Chainníocht RESS de réir méadair agus coigeartaithe de réir caillteanais Tionscadal ORESS 1 á chur i bhfeidhm ar an bPraghas Tagartha Margaidh. Go sonrath:

- I leith uaireanta:

- (a) inar mó an Praghas Ceangail agus é iolraithe faoi Chainníocht RESS de réir méadair agus coigeartaithe de réir caillteanais

ná

- (b) an Praghas Tagartha Margaidh agus é iolraithe faoi Chainníocht RESS de réir méadair agus coigeartaithe de réir caillteanais.

ansin, más ionann, nó más mó, an Praghas DAM ná náid euro in aghaidh an MWh, beidh an soláthraí i dteideal íocaíocht a fháil ar ionann é agus (a) lúide (b), nó beidh sé i dteideal íocaíocht dar suim náid (an "**Íocaíocht Tacaíochta**") agus

- I leith uaireanta:

- (a) inar mó an Praghas Tagartha Margaidh agus é iolraithe faoi Chainníocht RESS de réir méadair agus coigeartaithe de réir caillteanais.

ná

- (b) an Praghas Ceangail agus é iolraithe faoi Chainníocht RESS de réir méadair agus coigeartaithe de réir caillteanais

beidh iallach ar an Soláthraí íocaíocht a dhéanamh ar ionann í agus (b) lúide (a) (an "**Íocaíocht Difríochta**").

Ní chuirfear san áireamh costais acmhainne margaidh (lena n-áirítear, chun amhras a sheachaint, aon oibleagáid chostais de chuid Thionscadal ORESS 1 a bhaineann le neamhfheidhmíocht faoi rogha iontaofachta CRM). Laghdaíonn ioncaim acmhainne mhargaidh (mar is infheidhme) an Íocaíocht Tacaíochta nó méadaíonn siad Íocaíocht

Difríochta na bliana Tobhach PSO.

Chun amhras a sheachaint, ní mheasfar DS3 agus ioncaim shrianta mar ioncaim mhargaidh agus, mar sin de, ní chuirfear san áireamh iad i ríomh Íocaíochtaí Tacaíochta ná Íocaíochtaí Difríochta.

Is tríd an Tobhach PSO a mhaoiníofar an ghlandifríocht idir comhiomlán Íocaíochtaí Tacaíochta agus Íocaíochtaí Difríochta le linn na bliana Tobhach PSO atá i gceist. Chun amhras a sheachaint, mar sin de, beidh bunús reachtúil le híocaíochtaí faoin FIP faoi mar atá cur síos orthu sna Téarmaí agus Coinníollacha seo ach ní eascróidh siad ó chonradh de bhun na dTéarmaí agus Coinníollacha seo.

5.2.6 Réiteach Bliantúil

Beidh an TSO freagrach as aisíoc agus bailiú na glandifríochta idir comhiomlán Íocaíochtaí Tacaíochta agus Íocaíochtaí Difríochta le linn na bliana Tobhach PSO atá i gceist. Cuirfear san áireamh sna dualgais seo, inter alia, tuar an Údarás Rialála i leith an leibhéil íocaíochtaí leis agus ó na Soláthraithe a bhfuil PPA ORESS 1 acu agus réiteach chun diallta idir tuartha agus torthaí iarbhír ginte, fachtóirí cailteanais, Praghsanna DAM agus aon fhachtóir eile a chuireann le ríomh an leibhéil íocaíochtaí, de réir mar is gá, a choigeartú.

Tá cur síos faoi láthair ar na socruithe chun Tobhach PSO a áireamh do RESS sa Pháipéar Cinnteoireachta ar "*Socruithe chun Tobhach PSO a Ríomh: Scéim Thacaíochta Leictreachais In-athnuaite agus Pacáiste Fuinnimh Ghlain*" (tagairt CRU/21/045) (ach chun amhras a sheachaint, d'fhéadfadh sé go n-athródh an tÚdarás Rialála na socruithe seo ó am go chéile).

5.2.7 Íocaíochtaí ó Sholáthraithe leis an PSO

Más amhlaidh gur diúltach atá an ghlanuim thuartha i leith PPA ORESS 1 maidir le bliain Tobhach PSO i ndiaidh coigeartú réitigh, beidh iallach ar an Soláthraí ar páirtí é de chuid an PPA ORESS 1 íocaíochtaí míosúla a dhéanamh le linn na chéad bhliana eile Tobhach PSO leis an TSO seachas íocaíochtaí a fháil.

Más amhlaidh, ag deireadh théarma na Tacaíochta ORESS 1 do Thionscadal

ORESS 1 nó i ndiaidh do Thionscadal ORESS 1 imeacht ó ORESS 1 de bhun na bhforálacha san Téarmaí agus Coinníollacha seo, léirítear sa réiteach deiridh go bhfuil suim le híoc ag an Soláthraí, is de chomhfhreagracht agus de fhreagracht iomadúil an tSoláthraí agus an Ghineadóra a bheidh sí. Bainfidh an fhoráil seo leis an Tionscadal ORESS 1 beag beann ar úinéireacht an Tionscadail ORESS 1 i ndiaidh na bliana deiridh de Thacaíocht ORESS 1.

5.3 PSO

5.3.1 Ag am sannta roimh thús na Bliana Tobhach PSO, tá iallach ar gach Soláthraí a chur in iúl d'Údarás Rialála aon Ghineadóra a bhfuil PPA ORESS 1 déanta acu leo, cé a bhfaighidh siad Íocaíochtaí ORESS 1 ar a son (agus más infheidhme, íocaíochtaí a dhéanamh ar a son) sa Bhliain Tobhach PSO atá chugainn. Is é an tÚdarás Rialála a thabharfaidh faoi aon fhreagra nó ceist ó Sholáthraithe go díreach maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil ag an Údarás Rialála roimh an mBliain Tobhach PSO.

5.3.2 Is ansin a ríomhfaidh an tÚdarás Rialála an méid Tacaíocht ORESS 1 don chéad bhliain Tobhach PSO eile ar bhonn na faisnéise a thabharfar dó ó Sholáthraithe agus faisnéis ábhartha eile atá, dar leo, riachtanach. Níl incháilithe ar Íocaíochtaí ORESS 1 a fháil agus a thabhairt sa bhliain Tobhach PSO bhainteach ach Tionscadail ORESS 1 (a) a chomhlíonann gach oibleagáid faoin gComhaontú Feidhmiúcháin agus na Téarmaí agus Coinníollacha seo, agus (b) a chuir Soláthraithe in iúl don Údarás Rialála agus atá san áireamh sa ríomh bainteach PSO ag an Údarás Rialála.

5.3.3 Ar bhonn bliantúil, go comhthráthúil le Bliain Tobhach PSO a thosaíonn ar 1 Deireadh Fómhair, foilseoidh an tAire ionstraim reachtúil (an "**I.R. PSO**") ina bhfuil liosta de Thionscadail ORESS 1 atá incháilithe ar íocaíochtaí PSO sa chéad bhliain Tobhach PSO eile. Ní féidir íocaíochtaí a dhéanamh ach amháin go bhfuil an Tionscadal ORESS 1 liostaithe san I.R. PSO sa chéad bhliain Tobhach PSO eile agus san áireamh ag an Údarás Rialála sa chinneadh Tobhach PSO. Cuimseofar Tionscadail ORESS 1 san I.R. PSO (a) nuair a chuireann siad isteach iarratas go gcuimseofar iad, (b) nuair a léiríonn siad, agus an tAire sásta, go bhfuiltear ag dúil leo giniúint le linn na chéad bhliana Tobhach PSO eile agus (c) tá gach critéar eile eile comhlíonta acu faoi mar atá socraithe ag an Aire. Is de chúram pháirtithe PPAanna ORESS 1 (.i. na Gineadóirí agus Soláthraithe bainteacha) a chinntiú go dtugann Soláthraithe faisnéis thráthúil don Údarás Rialála gach bliain de réir na n-amlínte a shonraíonn an tÚdarás Rialála ó am go chéile.

5.4 PPA ORESS 1

5.4.1 Ní páirtí de chuid PPA ORESS 1 é an tAire. Is socrú idirbheartaithe ar bhonn tráchtála é idir an Soláthraí bainteach agus an Gineadóir a fhreagraíonn don Iarratasóir Rathúil.

5.4.2 Cuirfidh an Soláthraí nó cibé a thiocfaidh i gcomharbas orthu in iúl i bhfoirm scríofa aon fhoirceannadh nó éag PPA ORESS 1 ar toradh dó an PPA ORESS 1 stad de bheith ag feidhmiú go hiomlán nó sannfar é don Aire agus don Údarás Rialála láithreach. Stadfaidh Soláthraí d'aon teidlíocht a bheith acu ar Íocaíochtaí Tacaíochta amach anseo le héifeacht ó dháta fhoirceannadh nó éag an PPA ORESS 1, nó ar an dáta a stadann an PPA ORESS 1 de bheith ag feidhmiú go hiomlán, ach beidh de cheart aige Íocaíochtaí Tacaíochta agus aon íocaíocht réitigh atá dlite dó a fháil (agus an oibleagáid Íocaíochtaí Difríochtaí agus íocaíochtaí réitigh a íoc) i leith na tréimhse a fhad lena leithéid de dháta foirceanta nó éaga, de réir mar is cuí.

Murar aistríodh an PPA ORESS 1 go dtí Soláthraí eile de réir Mhír 5.4.3 (nó sa chás gur tharraing an Tionscadal ORESS 1 siar ó ORESS 1 de réir 5.4.5) beidh oibleagáid fós ar an Soláthraí reatha as Íocaíochtaí Difríochta a eascraíonn as oibriocht i ndiaidh fhoirceannadh nó éag an PPA ORESS 1 agus aon íocaíocht réitigh. Cuirfidh páirtithe PPA ORESS 1 in iúl don Aire agus don Údarás Rialála láithreach i bhfoirm scríofa má tá sé beartaithe ag Tionscadal ORESS 1 atá faoi réir PPA ORESS 1 stad d'oibriú nó má stadann sé d'oibriú in aon Bhliain Tobhach PSO nó ar feadh cibé achar ama den PPA ORESS 1 atá fágtha.

5.4.3 Ar iarratas an Ghineadóira agus le cead scríofa roimh ré ón Údarás Rialála, féadann an Gineadóir PPA ORESS 1 nua a shocrú mura bhfuil an chéad Soláthraí in ann a n-oibleagáidí a chur chun gnímh faoin gcéad PPA ORESS 1 nó faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus má chomhlíonann an PPA nua na Téarmaí agus Coinníollacha seo sa chuid eile de thréimhse an chéad PPA ORESS 1. Glacfaidh an Soláthraí nua dliteanas as aon Íocaíocht Difríochta nár íocadh agus as íocaíochtaí réitigh nár íoc an chéad Soláthraí i leith na tréimhse roimh an dáta ar cuireadh an t-athrú Soláthraí i bhfeidhm. Más amhlaidh go gcomhlíonann an Gineadóir agus an Soláthraí na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus má fhoirceanntar PPA ORESS 1 an Ghineadóira ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an nGineadóir, nó aon ghineadóir a thiofadh i gcomharbas air, orthu, féadann an Gineadóir, le cead roimh ré an

Údaráis Rialála, dul i gceann PPA ORESS 1 nua le Soláthraí nua a fhad is go bhfuil an PPA ag comhlíonadh na dTéarmaí agus Coinníollacha seo don chuid eile de théarma an chéad PPA ORESS 1.

5.4.4 Nuair a chuimsítear Tionscadal ORESS 1 in Ordú PSO agus is frithpháirtí é Soláthraí i dTionscadal ORESS 1, féadann an tAire agus an tÚdarás Rialála, faoina ndiscreid féin, a leithéid de Thionscadal ORESS 1 a chuimsiú san I.R. PSO agus Ordú PSO i leith Blianta Tobhach PSO atá le teacht beag beann ar iarratas ag a leithéid de ORESS 1 a bheith in PSO na bliana sin, a fhad is nár tharraing a leithéid de ORESS 1 siar de réir Mhír 5.4.5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

5.4.5 A fhad is go ngnóthaíonn an Tionscadal ORESS 1 Oibríocht Tráchtála faoin Dáta Fadstoptha de réir an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin agus go sásaíonn sé aon oibleagáid nó gach oibleagáid chun Íocaíochtaí Difríochta agus íocaíochtaí réitigh a íoc faoi ORESS 1, féadann an Gineadóir a iarraidh go dtarraingeofar siar an Tionscadal ORESS 1 ó ORESS 1 agus an Tionscadal ORESS 1 a thabhairt chun an mhargaidh oscailte gan teidlíochtaí Íocaíochtaí Tacaíochta ná oibleagáidí Íocaíochtaí Difríochta trí fhógra scríofa 12 mhí ar a laghad roimh ré a thabhairt ar dháta na tarraingthe siar don Aire. Ní mór gurb é an chéad lá de Bhliain Tobhach PSO an dáta aistarraingthe. Ní mór don Ghineadóir fianaise a chur isteach go n-aontaíonn Soláthraí an PPA ORESS 1 sin tarraingt siar ó ORESS 1. Ceadófar an t-iarratas ar tharraingt siar má tá gach Íocaíocht Difríochta agus íocaíocht réitigh a bhaineann leis an Tionscadal ORESS 1 íoctha ag an Soláthraí agus má thug an Gineadóir fianaise ar chead scríofa go n-aontaíonn an Soláthraí leis an tarraingt siar ó ORESS 1. Má iarrtar agus má cheadaítear a leithéid de tharraingt siar, beidh na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) Sa litir thairisceana, chomh fada agus a bhaineann sí leis an nGineadóir, lena gcuimsítear aon fhorbróir nó gineadóir amach anseo nó oibriú an Tionscadail ORESS 1 chéanna laistigh d'aon scéim thacaíochta in-athnuaite in Éirinn, stadfar d'aon teidlíocht a bhronnadh ar Thacaíocht ORESS 1 le héifeacht ón dáta fógartha tarraingthe siar agus ní cheadófar aon aisghairm ar an aistarraingt nó athnuachan na Litreach Tairisceana i ndiaidh an dáta atá fógartha óir tá an dáta tarraingthe siar thart; agus
- (b) Chomh fada agus a théann sé i gcion ar aon Soláthraí mar pháirtí de chuid PPA ORESS 1, stadfaidh an Soláthraí de bheith incháilithe ar Thacaíocht ORESS 1 i ndiaidh an dáta fógartha tarraingthe siar ó ORESS 1 a bheith thart

ach coinneofar aon oibleagáid íocaíochta nó teidlíochtaí de chuid an Údaráis Rialála faoin FIP roimh an dáta tarraingthe siar. Beidh an Gineadóir atá ag tarraingt siar freagrach, ar bhonn comhaontaithe agus iomadúil, as aon oibleagáid íocaíochta faoin FIP a thagann de thoradh oibríochta roimh an dáta tarraingthe siar.

5.4.6 Féadann Gineadóir a d'fheidhmigh Comhaontú Feidhmiúcháin agus a fuair Litir Thairisceana fógra a thabhairt don Aire agus don Údarás Rialála nach mian leo a bheith san áireamh san Ordú PSO agus Íocaíochtaí Tacaíochta a fháil agus oibleagáid a bheith orthu Íocaíochtaí Difríochta a thabhairt. A fhad is go dtugtar a leithéid d'fhógra ar a laghad sé mhí roimh an Dáta Stoptha Fada, glactar leis gur bhain an Gineadóir an Tionscadal ORESS 1 amach as ORESS 1 agus gur tugadh an Tionscadal ORESS 1 chun an mhargaidh oscailte gan teidlíochtaí Íocaíochtaí Tacaíochta ná oibleagáidí Íocaíochtaí Difríochta. Maidir leis an Tionscadal ORESS 1 atá tarraingthe siar:

- (a) Ní bheidh sé i incháilithe ar thacaíocht a fháil a bhaineann le haon chomórtas RESS feasta.
- (b) beidh iallach air fós gach oibleagáid a chomhlíonadh faoi mar a bheidh leagtha amach sa Chomhaontú Feidhmiúcháin lena n-áirítear, chun amhras a sheachaint (i) a chinntiú gur ann fós don Urrús Feidhmíochta agus (ii) Oibríocht Tráchtála a ghnóthú faoin Dáta Stoptha Fada;
- (c) beidh sé fós faoi réir forghéilleadh Urrús Feidhmíochta ar aon dul le forálacha an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin;
- (d) beidh cead aige Ráthaíocht Tionscnaimh a iarraidh.

Cuirfidh an tAire an tUrrús Feidhmíochta ar ais chuig Tionscadal ORESS 1 a tharraingítear siar faoi Mhír 5.4.6 de réir théarmaí an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin.

5.4.7 Chun amhras a sheachaint, chun Míreanna 5.4.5 agus 5.4.6 a léirthuisceint, tabharfar suntas don mhéid seo a leanas:

- (a) is discríd é feidhmiú na discríde atá ceadaithe i Míreanna 5.4.5 agus 5.4.6 chun imeacht as ORESS 1 agus dul isteach sa mhargadh oscailte; agus
- (b) an Gineadóir ar páirtí é de chuid an PPA ORESS 1 amháin a dhéanfaidh gach fógra chun aistarraingt ó ORESS 1 faoi réir Litir Thairisceana do Thionscadal ORESS 1. Ar aon dul le Mír 5.4.5, ní mór don Gineadóir fianaise a chur isteach ina fhógra gur thug an Solathraí cead scríofa don aistarraingt ó ORESS 1.

5.4.8 A luaithe a thosaíonn an tréimhse Tacaíocht ORESS 1 i leith PPA ORESS 1, ní ceadmhach an Soláthraí a athrú, ach amháin mar a cheadaítear go sainiúil de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo.

5.5 Méadrú

5.5.1 Is riachtanas de chuid ORESS 1 é go suiteáiltear méadair oifigiúla TSO agus go ndéanann TSO faireachán orthu. Is gá baint a bheith ag Tionscadal ORESS 1 le méid agus le hAcmhainn In-athnuaite shuiteáilte an Tionscadail ORESS 1 (tá an t-íosmhéid agus uasmhéid leagtha amach i Mír 6.3.11 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo). San áit a suiteáiltear giniúint bhreise leictreachais ar Shuíomh Amach ón gCósta níos faide ná an tsolúbthacht a bhforáiltear ina leith i Mír 6.3.11, ní mór é seo a mhéadrú aisti féin seachas sa Tionscadal ORESS 1.

5.5.2 Ní mór an fuinneamh ar fad a ghineann Tionscadal ORESS 1 a sheachadadh mar chuid de mhéadar an Tionscadail ORESS 1 sin. Ní sheachnóidh aon sciar de leictreachas ginte méadar an Tionscadail ORESS 1 sin, ná ní sheachadfar é i bhfoirm eile seachas fuinneamh leictreach.

5.6 Ciorrú

5.6.1 Ar bhonn bliantúil i ndiaidh gach Bliain Tobhach PSO, athbhreithneoidh an tÚdarás Rialála na nithe seo a leanas maidir le gach Tionscadal ORESS 1:

(a) comhiomlán bliantúil MWh de Chainníocht Mhéadraithe na Bliana Tobhach PSO sin;

(b) MWh bliantúil de Chiorrú na Bliana Tobhach PSO sin agus/nó trí mheicníocht eile; agus

(c) $(c) = (b) / ((a) + (b))$.

Más ionann (c), nó má théann sé deich faoin gcéad (10%) níos airde le linn dhá Bhliain Tobhach PSO i leith Tionscadal ORESS 1 ar bith, (an "**Cheist Chiorraithe**"), forbróidh agus feidhmeoidh an tÚdarás Rialála socruithe cúitimh Ciorraithe (na "**Socruithe Ciorraithe Cúitimh**").

5.6.2 Leagfar amach sna Socruithe Ciorraithe Cúitimh an t-áireamh, maidir le Tionscadal ORESS 1 i mBliain Tobhach PSO ar bith, an leibhéal cúitimh breise (más ann dó) atá ar aon dul le leibhéal Ciorraithe, teoranta d'uasmhéid 10% don Tionscadal ORESS 1 an bhliain sin.

Is san fhoirm seo thíos a bheidh an t-áireamh:

$$\text{Cúiteamh} = \text{TQMLF} \times \text{Praghas Ceangail} \times \text{C-Fhachtóir}$$

Nuair is é:

- (a) **TQMLF** Cainníocht Iomlán, Coigeartaithe de réir Cailteanais Tionscadal ORESS 1 sa Bhliain Tobhach PSO (ina MWh);
- (b) **Praghas Ceangail** (mar atá sainmhínithe i Mír 5.2.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo); agus
- (c) **C-Fhachtóir** = $(1 - 0.1) / (1 - (c)) - 1$ más deimhneach, agus seachas sin tá sé socraithe mar náid. Mar shampla:
 - más ionann (c) agus 11% is mó Ciorrú ná 10% agus, mar sin de, baineann cúiteamh don Bhliain Tobhach PSO atá i gceist don Tionscadal ORESS 1 sin ag fachtóir de $0.90 / 0.89 - 1 = 0.01124$,
 - os a choinne sin, más ionann (c) agus 9% is lú Ciorrú ná 10% agus níl aon fhachtóir cúitimh i gceist don Bhliain Tobhach PSO sin don ORESS 1 sin.

5.6.3 Maoineofar aon chúiteamh mar chuid dá leithéid de Shocruithe Cúitimh Ciorraithe tríd an Tobhach PSO.

5.6.4 Beidh a leithéid de Shocruithe Cúitimh Ciorraithe ar fáil i gcomhair iarratais i leith aon Bhliain Tobhach PSO i ndiaidh an dá bhliain dar sainaitníodh an Cheist Chiorraithe ar dtús. Beidh a leithéid de Shocruithe Cúitimh Ciorraithe ar fáil ar an mbonn seo do Thionscadail ORESS ina bhfuil (c) mar a shainmhínítear i Mír 5.6.1 mar an gcéanna le nó 10% níos mó. Mar sin de, d'fhéadfadh cúiteamh fabhrú (más infheidhme), ag tosú ar an gcéad Bhliain Tobhach PSO i ndiaidh an dá bhliain sin dá sainaitnítear an Cheist Chiorraithe ar dtús. Ní fheidhmeofar cúiteamh go siarghabhálach i leith na

mBlianta Tobhach PSO dar sainaithníodh, nó sular sainaithníodh an Cheist Chiorraithe ar dtús.

- 5.6.5 Déanfar cúiteamh (más infheidhme) ar bhonn dhá bhliain ar gcúl, .i. cúiteamh a fhabhraítear i leith Bliain Tobhach PSO y , íocfar é i mBliain Tobhach PSO $y+2$.
- 5.6.6 A luaithe a shainaithnítear (más amhlaidh) Ceist Chiorraithe, beidh na Socruithe Cúitimh Chiorraithe fós i bhfeidhm ar feadh na coda eile den téarma Tacaíocht ORESS 1.
- 5.6.7 An t-aon chuspóir a bheidh le Socruithe Cúitimh Chiorraithe ar bith a fhorbrófar ná tacaíocht a chur ar fáil do Chainníocht Mhéadraithe roimhe seo lena sainmhíneáil Ciorrú, atá níos airde ná an leibhéal 10.0% agus nach gcúitítear ar shlí eile. Chun amhras a sheachaint, ní chuirfear cúiteamh ar fáil má tá Ciorrú á chúiteamh ag páirtí eile agus/nó trí mheicníocht eile.
- 5.6.8 Chun amhras a sheachaint, ní bhaineann Socruithe Cúitimh Chiorraithe le gach laghdú giniúna is gá don Ghineadóir a chur i bhfeidhm - mar shampla, ní bhaineann siad le laghduithe giniúna chun riar ar shrianta gréasáin, srianta áitiúla cobhsaíocht chórais, briseadh seirbhís gineadóra nó tarchurtha, idir bhrúite agus bheartaithe, nó tosca eacnamaíochta amhail, seoladh eacnamaíochta nó praghsanna diúltacha margaidh, ach amháin má tharlaíonn siad ag an am céanna le Ciorrú.
- 5.6.9 Chun amhras a sheachaint, nuair a thagann Ceist Chiorraithe aníos ar aon dul le Mír 5.6.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo do Thionscadal ORESS 1, beidh gach Tionscadal ORESS 1 eile incháilithe ar chúiteamh Chiorraithe (más infheidhme) a ríomhfar de réir na Socruithe Cúitimh Chiorraithe (.i. ní gá do na Tionscadail ORESS 1 eile seo na riachtanais i Mír 5.6.1 a chomhlíonadh chun go mbeidh a leithéid de Thionscadail ORESS 1 incháilithe ar chúiteamh a fháil ar Ciorrú faoi Mhír 5.6 seo).

5.7 Cleachtas Stuama Fóntas Leictreachais agus Infhaighteacht

Ní mór gach Tionscadal ORESS 1 a fheidhmiú de réir Cleachtas Stuama Fóntas Leictreachais chun a chinntiú go bhfuil an Tionscadal ORESS 1 ar fáil chun leictreachas a tháirgeadh nuair a bhíonn sé sách gann agus nuair a bhíonn praghsanna margaidh os cionn an mheáin.

Ní mór do Thionscadail ORESS 1 iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun briseadh

seirbhíse beartaithe a fheidhmiú nuair a bhíonn farasbarr córais ann agus praghsanna margaidh níos ísle ná mar is gnách, ag náid nó nuair a bhíonn siad diúltach.

6 Ceant ORESS 1

6.1 Léargas ginearálta

6.1.1 Beidh Ceant ORESS 1 ar oscailt don Teicneolaíocht Incháilithe.

6.1.2 An TSO a riarfaidh Ceant ORESS 1 de réir na dTéarmaí atá leagtha amach i Mír 9 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

6.1.3 Riarfar Ceant ORESS 1 de réir, i measc nithe eile, na gcéimeanna ardleibhéil seo a leanas:

- (a) glacfaidh an TSO le hlarratais ar Cháiliú;
- (b) seolfaidh larratasóirí a mBannaí Tairisceana tráth nach déanaí na an Dáta Seolta Banna Tairisceana;
- (c) an TSO a dhéanfaidh measúnú ar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i Mír 6.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo do gach larratas ar Incháilitheacht a gheofar;
- (d) an TSO a dhéanfaidh Cinneadh Sealadach ar Incháilitheacht;
- (e) Ullmhaítear Torthaí Deiridhn gach larratasóir Incháilithe Praghas Tairisceana faoi bhráid an TSO; agus
- (f) Rachfar i mbun Ceant ORESS 1 agus ina dhiaidh sin, cuirfear dámhachtainí in iúl d'larratasóirí Rathúla.

6.1.4 Ní mór go mbainfidh larratas ar Incháilitheacht le Tionscadal ORESS 1 amháin ag suíomh amháin Amach ón gCósta.

Féadann larratasóir níos mó ná larratas ar Incháilitheacht amháin a chur isteach, lena n-áirítear ar Thionscadail ORESS 1 a d'fhéadfadh a bheith gar dá chéile a fhad is go gceadaítear seo faoi Chead Amach ón gCósta an larratasóra agus socrúithe ceangail eangaí agus a fhad is go gcomhlíonann gach tionscadal den sórt na Téarmaí agus Coinníollacha uile astu féin. Ní fhéadann Tionscadail ORESS 1 a

bheith comheisiach ar a chéile nó ag brath ar Thionscadail ORESS 1 eile.

Féadann Iarratasóir Iarratas ar Cháiliú ar Thionscadal ORESS 1 atá gar d'áis bhreise ghiniúna leictreachais nach Tionscadal ORESS 1 é a chur isteach (mar shampla áis bhreise ghiniúna leictreachais a dhíolann a aschur faoi chomhaontú corparáideach ceannach cumhachta, nó a dhíolann a aschur leis an SEM, nó tionscadal i gcomórtas RESS amach anseo) a fhad is gur ceadmhach é seo faoi shocruithe Cead Amach ón gCósta agus ceangail eangaí. Mar sin féin, ní mór go gcomhlíonfadh an Tionscadal ORESS 1 na Téarmaí agus Coinníollacha uile as féin. Ní mór go méadrófar an áis bhreise ghiniúna leictreachais ar leithligh de réir Mhír 5.5.

6.2 Spríoc-Thoirt

6.2.1 Tá measúnú eisithe ag an Údarás Rialála leis an Aire a bhaineann leis an gcainníocht bhliantúil GWh d'fhuinneamh in-athnuaite (na "**Toirteanna atá Ar Fáil (AV)**") do gach tionscadal ar féidir iad a bhronnadh go hiomaíoch faoi Cheant ORESS 1. Ríomhadh AV mar $AV = PP / RCR$ nuair:

- (a) is é an chainníocht bhliantúil é an PP atá "Réamh-mheasta chun Páirt a Ghlacadh" ar dtús.
- (b) Is ionann RCR agus "Cóimheas Ionadaíoch Comórtais" a shocraigh an tÚdarás Rialála mar an gcóimheas cuí de sholáthar iomlán ceant in aghaidh éileamh ceant a mheasann an tÚdarás Rialála a bhféadfaí a bheith ag dúil leis gur cheant sách iomaíoch ba thoradh dó.

6.2.2 Tá Cainníocht Uasta Ionadaíoch (RMax) in GWh bliantúil do Cheant ORESS 1 socraithe ag an Aire, ina gcuirtear san áireamh, i measc nithe eile:

- (a) Toirteanna Ar Fáil (AV) faoi mar atá molta ag an Údarás Rialála (maidir le Cainníocht Uasta Ionadaíoch (RMax));
- (b) sprioc 2030 don fhuinneamh in-athnuaite atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide;
- (c) na spriocanna treochta atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide
- (d) sprioc na gcomhaontuithe ceannach cumhacht chorparáideach mar atá leagtha

amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide;

- (e) d'acmhainn shuiteáilte gaoth amach ón gcósta i gClár Rialtais 2020; agus
- (f) ceisteanna cuí eile a bhaineann le beartas.

6.2.3 Socraíodh Caimníocht Uasta Ionadaíoch (RMax) agus Caimníocht Íosta Ionadaíoch (RMin) do ORESS 1 de réir Mhíreanna 6.2.1 agus 6.2.2 (an dá mhír san áireamh) mar seo a leanas:

Tábla 1: RMin agus RMax

RMin	[8,000] GWh
RMax	[11,000] GWh

6.3 Riachtanais Incháilitheachta²

- 6.3.1 Ní mór do gach larratasóir fianaise a chur ar fáil don TSO leis an larratas ar Incháilitheacht gur comhlíonadh na riachtanais incháilitheachta atá leagtha amach i Mír 6.3.
- 6.3.2 Ní mór do gach dearbhú a chuireann stiúrthóir ar fáil a bheith fíor agus cruinn agus déanta de mhionnscribhinn agus aird tugtha ar dhualgais iontaobhaí atá ar stiúrthóir i leith chomhlacht a suíonn siad ar a mbord (nó a chomhionann), i ngach cás faoi reachtaíocht infheidhme dlí cuideachtaí.

Sa chás go bhfuil ráiteas i ndearbhú nach bhfuil fíor nó cruinn, le cois pionóis nó smachtbhannaí infheidhme dlí maidir leis an mionnscribhinn, dícháileofar an Tionscadal ORESS 1 ó ORESS 1 agus beidh toirmeasc ar an larratasóir nó larratasóir Incháilithe a síníonn an stiúrthóir an dearbhú bréagach ar a son ó pháirt a ghlacadh in aon chomórtas RESS go ceann cúig bliana.

Más amhlaidh go bhfaighfear amach go bhfuil dearbhú bréagach roimh nó i ndiaidh Cheant ORESS 1, d'fhéadfaí rannpháirtíocht an Tionscadail ORESS 1 a scor, an Litir Thairisceana a aisghairm (más infheidhme) agus d'fhéadfadh an TSO nó an tAire

² **Nóta Comhairliúcháin:** Ríomhfar figiúirí RMin agus RMax de réir ailt 6.2.1 agus 6.2.2 agus cuirfear san áireamh iad sna T&Cs ceadaithe deiridh.

(cibé is cuí) suim iomlán aon Bhanna Tairisceana nó Urrús Feidhmíochta a tharraingt anuas.

6.3.3 Teicneolaíocht Incháilithe

Osclófar Ceant ORESS 1 do Thionscadail Nua a bhfuil ceangal díreach acu leis an ngréasán leictreachais agus a mhéadraítear go neamhspleách ar aon mhonarcha ghiniúna leictreachais eile agus a úsáideann Gaoth Amach ón gCósta chun leictreachas a ghiniúint (an "**Teicneolaíocht Incháilithe**").

Ní mór fianaise a thabhairt ar Chomhlíonadh Mhír 6.3.3 le faisnéis a chuireann an tIarratasóir isteach ina gcuirtear síos ar an Tionscadal ORESS 1 atá le tógáil agus an trealamh atá le húsáid.

6.3.4 Toilithe Amach ón gCósta

Is gá Toiliú Amach ón gCósta a bheith ag Tionscadail ORESS 1 ag gach céim. Is gá gan dáta éaga a bheith ag Toiliú Amach ón gCósta Tionscadail ORESS 1 ná oibleagáid díchoimisiúnaithe roimh dheireadh ionchais théarma Tacaíocht ORESS 1 do Thionscadal ORESS 1.

Ní mór fianaise ar an Toiliú Amach ón gCósta a bheith san Iarratas ar Incháilitheacht don Tionscadal ORESS 1 atá i gceist. Foilseoidh an TSO na riachtanais fianaise seo sa Phacáiste Faisnéise ar an gCeant.

Tá d'iallach ar Iarratasóir dearbhú a thabhairt ("**Dearbhú ar Thoiliú Amach ón gCósta**", soláthrófar an fhoirm ina gcuirfear ar fáil é sa Phacáiste Faisnéise ar Incháilitheacht):

- (a) go gceadaítear leis an Toiliú Amach ón gCósta agus go bhfuil sé ar aon dul leis an gCainníocht Tairisceana don Tionscadal ORESS 1 atá i gceist, chomh maith leis an gCainníocht Tairisceana d'aon Tionscada(i)l ORESS 1 eile a úsáideann an Toiliú Amach ón gCósta céanna; agus
- (b) Tá an Tionscadal ORESS 1 ar a bhfuil cur síos san Iarratas ar Incháilitheacht ar aon dul, ar gach slí, leis an Tionscadal dá bhfuarthas an Toiliú Amach ón gCósta.

Is ceadmhach mionleasuithe ar Thoilithe Amach ón gCósta i ndiaidh cur isteach an larratais ar Incháilitheacht, a fhad is nach bhfuil athruithe ar bith de dhíth ar an bhfaisnéis a shainítear i Mír 6.3.9.

6.3.5 Measúnú Nasctha³

[•]

6.3.6 Inmhaoinitheacht

Ní mór go mbeidh an Tionscadal ORESS 1 inmhaoinithe faoi na Téarmaí agus Coinníollacha agus ag an bPraghas Tairisceana atá le cur isteach ag an larratasóir Incháilithe. Sa chomhthéacs seo, is é is brí le "inmhaoinithe" go bhfaighfear léirithe spéise ó infheisteoirí nó ó mhaoinitheoirí go soláthróidh siad an maoiniú a bheidh de dhíth chun an Tionscadal ORESS 1 a thógáil agus a oibriú, nó go bhfuil a sáith maoiniú cothromais ag an larratasóir chun an Tionscadal ORESS 1 a thógáil agus a oibriú, más amhlaidh go bhfaighidh sé Dámhachtain.

Ní mór fianaise ar dhearbhú stiúrthóra a bheith i gceist leis an riachtanas seo a chomhlíonadh ("**Dearbhú Inmhaoinitheachta**") go bhfuil a sáith maoiniú cothromais ag an Tionscadal ORESS 1 nó léirithe spéise ó infheisteoirí nó ó mhaoinitheoirí chun maoiniú a chur ar fáil más amhlaidh go bhfaighidh an Tionscadal ORESS 1 Dámhachtain.

Maidir le Tionscadail ORESS 1 a bhfuil sé beartaithe acu maoiniú fiachais a úsáid, ní mór go maífead go follasach sa dearbhú maidir leis an larratasóir: (a) go bhfuil a sáith maoiniú cothromais acu don sciar maoinithe neamhfhiachais den mhaoiniú nó gealltanais ó infheisteoirí maoiniú cothromais den sórt a chur ar fáil agus (b) léirithe spéise ó iasachtóirí gur chóir go bhfaigheadh an Tionscadal ORESS 1 an maoiniú fiachais atá de dhíth chun an Tionscadal ORESS 1 a thógáil agus a oibriú.

Meabhraítear d'larratasóirí nach leithscéal é nach féidir a sáith maoiniú fiachais a fháil gan a oibleagáidí a fheidhmiú mar larratasóir Rathúil nó as aon iarmhairtí airgeadais as neamhfheidhmíocht. Chun amhras a sheachaint, is gealltanais daingean é Tairiscint ag larratasóir Incháilithe chun Tionscadal ORESS 1 a fhorbairt mar atá mionsonraithe san larratas ar Cháiliú gan aon teagmhas bunaithe ar

³ **Nóta Comhairliúcháin:** Beidh ar iarratasóirí fianaise a chur ar fáil gur shroich siad pointe áirithe sa phróiseas nasctha eangaí amach ón gcósta, atá á fhorbairt faoi láthair ag an CRU, agus dá ngairtear 'Measúnú Nasctha'.

mhaoiniú a aimsiú.

6.3.7 Riachtanais Tionscadail Nua

Ní mór go gcomhlíonfaidh an Tionscadal ORESS 1 riachtanais Tionscadal Nua. Is é an fhianaise is gá i leith an riachtanais seo dearbhú stiúrthóra ("**Dearbhú Tionscadal Nua**") go gcomhlíonann an Tionscadal ORESS 1 critéir Tionscadal Nua. D'fhéadfadh an Tionscadal ORESS 1 a bheith faoi réir iniúchadh de chuid an Aire agus / nó an TSO (nó a gcuid ainmnithe nó gníomhairí) agus a léiriú go bhfuil na riachtanais seo comhlíonta d'fhonn páirt a ghlacadh in ORESS 1.

6.3.8 Neamhspleáchas Iarratasóra

Éilítear ar Iarratasóir an fhaisnéis agus / nó na dearbhuithe seo a leanas a chur ar fáil (le chéile, an "**Dearbhú ar Neamhspleáchas Tairisceana**") chun go mbeifí incháilithe ar pháirt a ghlacadh sa Cheant ORESS 1 (na foirmeacha ar a bhfuil an fhaisnéis agus / nó na dearbhuithe le cur ar fáil, cuimseofar iad sa Phacáiste Faisnéise ar Incháilitheacht):

- (a) dearbhú go gcomhlíonann an Iarratasóir an reachtaíocht iomaíochta incháilithe ar fad;
- (b) liosta de gach duine a bhfuil seilbh nó rialú, díreach nó indíreach, acu ar níos mó ná 10% de scaireanna an Iarratasóra (na "**Príomh-Úinéirí**"). Cuirfidh an Iarratasóir ar fáil fosta cairt deimhnithe struchtúir ar a léirítear úinéireacht an Iarratasóra a fhad le leibhéal an úinéara tairbhiúil deiridh;
- (c) liosta de gach eintiteas (i) dar nocht an Iarratasóir nó a Phríomh-Úinéirí Faisnéis Phraghsála, gan aon soláthraí airgeadais san áireamh ná comhairleoir atá faoi laicisí rúndachta a chuireann srian ar nochtadh Faisnéis Phraghsála den sórt (a fhad is nach Iarratasóir ná Príomh-Úinéir ná Cleamhnaí iad de chuid an Iarratasóra) agus / nó (ii) a bhféadfaí Príomh-Úinéir de chuid an Iarratasóra a dhéanamh díobh roimh Dháta Deiridh Aighneacht Cheant ORESS 1, a fhad is gur cuireadh tús le plé tráchtála idir a leithéid d'eintiteas (nó eintitis) agus an Iarratasóir chun faisnéis a fháil óna Phríomh-Úinéirí;
- (d) liosta de gach eintiteas eile (i) a gcreideann an Iarratasóir nó a Phríomh-

Úinéirí gur chuir nó go mb'fhéidir gur chuir siad larratais ar Incháilitheacht isteach agus (ii) a bhfuil an tIarratasóir nó a Phríomh-Úinéirí eolach ar Fhaisnéis Phraghsála ina leith, agus na Tionscadail ORESS 1 lena mbaineann an Fhaisnéis Phraghsála. Is de chúram an Iarratasóra é faisnéis a fháil óna Phríomh-Úinéirí.

- (e) liosta ina gcuirtear síos ar an bpáirtí agus nádúr aon chomhaontú nó socrú a bhfuil an tIarratasóir nó a Phríomh-Úinéirí eolach air agus a bhraitheann ar thoradh an Cheant ORESS 1. Is de chúram an Iarratasóra é faisnéis a fháil óna Phríomh-Úinéirí.

Tá d'iallach ar Iarratasóir dearbhú stiúrthóra a chur ar fáil maidir le cruinneas na faisnéise ar fad a chuirtear ar fáil leis an Mír 6.3.8 seo.

Cuirfidh an TSO an fhaisnéis ar aghaidh chuig an Údarás Rialála agus chuig an Aire agus is féidir í a úsáid i measúnú iomaíochta an Údaráis Rialála.

Mar atá amhlaidh ag Dáta Deiridh Aighneacht Cheant ORESS 1, beidh d'iallach ar Iarratasóir Incháilithe a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis ar fad a cuireadh ar fáil leis an Mír 6.3.8 seo fós fíor agus ceart ar an uile shlí le linn na Ré Aithrí agus ar aon dul le Mír 6.6.1 agus Mír 9.2.6, is í an t-aon eisceacht aon fhaisnéis dar faomhadh agus lenar glacadh athrú stádais nó athrú na faisnéise féin i scríbhinn ag an TSO le linn na ré aithrí - mar shampla i gcás athrú ar shonraí teagmhála de bhun Mhír 6.3.10.

Má athraíodh na Príomh-Úinéirí agus / nó an chairt struchtúir idir dáta cur isteach an Iarratais ar Incháilitheacht agus dáta cur isteach an Phraghas Tairisceana, léireoidh an tIarratasóir é seo agus cuirfear ar fáil cairt struchtúir nuashonraithe ar a léireofar úinéireacht an Iarratasóra a fhad le leibhéal an úinéara thairbhiúil deiridh. Is gá gur eintiteas a liostaigh an tIarratasóir ina nIarratas ar Incháilitheacht é aon Phríomh-Úinéir nua, ar aon dul le Mír 6.3.8(c).

6.3.9 Faisnéis eile

Le cois na faisnéise agus na riachtanas ar a bhfuil cur síos i Míreanna 6.3.1 go 6.3.8 (iad uile san áireamh) ar na Téarmaí agus Coinníollacha, chun go mbeifí incháilithe ar ORESS 1, ní mór d'Iarratasóirí an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil san Iarratas ar Incháilitheacht:

- (a) ainm dleathach agus seoladh cláraithe nó seoladh phríomháit ghnó an larratasóra. Is gá gurb é an tIarratasóir Gineadóir molta an Tionscadail ORESS 1;
- (b) liosta de gach eintiteas a bhfuil leas úinéireachta nó cothromais acu sa Tionscadal ORESS 1 agus an fhaisnéis chéanna de dhíth i bparagraf (a) thuas i leith gach eintiteas den sórt;
- (c) ainm an duine aonair atá ag ullmhú an Iarratais ar Incháilitheacht;
- (d) deimhniú go gcomhlíonfaidh an tIarratasóir na Téarmaí agus Coinníollacha seo;
- (e) deimhniú go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil ag an Iarratasóir fíor agus cruinn ar an uile shlí;
- (f) admháil go bhfuil d'údarás, ar chúiseanna riarachán ORESS 1, ag an Aire faisnéis a bhaineann leis an Iarratasóir agus leis an Tionscadal ORESS 1, a cuireadh ar fáil san Iarratas ar Incháilitheacht, dul i dteagmháil leis an Iarratasóir, an tÚdarás Rialála, an TSO agus leis an SEMO chun feidhmiú cuí an ORESS 1 a chinntiú agus chun cruinneas na faisnéise a chuimsítear san ionstraim reachtúil a chinntiú i leith an Tobhaigh PSO don Bhliain Tobhach PSO chuí;
- (g) admháil gurbh é an tIarratasóir a d'íoc as ullmhú an Iarratais ar Incháilitheacht agus nach bhfuil aon fhreagracht ná dliteanas ar an TSO ná ar an Aire as aon chostas a thabhaíonn an tIarratasóir maidir leis an Iarratas ar Incháilitheacht;
- (h) cur síos ar an trealamh fuinnimh in-athnuaite a úsáidfear sa Tionscadal ORESS 1;
- (i) cur síos ar mhéid fhoriomlán na monarchan .i. rátáil fhoriomlán suiteála (ainmchlár) don Tionscadal ORESS 1 agus a Chainníocht Tairisceana á cur in iúl ina MW go trí phointe de dheachúlacha;
- (j) an MEC Ionchais; agus
- (k) deimhniú nach n-iarrfar Ráthaíocht Tionscnaimh i leith aschur an Tionscadail

ORESS 1 ar aon dul le hlonstraim Reachtúil 483 de 2014.

Ar aon dul le hlonstraim Reachtúil 483 of 2014, nuair a gheobhaidh Tionscadal ORESS 1 Ráthaíocht Tionscnaimh i gcomhair aonad fuinnimh in-athnuaite, ní íocfar aon Íocaíocht Tacaíochta nó Íocaíocht Difríochta don aonad céanna leictreachais agus tarraingeoidh an tAire siar Tionscadal ORESS 1 (agus ní bheidh sé incháilithe ar fhilleadh ar ORESS 1).

6.3.10 Próiseas i gComhair Athrú Sonraí Teagmhála agus/nó Stiúrthóirí

Is ceadmhach ainm comhlachta an Iarratasóra, a stiúrthóirí cláraithe, a sheoladh a athrú agus/nó na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Iarratasóra le linn na Ré Aithrí, faoi réir na bhforálacha seo a leanas:

- (a) Ní mór athruithe ar ainm Iarratasóra, stiúrthóirí cláraithe, agus/nó a sheoladh a chur in iúl de dhearbhú stiúrthóra agus is gá admháil athrú foirmiúil ón CRO a bheith ag gabháil leis; agus
- (b) Ní mór athruithe ar dhaoine údaraithe, a chur in iúl de dhearbhú stiúrthóra agus, más gá. admháil athrú foirmiúil ón CRO a bheith ag gabháil leis má bhaineann sé le stiúrthóir nua.

6.3.11 Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte an Tionscadail ORESS 1

Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte Íosta

Ní mór do Ghineadóirí a léiriú mar choinníoll don Oibríocht Tráchtála go bhfuil Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte an Tionscadail ORESS 1 ag 90% ar a laghad den Chainníocht Tairisceana a glacadh isteach san ORESS 1 (an "**Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte Íosta**").

Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte Uasta

Féadann Tionscadal ORESS 1 róshuiteáil a dhéanamh os cionn a MEC má cheadaítear róshuiteáil de bhun pháipéar cinnidh an Údaráis Rialála (tag: CER/14/047) ("**Páipéar Cinnidh RA 14/047**") a fhad is go gcomhlíonann an Tionscadal ORESS 1 fós na Téarmaí agus Coinníollacha seo lena n-áirítear Mír

6.3.12. In aon chás ní rachaidh Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte an Tionscadail ORESS 1 thar 120% den Chainníocht Tairisceana ar glacadh léi san ORESS 1.

6.3.12 Acmhainn Easpórtála Uasta agus Cainníocht Tairisceana

I ngach cás ní féidir an Chainníocht Tairisceana a bheith níos mó ná an MEC ionchais agus (2) ní mór di ailíniú leis an acmhainn easpórtála uasta atá sainaitheanta in iarratas Tionscadal ORESS 1 i gcomhair cead pleanála (má cuireadh a leithéid d'iarratas faoi bhráid An Bord Pleanála).

Más amhlaidh gur ann do róshuiteáil a bhaineann le MEC i gcomhair Tionscadal ORESS 1 de bhun Mhír 6.3.11:

- (a) Ní mór go rialófar an Tionscadal ORESS 1 go teicniúil lena chinntiú nach féidir dul thar an MEC;
- (b) Ní mór don Soláthraí lena ndéanann an tIarratasóir Rathúil ORESS 1 PPA fianaise a chur ar fáil den rialú teicniúil seo don Údarás Rialála nuair a dhéanann siad a dtuairisceáin bhliantúla; agus
- (c) Ní mór don Iarratasóir Rathúil a ghealladh i scríbhinn gan MEC Thionscadal ORESS 1 a ardú le linn thréimhse Thacaíocht ORESS 1. Ní mór aon mhéadú ar MEC le linn thréimhse Thacaíocht ORESS 1 a aontú leis an Aire agus leis an Údarás Rialála. Áirítear leis seo modheolaíocht i gcomhair socruithe cuí méadraithe chun giniúint a thaifeadadh ag an suíomh Amach ón gCósta a bheadh os cionn na hacmhainne a fhaomhtar do Thacaíocht ORESS 1.

6.3.13 Banna Tairisceana

- (a) Ní mór do gach Iarratasóir Banna Tairisceana a chur ar fáil don TSO faoin Dáta Postála Banna Tairisceana ar aon dul le Mír 9.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Is é €[7] per MWh an luach Banna Tairisceana in ORESS 1 nuair is é an Chainníocht Fuinnimh Mheasta an luach MWh don Tionscadal ORESS 1 a ríomhtar de bhun Mhír 6.6.4 agus a iolraítear faoi 1,000 chun coinbhéartú ó GWh go MWh ("**Méid Riachtanach an Bhanna Tairisceana**") Mar shampla, €7/MWh x 500 MW x 8760 uair x 0.45 Fachtóir Acmhainn In-

athnuaithe = €13,797,000 an Banna Tairisceana a bheadh ag tionscadal Gaoth Amach ón gCósta 500 MW.

- (b) Féadann an TSO tarraingt ar an mBanna Tairisceana sna tosca atá leagtha amach i Míreanna 6.6.3, 8.2 agus 9.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Ní fheidhmeofar eisceachtaí ar bith ar fhorálacha forghéillte lena n-áirítear i leith aon imeachtaí a n-éilítear ina leith go bhfuil siad lasmuigh de smacht an Iarratasóra.

6.4 Cóimheas Comórtas Deiridh

Tabharfaidh an TSO na Torthaí Incháilitheachta don Údarás Rialála, lena n-áirítear aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil a bhaineann le hlarratais ar Incháilitheacht atá de dhíth ar an Údarás Rialála amhail faisnéis a bhaineann le comhúinéireacht nó le gnéithe eile de Neamhspleáchas Iarratasóra. Chun amhras a sheachaint, ní chuirtear san fhaisnéis seo Praghsanna Tairisceana óir ní chuirtear faoi bhráid an TSO iad faoin am seo.

Is ansin a shocróidh an tÚdarás Rialála an cóimheas comórtas deiridh "**Cóimheas Comórtas Deiridh**" ("**FCR**") ag cur san áireamh torthaí anailís iomaíoch a dhéanfaidh an tÚdarás Rialála ar na sonraí thuasluaite. San anailís iomaíoch a dhéanfaidh an tÚdarás Rialála chuige seo, d'fhéadfaí gnéithe áirithe a mheas, lena n-áirítear leithdháileadh úinéireachta agus rialú comhroinnte, ceistanna faoi sholáthraí ríthábhachtach, ceistanna eile a bhaineann le dlús margaidh, agus gnéithe eile ar dóigh leis an Údarás Rialála as féin, a bheith iomchuí. Is é an tÚdarás Rialála a fhoilseoidh an Cóimheas Comórtas Deiridh roimh na hlarratasóirí Incháilithe Praghsanna Tairisceana a chur isteach ach amháin go socróidh an tÚdarás Rialála nach bhfuil go leor iomaíochta ann chun ceant a eagrú. Sa chás seo, foilseofar ráiteas chuige seo roimh Dháta Deiridh Aighneachta Cheant ORESS 1.

6.5 [Níor Úsáideadh]

6.6 An Próiseas Tairisceana

- 6.6.1 Iarrfar ar Iarratasóirí Incháilithe Praghsanna Tairisceana a chur isteach (ina €/MWh) i leith a dTionscadal ORESS 1. Ní mór an Praghsanna Tairisceana a chur isteach roimh Dháta Deiridh Aighneachta Cheant ORESS 1.

Ina Thairiscint, ní mór don Iarratasóir Incháilithe a dheimhniú (faoi réir Mhír 6.3.8 agus Mhír 6.3.10) gur fíor agus cruinn fós an fhaisnéis a cuireadh ar fáil san Iarratas ar Incháilitheacht ar an uile shlí le linn na Ré Aithrí agus gur fíor agus cruinn fós í ar an uile shlí faoin dáta aighneachta. Is é an t-aon eisceacht amháin aon fhaisnéis ar fhaomh, agus ar ghlac i scríbhinn, an TSO athrú stádais nó athrú na faisnéise féin, ina leith laistigh den Ré Aithrí - mar shampla athrú sonraí teagmhála de bhun Mhír 6.3.10.

Ina Thairiscint, ní mór don Iarratasóir Incháilithe an Ceistneoir Airgeadais atá in Iarscríbhinn B a chomhlánú agus a chur isteach agus ní mór gur fíor agus cruinn an fhaisnéis tráth a gcuirtear isteach iad atá sa Cheistneoir Airgeadais.

Más amhlaidh nach fíor ná cruinn an fhaisnéis a chuirtear sa Cheistneoir Airgeadais, dícháileofar an Tionscadal ORESS 1 ó ORESS 1 agus beidh cosc ar an Iarratasóir Incháilithe ar cuireadh an Ceistneoir Airgeadais isteach ar a son páirt a ghlacadh in aon chomórtas RESS go ceann cúig bliana.

Más amhlaidh nach fíor ná cruinn an fhaisnéis a chuirtear sa Cheistneoir Airgeadais, roimh nó i ndiaidh an Cheant ORESS 1, d'fhéadfaí rannpháirtíocht an Tionscadail ORESS 1 in ORESS 1 a fhoirceannadh, an Litir Thairisceana a aisghairm (más infheidhme) agus d'fhéadfadh an TSO nó an tAire (cibé is infheidhme) suim iomlán aon Bhanna Tairisceana nó Urrús Feidhmíochta atá i bhfeidhm a tharraingt anuas.

6.6.2 Ar aon dul le Mír 5.2.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo, socrófar an Praghas Ceangail faoin FIP d'Iarratasóirí Rathúla ag an bPraghas Tairisceana (.i. is ionann Tacaíocht ORESS 1 agus 'íoc mar a thairgtear'). Chun amhras a sheachaint:

- (a) Ní nascfar Tacaíocht ORESS 1 le haon praghas réiteach margaidh (íoc mar a réitítear); agus
- (b) [[Ní dhéanfar an Praghas Ceangail a innéacsú go bliantúil i leith an bhoilscithe] / [le héifeacht ó Dháta Tosaigh an Tionscadail ORESS 1[[•]% den]. Coigeartófar an Praghas Ceangail ar bhonn bliantúil (.i. dhá mhí dhéag ón Dáta Tosaigh agus gach tréimhse de dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin) trí thagairt don mhéadú bliantúil (más ann) sa CPI [faoi réir caidhp rátaí innéacsú bliantúil foriomlán [2%]].

- 6.6.3 Ní ceadmhach an Praghas Tairisceana dul thar an bPraghas Tairisceana Uasta Measta. Ní mheasfar faoi Spriocdháta Aighneachta Cheant ORESS 1 tairiscintí ina dtéann an Praghas Tairisceana thar an bPraghas Tairisceana Uasta Measta nó nach gcuirtear isteach faoi Spriocdháta Aighneachta Cheant ORESS 1 sa Cheant ORESS 1 agus i gcásanna mar seo, ní thabharfar aird ar an Tairiscint agus beidh an TSO i dteideal suim iomlán an Bhanna Tairisceana a tharraingt anuas.
- 6.6.4 Ar mhaithe leis an mbuaiteoir a roghnú, coinbhéartófar gach Cainníocht Tairisceana ina cainníocht fuinnimh mheasta (“**Cainníocht Fuinnimh Mheasta**” nó “**DEQ**”) ina GWh/bliain mar seo a leanas:

$$DEQ_o = OQ_o \times 8760 \times RCF_t / 1000$$

Mar ar Teicneolaíocht Incháilithe t , í Tairiscint o agus is é RCF_t an tagairt Fachtóir Acmhainn In-athnuaite (á ainmniú mar chéatadán).

- 6.6.5 Ar mhaithe leis an mbuaiteoir a roghnú, coinbhéartófar gach Praghas Tairisceana ina phraghas tairisceana measta (“**Praghas Tairisceana Measta**” nó “**DOP**”) ina €/MWh mar seo a leanas:

$$DOP_o = OP_o \times ECF_t$$

Mar ar OP_o Praghas Tairisceana (á ainmniú mar €/MWh) de Thairiscint o , agus is Fachtóir Ceartaithe Meastóireachta (ECF) Gaoth Amach ón gCósta a bhaineann go sonrach le teicneolaíocht mar ar cuid de Theicneolaíocht Incháilithe t Tairiscint o .

Maidir le Gaoth Amach ón gCósta, glacfar leis gur 45% an Fachtóir Acmhainn In-athnuaite (RCF) agus glacfar leis gur 1.00 an Fachtóir Ceartaithe Meastóireachta (ECF).

- 6.6.6 Chun amhras a sheachaint agus ar aon dul le Mír 5.2.2, áireofar Íocaíochtaí Tacaíochta agus Íocaíochtaí Difríochta ar bhonn an Phraghas Tairisceana seachas an Praghas Tairisceana Measta.

6.7 Roghnú Buaiteora

- 6.7.1 An TSO i ndiaidh athbhreathnú comórtais ag an Údarás Rialála a bheidh i mbun an Cheant ORESS 1.
- 6.7.2 Is ceant tairisceana simplí, séalaithe de Thairiscintí incháilithe é an Ceant ORESS 1. Úsáidtear agus meastar an fhaisnéis Tairisceana seo a leanas a chuireann gach Iarratasóir Incháilithe isteach mar chuid den phróiseas roghnaithe buaiteora:
- (a) Praghas Tairisceana Measta (DOP_o);
 - (b) Cainníocht Fuinnimh Mheasta (DEQ_o);
- 6.7.3 Chun amhras a sheachaint, d'ainneoin go n-úsáidtear DEQanna chun buaiteoir a roghnú, beidh an FIP faoi réir réitigh bunaithe ar Chainníocht Mhéadraithe RESS iarbhír coigeartaithe de réir cailteanais mar atá cur síos air i Mír 5 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Is ar mhaithe le roghnú buaiteora agus sin amháin a úsáidtear DEQanna sa Cheant ORESS 1.
- 6.7.4 Níl aon chaidhp bhuiséid i gceist don Cheant ORESS 1 seachas é sin atá le tuiscint as téarmaí Mhír 6 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.
- 6.7.5 Réiteoidh an TSO Tairiscintí incháilithe sa Cheant ORESS 1 ar aon dul leis na céimeanna seicheamhacha seo a leanas:
- (a) ríomhfar an Fuinneamh Iomlán atá ar Fáil (TWA) an chéad uair mar an tsuim Cainníocht Fuinnimh Mheasta (DEQ_o) as measc na sraithe Tairiscintí incháilithe;
 - (b) ansin, táirgfear sceideal de Chainníocht Fuinnimh Mheasta charnach agus sórtálfar gach Tairiscint incháilithe de réir Praghas Tairisceana Glactha, ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde. Mar sin de, is é a bheidh sa sceideal seo (.i. cuar soláthair): Praghas Tairisceana Measta (DOP_o), Cainníocht Fuinnimh Mheasta (DEQ_o) Cainníocht Fuinnimh Mheasta Charnach (CDEQ_o), mar a n-innéacsáionn o tairiscintí atá sórtáilte anois de réir Praghas Tairisceana Measta. Sa chás gur ionann aon Phraghsanna Tairisceana Measta, feidhmeofar na rialacha réitigh atá leagtha amach i Mír 6.7.6 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo: agus

(c) ansin, ríomhfar an Chainníocht Tosaithe Ceant (ASQ) mar seo:

$$ASQ = \text{Max} (\text{Min} (\text{TEA} / \text{FCR}, \text{RMax}), \text{RMin})$$

Mar sin féin, más é tátal mheasúnú iomaíochta an Údaráis Rialála a rinneadh de bhun Mhír 6.4 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo nach bhfuil go leor iomaíochta ann chun ceant a eagrú, socrófar ASQ ag náid.

Ansin, feidhmeofar rialacha socraithe buaiteora trí bhuaiteoirí a roghnú ar a seal ón liosta de Thairiscintí incháilithe arna sórtáil ón bPraghas Tairisceana Measta is ísle go dtí an Praghas Tairisceana Measta is airde. Is iad na rialacha socraithe buaiteora atá le feidhmiú sa Cheant ORESS 1 go nglactar le Tairiscintí incháilithe ar a seal ag tosú ón bPraghas Tairisceana Measta is ísle agus ar aghaidh tríd an liosta suas a fhad le, agus ag cur san áireamh, an Tairiscint a ghlacann le, a chomhlíonann nó a theann thar ASQ.

6.7.6 Réiteach comhscóir

Má aithnítear aon Phraghsanna Tairisceana Measta atá ar comhscór de bhun Mhír 6.7.5, sórtálfar Tairiscintí de réir Cainníocht Fuinnimh Mheasta ón gcuid is ísle go dtí an chuid is airde (.i. roghnaítear an chainníocht is ísle roimh an gcainníocht is airde). Sa chás go mbíonn aon Tairiscintí díreach mar an gcéanna maidir le Praghas Tairisceana Measta agus Cainníocht Fuinnimh Mheasta, réiteofar an comhscór trí úsáid innéacs Tairisceana réamhshocraithe ar leith. An TSO a shocróidh an t-innéacs Tairisceana. Cuirfear tairiscintí in ord randamach mar a bhfuil an t-ord randamach in-atáirgthe agus an dóchúlacht chéanna ag gach ord randamach féideartha.

7 Gnéithe Pobail de ORESS 1

Is trí Chiste Leas Pobail atá rannpháirtíocht pobail in ORESS 1. Mura gcomhlíonann Gineadóir leis an Mír 7 seo, d'fhéadfadh sé go mbainfí siar an Litir Thairisceana.

7.1 Ciste Leas Pobail

- 7.1.1 Ciste aonair do gach Tionscadal ORESS 1 é an Ciste Leas Pobail a bhunóidh agus a choinneoidh an tAire (nó comhlacht ainmnithe) (**"Bainisteoir an Chiste Leas Pobail"**).
- 7.1.2 Foilseoidh Bainisteoir an Chiste Leas Pobail pacáiste faisnéise ina mbeidh treoir ar an tslí a gcoinneofar an Ciste Leas Pobail agus an próiseas do Ghineadóirí clárú leis agus ionchur a bheith acu sa Chiste Leas Pobail.
- 7.1.3 Ní mór do gach Gineadóir, maidir le gach Tionscadal ORESS 1, an Tionscadal ORESS 1 a chlárú leis an gCiste Leas Pobail tráth nach déanaí ná an Dáta Tosaigh.
- 7.1.4 Beidh d'iallach ar Ghineadóirí suim euro atá ar a laghad 100% den Chainníocht Fuinnimh Mheasta a thaisceadh sa Chiste Leas Pobail ar feadh bliain amháin den Tionscadal ORESS 1 iolraithe faoi €2,000/GWh ar nó roimh na dátaí seo a leanas uile:
- (a) bliain ón Dáta Tosaithe (an **"Dáta Ranníocaíochta Luath"**); agus
 - (b) gach bliain chothrom ón Dáta Ranníocaíochta Luath go dtí Oibríocht Tráchtála an Tionscadail ORESS 1,

(is **"Ranníocaíocht Luath"** í gach íocaíocht).
- 7.1.5 Le héifeacht ó Oibríocht Tráchtála Tionscadail ORESS 1, ní mór do gach Gineadóir €2/MWh de Chainníocht Mhéadraithe RESS atá coigeartaithe de réir cailteanais a thabhairt don Chiste Leas Pobail, á taisceadh go ráithiúil go siarghabhálach.
- 7.1.6 Faoi réir Mhír 7.1.11, beidh Gineadóirí i dteideal Ranníocaíochtaí Luatha a fhritháireamh i gcoinne ranníocaíochtaí leis an gCiste Leas Pobail a bhfuil gá leo faoi Mhír 7.1.15 gach bliain i ndiaidh an tríú bliain chothrom d'Oibríocht Tráchtála an ORESS 1 atá i gceist.
- 7.1.7 Ní mór do gach Gineadóir tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Bhainisteoir an

Chiste Leas Pobail ina mionsonraítear ranníocaíochtaí leis an gCiste Leas Pobail de chuid a Thionscadail ORESS 1 sa bhliain roimhe agus aon fhritháireamh ranníocaíochtaí a íocadh ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Beidh an tuarascáil bhliantúil mar atá sa phacáiste faisnéise a foilsíodh de bhun Mhír 7.1.2.

- 7.1.8 Faoi réir Mhír 7.1.11 féadann Gineadóirí ranníocaíochtaí a fhritháireamh faoi réir aon chiste ar thug údarás sainordú dó nó riachtanais reachtaíochta eile i gcoinne na ranníocaíochtaí atá le híoc leis an gCiste Leas Pobail seo.
- 7.1.9 Ní mór moltaí chun airgead a thabhairt ar aghaidh a chur in iúl i scríbhinn chuig Bainisteoir an Chiste Leas Pobail. D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí ina leithéid de mholtaí roinnt airgid a chur i leataobh ar feadh roinnt mhaith blianta i dtreo tionscadal substainteach, straitéiseach in am is i dtráth. Déanfaidh Bainisteoir an Chiste Leas Pobail na moltaí seo a mheas ach féadann sé/sí fosta treoracha a thabhairt i leith airgid a thugtar ar aghaidh.
- 7.1.10 Déanfaidh Bainisteoir an Chiste Leas Pobail maoirseacht ar an gCiste Leas Pobail agus féadann sé/sí iniúchadh a dhéanamh ó thaobh chomhlíonadh na dTéarmaí agus Coinníollacha seo.
- 7.1.11 Aon ranníocaíochtaí a fhritháirítear de réir Mhír 7.1.6 agus 7.1.8 faoi réir fritháireamh uasta bliantúil de 50% ar a mhéad den ranníocaíocht atá de dhíth don bhliain atá i gceist.

8 Oibleagáidí Iarratasóirí Rathúla ORESS 1

- 8.1 Tá iallach ar gach Iarratasóir Rathúil dul i mbun Comhaontú Feidhmiúcháin (mar atá forordaithe in Aguisín A (Foirm Chomhaontaithe i leith Comhaontú Feidhmiúcháin)) agus an tUrrús Feidhmíochta a chur ar fáil (ar an tslí atá ceangailte den Chomhaontú Feidhmiúcháin agus, chun amhras a sheachaint, ní ceadmhach cineálacha eile urrúis (airgead tirim san áireamh)) faoi Spriocdháta an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin agus Urrús Feidhmíochta. Chun amhras a sheachaint, ní mór don Iarratasóir Rathúil ionstraim Urrús Feidhmíochta aonair a chur ar fáil don tsuim iomlán faoi mar atá ríofa de réir Mhír 8.3. Ní ceadmhach soláthar níos mó ná Ionstraim Urrús Feidhmíochta dar suim níos lú ná an tsuim iomlán seo ag an Iarratasóir Rathúil nó ar a son.
- 8.2 Sa chás nach ndeachthas i mbun an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin fós agus (más infheidhme) nár cuireadh ar fáil an tUrrús Feidhmíochta faoi Spriocdháta an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin agus an Urrús Feidhmíochta, tarraingeofar siar an Dámhachtain ón Iarratasóir Rathúil agus ní bhfaighidh siad Litir Thairisceana agus beidh an TSO i dteideal suim iomlán an Bhanna Tairisceana a tharraingt anuas.
- 8.3 Cuimsítear sa Chomhaontú Feidhmiúcháin i measc nithe eile, an méid seo a leanas maidir le hoibleagáidí Gineadóirí i dtaca le Tionscadail ORESS 1:
- soláthar an Urrús Feidhmíochta dar suim €[24] per MWh, mar arb é an Chainníocht Fuinnimh Mheasta an luach MWh ar feadh bliain amháin den Tionscadal ORESS 1 ríofa de bhun Mhír 6.6.4 agus iolraithe faoi 1,000 chun coinbhéartú ó GWh go MWh. Mar shampla, €24/MWh x 500 MW x 8760 uair x 0.45 Fachtóir Acmhainn In-athnuaite = €47,304,000 a bheadh mar Urrús Feidhmíochta do thionscadal Gaoth Amach ón gCósta;
 - Garspriocanna le gnóthú ag an Tionscadal ORESS 1 agus de thoradh air sin go bhféadfaí an Litir Thairisceana a aisghairm agus airgead a tharraingt anuas as an Urrús Feidhmíochta mura ngnóthófar Garspriocanna den sórt;
 - forálacha force majeure; agus
 - riachtanais chun na Téarmaí agus Coinníollacha seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear na gnéithe pobail de ORESS 1 faoi mar atá sonraithe sna Téarmaí agus Coinníollacha seo.

8.4 Nuair a chuimsítear Tionscadal ORESS 1 mar thionscadal rathúil nuair a fhógraítear Torthaí Deiridh Ceant, beidh aon cheann de na tionscadail fhéideartha fuinnimh in-athnuaite seo a leanas neamh-incháilithe ar rannpháirtíocht sa chomórtas RESS ina dhiaidh sin do thionscadail amach ón gcósta:

- tionscadal féideartha atá ar an Suíomh Amach ón gCósta céanna nó i limistéar muirí atá gar go leor dá leithéid de Thionscadal ORESS 1 nach gceadaítear sa Toiliú Amach ón gCósta go dtógfaí an dá thionscadal; nó
- tionscadal féideartha atá ar an Suíomh Amach ón gCósta céanna nó i limistéar muirí atá gar go leor dá leithéid de Thionscadal ORESS 1 go n-úsáidfídh an dá thionscadal tairiscintí nó comhaontuithe comóna ceangail eangaí agus nach gceadaítear sna tairiscintí ná comhaontuithe ná MEC go dtógfaí an dá thionscadal nó nach gceadaítear sa MEC don dá thionscadal easpórtáil faoi lánacmhainn.

8.5 Faoi réir Mhír 8.4 agus gach riachtanas bainteach eile san am, lena n-áirítear iad sin a d'fhéadfadh a bheith san áireamh i dtéarmaí agus coinníollacha feasta, mar thionscadal neamhspleách fuinnimh in-athnuaite, is féidir síneadh a bheadh méadráithe as féin ar Thionscadal ORESS 1, má cuimsíodh an Tionscadal ORESS 1 sin sna Torthaí Deiridh Ceant agus má tá an síneadh i limistéar muirí atá gar don Tionscadal ORESS 1, i gcomórtas RESS amach anseo. Ní bheidh an tionscadal méadráithe ar leithligh seo incháilithe ar thacaíocht faoin scéim RESS amach anseo nuair a ghnóthóidh an Tionscadal ORESS 1 Oibríocht Tráchtála.

8.6 Ní mór do gach Iarratasóir Rathúil;

- (a) an Ceistneoir Plean Seachadta Tionscadail atá iniata ag Iarscríbhinn C a chomhlánú agus
- (b) a chur isteach agus is gá an fhaisnéis a chuirtear sa Cheistneoir Plean Seachadta Tionscadail a bheith fíor agus cruinn.

Dá bhfaighfí amach nach bhfuil an fhaisnéis a chuirtear sa Cheistneoir Plean Seachadta Tionscadail fíor agus cruinn, d'fheadfaí rannpháirtíocht an Tionscadail ORESS 1 a fhoirceannadh, an Litir Thairisceana a aisghairm (más infheidhme) agus d'fhéadfadh an TSO nó an tAire (cibé is infheidhme) suim iomlán aon Bhanna Tairisceana nó Urrús Feidhmíochta a tharraingt anuas.

Beidh d'iallach ar Iarratasóirí Rathúla ar bhonn reatha a chur in iúl don Aire a luaithe agus is praiticiúil faoi aon athrú ábharach ar an bhfaisnéis atá sa Cheistneoir Plean Seachadta Tionscadail.

- 8.7 Ní mór do gach Iarratasóir Rathúil a chinntiú gur ó chalafort in Éirinn, thuaidh nó theas, a sholáthraítear seirbhísí oibríochta agus cothabhála (O&M) i leith a dTionscadal ORESS 1 le linn thréimhse Tacaíocht ORESS 1.

9 Próisis Riaracháin Ceant

9.1 Amchlár Ceant

9.1.1 Foilseoidh an TSO Amchlár Ceant ORESS 1 ina gcuimseofar dátaí táscacha don mhéid seo a leanas:

- (a) an dáta faoina bhfoilseofar an Pacáiste Faisnéise Ceant;
- (b) dátaí oscailte agus deiridh chun Iarratais ar Incháilitheacht a fháil;
- (c) Dáta Postála an Bhanna Tairisceana;
- (d) Dáta Deiridh Tarraingt Siar;
- (e) Dáta Sealadach Cinneadh Incháilitheachta;
- (f) Dáta Aighneachtaí Cinntí Incháilitheachta;
- (g) Dáta Cinntí Deiridh Incháilitheachta;
- (h) Dáta Foilsithe an Phacáiste Faisnéise Ceant;
- (i) Dáta Oscailte Faighte Tairiscintí;
- (j) Spriocdháta Aighneachta Ceant ORESS 1 ;
- (k) Dáta Clabhsúir Ceant ORESS 1 (“**Dáta Comhlánaithe Ceant**”);
- (l) Dáta Torthaí Sealadacha Ceant; agus
- (m) Dáta Torthaí Deiridh Ceant.

9.2 Próiseas Iarratais

9.2.1 Pacáiste Faisnéise Incháilitheachta

Forbróidh agus foilseoidh an TSO an Pacáiste Faisnéise Incháilitheachta, lena n-áirítear foirm Iarratais ar Incháilitheacht agus foirmeacha dearbhuithe stiúirthe a sonraítear iad a bheith curtha ar fáil sna Téarmaí agus Coinníollacha ina gcuimsítear an fhaisnéis ábhartha ar fad ar conas is féidir le hlarratasóir cur isteach ar incháilitheacht i gcomhair Ceant ORESS 1.

9.2.2 Cur isteach Iarratais ar Incháilitheacht

- (a) Nuair a bhíonn Iarratasóir ag iarraidh páirt a ghlacadh i gCeant ORESS 1 i leith Tionscadal ORESS 1, cuirfear Iarrtas ar incháilitheacht faoi bhráid an TSO trí úsáid na cáipéisíochta cuí atá leagtha amach sa Phacáiste Faisnéise Incháilitheachta faoi Dháta Deiridh an Iarrtais ar Incháilitheacht.
- (b) Déanfaidh an TSO machnamh agus athbhreithniú ar Iarratais ar Incháilitheacht agus socrófar cé acu atá nó nach bhfuil Iarratasóir bainteach incháilithe ar pháirt a ghlacadh sa Cheant ORESS 1 i leith Tionscadal ORESS 1 ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Féadann an TSO tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an Iarratasóir a mbeadh gá aige leis, ar bhonn réasúnach chun a chinneadh a dhéanamh i leith aon Iarratas ar Incháilitheacht.
- (c) Sa chás nach mian le hlarratasóir páirt a ghlacadh níos mó sa Cheant ORESS 1 Tionscadal ORESS 1, cuirfear Fógra Tarraingt Siar faoi bhráid an TSO roimh an Dáta Deiridh Tarraingt Siar trí úsáid na cáipéisíochta cuí atá leagtha amach Phacáiste Faisnéise Incháilitheachta.
- (d) Ní bhreithneoidh an TSO Iarratas ar Incháilitheacht má chuireann an tIarratasóir Fógra Tarraingt Siar isteach roimh an Dáta Deiridh Tarraingt Siar.

9.2.3 Cúrsaí Riaracháin

Féadann an TSO Iarratas ar Incháilitheacht i leith an Cheant ORESS 1 a dhiúltú má mheasann sé go bhfuil an fhaisnéis atá san Iarratas ar Incháilitheacht easnamhach nó mícheart ó thaobh ábhair de.

9.2.4 Critéir Incháilitheachta

Diúltóidh an TSO Iarratas ar Incháilitheacht i leith an Cheant ORESS 1 sa chás nach

gcomhlíonann an Tionscadal agus/nó an tIarratasóir ORESS 1 Mír 6.3 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

9.2.5 Cinntí Sealadacha Incháilitheachta

- (a) Déanfaidh an TSO iarrachtaí réasúnacha Cinntí Sealadacha Incháilitheachta a eisiúint le gach Iarratasóir a chuir isteach Iarratais ar Incháilitheacht faoin dáta Cinntí Sealadacha Incháilitheachta.
- (b) Maidir le Cinneadh Sealadach Incháilitheachta, má mheasann Iarratasóir (atá ag gníomhú go réasúnta agus go macánta agus ag caighdeán Oibreoir Tionscail Stuama) nár chuir an TSO na Téarmaí agus Coinníollacha seo chun feidhme mar is ceart agus an Cinneadh Sealadach Incháilitheachta á dhéanamh, féadann siad Iarratas ar Athbhreithniú a chur faoi bhráid an TSO faoi cheann dhá lá oibre den Chinneadh Sealadach Incháilitheachta a fháil.
- (c) Athbhreithneoidh an TSO aon Chinneadh Sealadach Incháilitheachta bainteach agus eiseofar a chinneadh leis an Iarratasóir bainteach faoi cheann deich lá oibre den Iarratas ar Athbhreithniú a fháil.
- (d) I ndiaidh chinneadh an TSO a fháil ag Mír (c) thuas, má mheasann Iarratasóir (atá ag gníomhú go réasúnta agus ag caighdeán Oibreoir Tionscail Stuama) nár chuir an TSO na Téarmaí agus Coinníollacha seo chun feidhme mar is ceart nuair a bhí Iarratais ar Incháilitheacht agus Iarratas ar Athbhreithniú á measúnú, féadann siad Fógra Míshásaimh a chur faoi bhráid an Aire faoi cheann dhá lá oibre i ndiaidh cinneadh an TSO a fháil.

9.2.6 Ré Aithrí

- (a) Le linn na Ré Aithrí, ní ceadmhach d'Iarratasóirí Faisnéis Phraghsála a nochtadh do thríú páirtithe nár nochtadh de bhun Mhír 6.3.8(c)(i), diomáite d'aon soláthraí ná comhairleoir airgeadais atá faoi chuing oibleagáidí rúndachta a chuireann srian ar nochtadh a leithéid d'Fhaisnéis Phraghsála (a fhad is nach Iarratasóir nó Príomh-Úinéir ná Comhlach de chuid an Iarratasóra é/í a leithéid de sholáthraí airgeadais).
- (b) Le linn na Ré Aithrí, ní ceadmhach d'Iarratasóirí dul i mbun plé tráchtála le tríú páirtithe nár nochtadh de bhun Mhír 6.3.8(c)(i), maidir le hathruithe féideartha

Príomh-Úinéirí.

- (c) Le linn na Ré Aithrí, ní ceadmhach d'Iarratasóirí dul i mbun plé tráchtála le tríú páirtithe nár nochtadh de bhun Mír 6.3.8(c)(i), maidir le haon chomhaontuithe ná socruithe tráchtála atá ag brath ar thoradh an Cheant ORESS 1, ach amháin soláthraithe ionchur teicniúil amhail innealtóirí, conraitheoirí tógála agus déantúsóirí trealaimh.

9.2.7 Cinntí Deiridh Incháilitheachta

- (a) Réiteoidh an TSO Cinntí Deiridh Incháilitheachta i leith Iarratais ar Incháilitheacht:
 - (i) a léiríonn Cinntí Sealadacha Incháilitheachta;
 - (ii) a léiríonn aon athruithe ar Chinntí Sealadacha Incháilitheachta a eascraíonn as aon Iarratas ar Athbhreithniú nó Fógra Míshásaimh;
 - (iii) a cheartaíonn aon earráid nó aon ní a fágadh ar lár i gCinntí Sealadacha Incháilitheachta a bhfaigheann an TSO amach fúthu; agus
 - (iv) a léiríonn aon fhaisnéis nuashonraithe nó athrú ar thosca a théann i gcion ar an Iarratasóir a bhfaigheann an TSO amach fúthu.
- (b) Déanfaidh an TSO iarrachtaí réasúnacha chun na Cinntí Deiridh Incháilitheachta a chur faoi bhráid an Aire chun go bhfaomhfar iad faoi Dhátá Aighneachta Cinntí Incháilitheachta.
- (c) Measfaidh an tAire na Cinntí Deiridh Incháilitheachta a chuireann an TSO isteach, an tuairisc Monatóireachta Ceant (ar aon dul leis an bPáipéar Faisnéise) agus aon Fhógra Míshásaimh a chuireann Iarratasóirí isteach maidir le Cinneadh Deiridh Incháilitheachta.
- (d) Eiseoidh an TSO na Cinntí Deiridh Incháilitheachta faofa le hIarratasóirí faoi cé acu is déanaí de (i) Dáta na gCinntí Deiridh Incháilitheachta nó (ii) faoi cheann dhá lá oibre i ndiaidh faomhadh a fháil ón Aire faoi na Cinntí Deiridh Incháilitheachta.

- (e) Eiseoidh an TSO leis an Údarás Rialála na Cinntí Deiridh Incháilitheachta faofa ionas gur féidir leis an Údarás Rialála an Cóimheas Comórtas Deiridh a shocrú ar aon dul le Mír 6.4 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

9.3 Próiseas Banna Tairisceana

9.3.1 Oibleagáid Soláthair

- (a) Is é feidhm an Bhanna Tairisceana tacaíocht chreidmheasa a thabhairt chun cásanna a chumhdach nuair nach gcuireann Iarratasóir Tairiscint isteach nó nach bhfeidhmíonn siad an Comhaontú Feidhmiúcháin agus Urrús Feidhmíochta a phostáil.
- (b) Is é a dhéanfaidh an Iarratasóir, más gá de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha seo, Banna Tairisceana a phostáil mar íocaíocht aonair le Cuntas RESS TSO faoin Dáta Postála Banna Tairisceana.
- (c) Sa chás nach bpostálann Iarratasóir an leibhéal cuí Banna Tairisceana faoin Dáta Postála Banna Tairisceana, diúltóidh an TSO don Iarratas bainteach ar incháilitheacht don Cheant ORESS 1.

9.3.2 Foirmeacha Inghlactha Banna Tairisceana

- (a) Le taise airgid thirim a íocfar an Banna Tairisceana i gCuntas TSO RESS le Banc an TSO mar a fhoráiltear sna paragraif seo a leanas de chuid Mhír 9.3.2.
- (b) Bunóidh agus cothóidh an TSO Cuntas TSO RESS le Banc an TSO mar seo a leanas:
 - (i) Is in ainm an TSO amháin a bheidh Cuntas TSO RESS ar a dtabharfar "Cuntas Cúlchiste a bhaineann le Ceantanna RESS"; agus
 - (ii) Tabharfaidh an TSO treoir bhuan don bhanc gan íocaíochtaí a dhéanamh ach amháin le treoir ar leith an TSO ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo. Beidh tús áite ag na Téarmaí agus Coinníollacha seo ar an sainordú bainc do Chuntas TSO RESS.

9.3.3 Beidh Bannaí Tairisceana faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) Beidh Banna Tairisceana ar fáil lena tharraingt anuas tríd an TSO glaoch nó éileamh a dhéanamh mar a fhoráiltear ina leith sna Téarmaí agus Coinníollacha seo agus beidh sé ar fáil go dtí go soláthróidh an tIarratasóir bainteach an Comhaontú Feidhmiúcháin comhlánaithe agus an tUrrús Feidhmíochta; agus
- (b) Ní cheadóidh an tIarratasóir, ná ní dhéanfaidh siad beart, ná ní theipfidh orthu beart a dhéanamh a mbeadh de thoradh air méid an Bhanna Tairisceana titim faoi Shuim Riachtanach an Bhanna Tairisceana.

9.3.4 Foirceannadh agus Muirir Bhainteacha

- (a) Meabhaítear d'Iarratasóirí faoi Mhíreanna 6.6.3 agus 8.2 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo trína gcuirfear ar chumas an TSO méid iomlán an Bhanna Tairisceana a tharraingt anuas.
- (b) Sa chás nach dtéann Iarratasóir Rathúil i gceann an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin nó nach bpostálann siad an tUrrús Feidhmíochta ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo, tarraingeoidh an tAire an Litir Thairisceana siar agus treorófar don TSO an Banna Tairisceana a chuir an tIarratasóir Rathúil ar fáil a tharraingt anuas.
- (c) Sa chás go dtéann Iarratasóir Rathúil i gceann an Chomhaontaithe Feidhmiúcháin agus go bpostálann siad an tUrrús Feidhmíochta a bhaineann leis an gComhaontú Feidhmiúcháin sin ar aon dul leis na hachair ama atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha seo, treoróidh an tAire don TSO an Banna Tairisceana a chur ar ais chuig an Iarratasóir Rathúil.
- (d) Mura n-éireoidh le hIarratasóir Incháilithe sa Cheant ORESS 1 (agus seachas sin, comhlíonadh na Téarmaí agus Coinníollacha seo), cuirfidh an TSO an Banna Tairisceana ar ais chuig an Iarratasóir Incháilithe faoi cheann deich lá oibre d'fhoilsiú thorthaí deiridh an Cheant ORESS 1.
- (e) Má chuireann Iarratasóir Fógra Tarraingt Siar bailí faoi bhráid an TSO faoin Dáta Deiridh Tarraingt Siar cuirfidh an TSO an Banna Tairisceana ar ais chuig an Iarratasóir faoi cheann deich lá oibre den Dáta Deiridh Tarraingt

Siar.

- (f) Mura gcáilítear larratasóir i gcomhair ORESS 1 cuirfidh an TSO an Banna Tairisceana ar ais chuig an larratasóir faoi cheann deich lá oibre d'eisiúint Cinntí Deiridh Incháilitheachta le hlarratasóirí.

9.4 Próiseas Ceant

9.4.1 Pacáiste Faisnéise Ceant

- (a) Forbróidh an TSO Pacáiste Faisnéise Ceant agus foirm aighneachta tairisceana (an "**Foirm Aighneachta Tairisceana**"), ina gcuimsítear an fhaisnéis ábhartha ar fad ar conas a chuireann larratasóir Incháilithe Tairiscint isteach.
- (b) An TSO a fhoilseoidh an Pacáiste Faisnéise Ceant agus Foirm Aighneachta Tairisceana. Cuimseoidh an TSO ar an bhFoirm Aighneachta Tairisceana mionsonraí ar an bpróiseas cur isteach iarratais.

9.4.2 Tairiscintí a Chur Isteach agus Forálacha a Bhaineann le Torthaí Ceant

- (a) Cuirfidh larratasóirí Incháilithe Tairiscint isteach trí úsáid na Foirme Aighneachta Tairisceana tráth nach déanaí ná an Spriocdháta Aighneachta Ceant ORESS 1.
- (b) Déanfaidh an TSO iarrachtaí réasúnacha an Ceant ORESS 1 a chomhlánú ar aon dul leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo faoin Dáta Comhlánaithe Ceant.
- (c) Déanfaidh an TSO iarrachtaí réasúnacha an méid seo a leanas a dhéanamh faoin Dáta Torthaí Sealadacha Ceant:
 - (i) na Torthaí Sealadacha Ceant a eisiúint le gach larratasóir Incháilithe a chuir isteach Tairiscint; agus
 - (ii) fógra a fhoilsiú de na Torthaí Sealadacha Ceant, ina bhfuil:
 - líon iomlán: larratais ar Incháilitheacht; larratais ar Incháilitheacht

nár éirigh leo; tarraingtí siar ón bpróiseas; agus larratasóirí
Incháilithe nár chuir isteach Praghas Tairisceana;

- líon iomlán na n-larratasóirí Incháilithe ar éirigh leo, go sealadach, sa cheant agus líon iomlán na n-larratasóirí Incháilithe nár éirigh leo, go sealadach, sa cheant;
- cainníocht an tsoláthair fuinnimh in-athnuaite (ina GWh/yr iomlán de Chainníocht Fuinnimh Mheasta) i dTairiscintí rathúla sealadacha;
- cainníocht an tsoláthair fuinnimh in-athnuaite (ina GWh/yr iomlán de Chainníocht Fuinnimh Mheasta) i dTairiscintí neamhrathúla sealadacha;
- acmhainn (ina MW iomlán de Chainníocht Tairisceana) i dTairiscintí rathúla sealadacha;
- acmhainn (ina MW iomlán de Chainníocht Tairisceana) i dTairiscintí neamhrathúla sealadacha;
- Meánphraghas Tairisceana GWh-ualaithe i dTairiscintí rathúla sealadacha; agus
- liosta de gach larratasóir rathúil sealadach agus suíomh, méid (Cainníocht Tairisceana) gach Tairiscint rathúil sealadach.

Ní fhoilseofar Praghas Tairisceana gach larratasóir rathúil sealadach.

- (d) Maidir le Toradh Sealadach Ceant, nuair a mheasann an t-larratasóir Incháilithe (ag gníomhú ag caighdeán Oibreoir Tionscail Stuama) nár fheidhmigh an TSO na Téarmaí agus Coinníollacha seo mar is ceart, féadann siad Fógra Míshásaimh a chur faoi bhráid an Aire faoi cheann dhá lá oibre de na Torthaí Sealadacha Ceant a fháil.
- (e) Cuirfidh an TSO na Torthaí Sealadacha Ceant, i leith gach larratasóir Incháilithe a chuir Tairiscint isteach, faoi bhráid an Aire le go bhfaomhfar iad.
- (f) Breithneoidh an tAire na Torthaí Sealadacha Ceant, a chuirfidh an TSO

isteach, an tuairisc Monatóir Ceant (ar aon dul leis an bPáipéar Faisnéise) agus aon Fhógra Míshásaimh a chuirfidh Iarratasóirí Incháilithe isteach maidir le Toradh Sealadach Ceant

- (g) Eiseoidh an TSO na Torthaí Ceant Deiridh le gach Iarratasóir Incháilithe tráth nach déanaí ná: (i) Dáta na dTorthaí Ceant Deiridh; agus (ii) dhá lá oibre i ndiaidh faomhadh a fháil ón Aire maidir leis na Torthaí Ceant Deiridh.

9.5 Faisnéis Iarcheant le Cur ar Fáil don Phobal

Foilseoidh an TSO fógra faoi na Torthaí Ceant Deiridh, lena n-áirítear:

- cainníocht an tsoláthair fuinnimh in-athnuaite (ina GWh/yr iomlán de Chainníocht Fuinnimh Mheasta) i dTairiscintí rathúla;
- cainníocht an tsoláthair fuinnimh in-athnuaite (ina GWh/yr iomlán de Chainníocht Fuinnimh Mheasta) i dTairiscintí neamhrathúla;
- acmhainn (ina MW iomlán de Chainníocht Tairisceana) Tairiscintí rathúla;
- acmhainn (ina MW iomlán de Chainníocht Tairisceana) Tairiscintí neamhrathúla;
- Meánphraghas Tairisceana GWh-ualaithe; agus
- liosta de gach Iarratasóir Rathúil agus an suíomh, méid (Cainníocht Tairisceana).

Ní fhoilseofar Praghas Tairisceana gach Iarratasóir Rathúil. Mar sin féin, is é polasaí reatha an Údaráis Rialála íocaíochtaí PSO deireadh bliana ag an Soláthraí le gach Gineadóir a fhoilsiú.

Nuair a threoraíonn an tAire sin, foilseoidh an TSO liosta d'Iarratasóirí Rathúla ar tharraing an TSO anuas Banna Tairisceana ina leith de bhun Mhír 9.3.4(b). Cuimseofar sa liosta seo suíomh agus méid (Cainníocht Tairisceana) gach Tairiscint bhainteach.

10 Cearta Cosanta an Aire

10.1.1 Coinníonn an tAire na cearta seo a leanas ar cosaint, chomh maith leis na cearta atá sainithe áit eile sna Téarmaí agus Coinníollacha seo:

- (a) an ceart diúltú do gach larratas ar Incháilitheacht agus / nó Tairiscint, na Téarmaí agus Coinníollacha seo a athrú má dhiúltaítear do gach larratas ar Incháilitheacht agus / nó Tairiscint agus a threorú don TSO an Ceant ORESS 1 a atheagrú;
- (b) an ceart diúltú do gach larratas ar Incháilitheacht agus / nó Tairiscint de thoradh gan larratais ar Incháilitheacht agus / nó Tairiscintí a bheith ag cur le cuspóirí ORESS 1, lena n-áirítear toisc gur bhain larratas ar Incháilitheacht agus / nó Tairiscint leas as léirthuisicint nach raibh beartaithe ag an Aire agus dá nglacfaí lena leithéid d'larratas ar Incháilitheacht bheifí ag dul in éadan cuspóirí ORESS 1; agus
- (c) an ceart diúltú do Phraghas Tairisceana ar aon chúis agus/nó RMin a athrú.

11 Ginearálta

11.1 Coinníoll Tairisceana

Beidh coinníoll ag gabháil le haon Litir Thairisceana ORESS 1 go gcomhlíonann gach Tionscadal ORESS 1, ar bhonn leanúnach, na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus aon riachtanas dleathach nó rialála a bhaineann leis an Tionscadal ORESS 1 atá i gceist i gcás aon sárú ábharach ar na Téarmaí agus Coinníollacha seo, nó ar aon riachtanas dleathach nó rialála, d'fhéadfaí an Litir Thairisceana a tharraingt siar.

11.2 Athruithe ar Ghléasra nó ar Threalamh

11.2.1 De bhun coinníoll 5 den Litir Thairisceana, féadann an tAire athruithe ábharacha ar ghléasra nó trealamh a aontú laistigh de Thionscadal ORESS 1 ar leith faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- (a) go gcuirfeadh an t-athrú in iúl don Aire i scríbhinn fada go leor roimh an athrú;
- (b) go bhfreagróidh an tAire chun aontú i scríbhinn leis an athrú;
- (c) gur athruithe réasúnta iad na hathruithe ar an ngléasra agus trealamh agus go gcomhlíonann an Tionscadal ORESS 1 fós na Téarmaí agus Coinníollacha seo;
- (d) nach méadófar ná nach laghdófar Acmhainn In-athnuaite Shuiteáilte an Tionscadail ORESS 1 (ach amháin de réir Mhír 6.3.10 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo) ná MEC an Tionscadail ORESS 1;
- (e) nach sárófar an Toiliú Amach ón gCósta i leith an Tionscadail ORESS 1;
- (f) nach toradh ar an athrú é nach n-úsáideann an Tionscadal ORESS 1 an Teicneolaíocht Incháilithe níos mó;
- (g) nach toradh ar an athrú é go dtéann an fuinneamh a ghintear thar mhéadrú an Tionscadail ORESS 1, nó go seachadtar é i bhfoirm eile seachas fuinneamh leictreach.

11.2.2 Faoi réir na gcoinníollacha ar fo-Mhíreanna 11.2.1(c) go 11.2.1(f), ní gá faomhadh an Aire le haghaidh mionathruithe ar aon Tionscadal ORESS 1 ar leith.

11.3 An tAcht um Shaoráil Faisnéise

11.3.1 Tá gach taifead atá i seilbh an Aire, TSO agus /nó an Údarás Rialála faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, arna leasú nó arna athbhreithniú ó am go chéile, ("**Acht Fol**") agus féadann siad a bheith faoi réir nochtadh ar mhaithe le leas an phobail de réir Acht Fol.

11.3.2 Le hAcht Fol, socraítear riail ghinearálta um nochtadh gach taifid atá i seilbh comhlachtaí áirithe lena n-áirítear an tAire, an TSO agus / nó an tÚdarás Rialála. Tá roinnt eisceachtaí ann lena n-áirítear nuair is faisnéis phearsanta nó rúnda atá i gceist nó go bhfuil sí íogair ó thaobh na tráchtála de. Ba chóir d'iarratasóirí a gcomhairle dhlí féin a lorg ar infheidhmeacht Acht Fol i leith aon iarratais, faisnéise nó cáipéisíochta a chuirtear isteach faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

11.4 Costais agus Speansais

Ní bheidh an tAire freagrach ná dlite as aon chostas ná speansais a thabhaítear nuair a dhéantar iarratas ar Incháilitheacht i gCeant ORESS 1 nó Tairiscint a chuirtear isteach nó páirt éigin eile a ghlacadh in ORESS 1 beag beann ar iompar nó toradh an iarratais ar Incháilitheacht nó an Cheant ORESS 1 nó eile.

11.5 Dlíteanas

Cé go ndearnadh gach cúram in ullmhú na dTéarmaí agus Coinníollacha seo agus an cúram céanna i bhfeidhmiú aon oibleagáid faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo, ní dhéantar ná ní thugtar ná ní dhéanfar ná ní thabharfar aon uiríoll, barántas ná gealltanais, go follasach ná go hintuigthe, maidir le haon earráid ná míráiteas ag nó thar ceann an Aire nó aon duine dá chuid oifigeach, fostaithe, seirbhíseach, comhairleoirí, conraitheoirí, ná gníomhaithe d'aon iarratas ná d'aon pháirtí eile, agus ní ghlacfaidh an tAire ná aon duine dá chuid oifigeach, fostaithe, seirbhíseach, comhairleoirí, ná gníomhaithe aon fhreagracht ná dlíteanas as cruinneas nó iomláine na dTéarmaí agus Coinníollacha seo ná aon fhaisnéis eile, scríofa nó ó bhéal, a chuirtear ar fáil d'aon iarratasóir ná d'aon pháirtí eile ná d'oifigigh, fostaithe, seirbhísigh, comhairleoirí, conraitheoirí, ná gníomhaithe de chuid a leithéid de pháirtí. Leis seo, séanann an tAire agus a chuid oifigeach, fostaithe, seirbhíseach,

comhairleoirí, ná gníomhaithe aon agus gach dliteanas agus/nó cailteanas (lena n-áirítear aon dliteanas agus/nó cailteanas agus aon dliteanas agus/nó cailteanas tríú páirtí (lena n-áirítear damáiste agus cailteanas indíreach nó iarmhartach de shaghas ar bith faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo)) agus leis seo eisiatar é, i ngach cás, a oiread agus is féidir de réir an dlí.

11.6 Athrú ar Rialú

Maidir le gach Tionscadal ORESS 1, tabharfaidh an tIarratasóir Rathúil (a luaithe agus is praiticiúil ar bhonn réasúnach) fógra don Aire faoi aon aistriú nó leithdháileadh scaireanna nó leasú ar airteagail chomhlachais nó cáipéisí bunreachta nó de ghníomh éigin eile lenar athraigh rialú éifeachtach an Iarratasóra Rathúil (bíodh sé trí úinéireacht scaireanna nó cumhacht chun bainistíocht an Iarratasóra Rathúil a rialú nó a threorú) nó gur cuireadh ar aghaidh é chuig aon duine nach bhfuil rialú éifeachtach acu ar dháta an Iarratais ar Incháilitheacht.

11.7 Monatóireacht Rochtana agus Feidhmíochta

Is coinníoll de chuid ORESS 1 é go mbeidh d'iallach ar Ghineadóirí a fhaigheann Litir Thairisceana rochtain réasúnach ar an Suíomh a thabhairt don Aire, a fhostaithe, conraitheoirí, seirbhísigh nó gníomhaithe (lena n-áirítear Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, a fhostaithe, conraitheoirí, seirbhísigh nó gníomhaithe agus an tÚdarás Rialála agus an TSO agus a bhfostaithe, conraitheoirí, seirbhísigh nó gníomhaithe faoi seach) agus faisnéis theicniúil agus ghiniúna a chur ar fáil lena n-áirítear sonraí staidrimh dóibh d'fhonn measúnuithe teicniúla a mhonatóiriú agus a chruthú ar éifeachtacht, iontaofacht agus táirgeacht, feidhmíocht fhoriomlán san áireamh.

11.8 Comhairliúchán le Tríú Páirtithe

Is coinníoll de chuid iontrála ar Cheant ORESS 1 é go nglacann an tIarratasóir leis go bhféadann an tAire comhfhreagras a dhéanamh leis an údaras rialála cuí (lena n-áirítear an tÚdarás Rialála agus an TSO) faoi iarratais bhainteacha chun an mhonarcha ghinte leictreachais a thógáil nó a oibriú nó ceadanna, toilithe nó údaruithe a eisíonn sé agus cumarsáid a dhéanamh leis an oibreoir cuí gréasáin faoi stádas ceangail bhainteacha gréasáin. Mar sin de, comhlánóidh gach iarratasóir litreacha atá le seoladh chuig an SEM, an tÚdarás Rialála agus chuig na hoibreoírí bainteacha gréasáin mar chuid den iarratas i gCeant ORESS 1 (cuimseofar

cóipeanna díobh sa Phacáiste Faisnéise Incháilitheachta).

11.9 Síneadh Ama

Féadann an tAire, fiú nuair nach bhfaightear aon iarratais ar shíneadh ama, má bhaineann moill de thógáil ceangal eangaí, nó más dócha go rachfar i bhfeidhm ar líon suntasach Tionscadail ORESS 1 nó catagóir (a bhféadfadh sé gur chatagóir é a shainmhínítear mar chineál Tionscadail ORESS 1 nó trí thagairt do thoisc éigin eile a bhaineann leis an tionchar ar dócha é a bheith ag a leithéid de mhoill) díobh fógra a fhoilsiú ina síní, do gach Gineadóir nó dá leithéid de chatagóir, spriocdháta ar leith, nó gach spriocdháta faoi am ar leith nó go dtí dáta ar leith laistigh de choinníollacha cinneadh imréiteach cúnamh stáit i leith ORESS 1.

11.10 Faisnéis

Féadann an tAire, má mheasann sé gur cuí sin, aon fhaisnéis a iarraidh ar dóigh leis í a bheith riachtanach chun larratas ar Incháilitheacht a mheas nó chun a dheimhniú go sásúil, dar leis, go gcomhlíonann larratasóir agus/nó Gineadóir nó larratas ar Incháilitheacht na Téarmaí agus Coinníollacha seo agus féadann an tAire aon larratasóir agus/nó Gineadóir a eisiáimh ar Incháilitheacht ó ORESS 1 mura bhfaighfear aon fhaisnéis a iarrtar i litir ina mbagraítear go bhféadfadh eisiáimh den sórt a bheith i gceist faoi cheann 21 lá i ndiaidh go n-iarrfaí í ina leithéid de litir.

11.11 Cosaint Sonraí

Déanfaidh an tAire sonraí pearsanta a phróiseáil (mar a shainmhínítear an téarma sin faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679) a bhfuil baint acu le riarachán ORESS 1. Tá tuilleadh eolais ar conas a phróiseálann an tAire sonraí pearsanta a bhaineann le ORESS 1, agus faoi na páirtithe ar féidir sonraí pearsanta a chomhroinnt leo sa nóta príobháideachta atá ar shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Aguisín A

**Foirm an Chomhaontaithe maidir le Feidhmiú,
Ráthaíocht Feidhmíochta agus Litir Thairisceana**

An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

ORESS 1 Comhaontú maidir le Feidhmiú

[•] 20 [•]

1	Sainmhínithe agus Léirmhíniú.....	1
2	Téarma	8
3	Comhaontú	8
4	Dearbhuithe	9
5	Garspriocanna a bhaint amach agus Dáta Oibríochta Tráchtála	9
6	Banna Feidhmíochta.....	10
7	Force Majeure.....	11
8	Cásanna Mainneachtana agus Foirceannadh	13
9	Éifeachtaí Foirceanta	14
10	Scaradh	14
11	Fógraí	15
12	An Comhaontú Iomlán	15
13	Difríocht	15
14	Tarscaoileadh	15
15	Contrapháirteanna	16
16	Dlí Rialaithe agus Dlíinse.....	17

IDIR:

- (1) **AN tAIRE COMHSHAOIL, AERÁIDE AGUS CUMARSÁIDE**, de 29 – 31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath, D02 X285 (“**an tAire**”); agus
- (2) [[●]], cuideachta [[●]] chorpraithe faoi dhlíthe [●], le [uimhir chláráithe [●]] agus a bhfuil a oifig chláraigh ag [[●]] (an “**Gineadóir**”),

ar “**Páirtí**” gach ceann acu agus, le chéile, na “**Páirtithe**”.

DE BHRÍ:

- A. Gur fhorbair an tAire an Scéim Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite nua (RESS) d’Éirinn. Tá d’aidhm leis an RESS giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus leagtar amach í laistigh de chomhthéacs phacáiste an AE um Fuinneamh Glan agus go háirithe an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.
- B. Ghlac an OCT le hlarratas ar Cháiliú don Cheant ORESS 1 maidir leis an Tionscadal ORESS 1, agus cuireadh Tairiscint isteach chuig an gCeant ORESS 1 maidir leis an Tionscadal ORESS 1.
- C. Mar Fhógra Dámhachtana, cuireadh in iúl don Ghineadóir go raibh an Tionscadal ORESS 1 rathúil sa cheant ORESS 1.
- D. De réir na dTéarmaí agus Coinníollacha, beidh an Gineadóir (mar thairgeoir a bhuaigh an conradh) i dteideal Litir Thairisceana a fháil le haghaidh Thacaíocht ORESS 1 (san fhoirm a leagtar amach in Aguisín 1 den Chomhaontú seo) faoi réir agus de réir théarmaí an Chonartha seo.
- E. De réir na dTéarmaí agus Coinníollacha, chomhaontaigh na Páirtithe an Comhaontú seo a dhéanamh faoi réir agus de réir na dtéarmaí agus coinníollacha a leagtar amach ina dhiaidh seo.

I gcomaoin na gcomhaontaithe frithphárteacha atá anseo istigh **COMHAONTÁITEAR LEIS SEO**

mar seo a leanas:

1 Sainmhíithe agus Léirmhíniú

1.1 Sainmhíithe

Sa Chomhaontú seo (lena n-áirítear na hAithrisí) agus na hAguisíní leis seo, ach amháin nuair a admhaíonn nó a éilíonn an comhthéacs, beidh an chiall seo a leanas ag na sainmhíithe seo a leanas:

Ciallaíonn “**Acht**” an tAcht um Rialáil Leictreachais 1999 (arna leasú);

Tá an bhrí ag “**Iarratas ar Cháiliú**” a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha;

Ciallaíonn “**Rátáil Chreidmheasa Fhaofa**” rátáil BBB ar a laghad ar fhiachas fadtéarmach arna thabhairt ag Standard & Poor’s (nó rátáil chomhionann ó Moody’s nó Fitch);

Ciallaíonn “**Oibriúchán Tráchtála**” an dáta ar bhain an Tionscadal ORESS 1 amach an Tiomantas um Acmhainneacht In-athnuaithe Shuiteáilte agus ar acht gur bhain an Tionscadal ORESS 1 amach ‘Fógra Oibriúcháin Eatramhach’ freisin ón OCT;

Ciallaíonn “**Dáta Oibriúcháin Tráchtála**” an dáta ar bhain an Tionscadal ORESS 1 amach an tOibriúchán Tráchtála;

Ciallaíonn “**Údarás Inniúil**” aon ghníomhaireacht, údarás, roinn, cigireacht, aireacht, feidhmeannach, nó duine poiblí nó reachtúil (bíodh nó ná bíodh sin uathrialaitheach) áitiúil nó náisiúnta nó fornáisiúnta nó údarás rialála de Phoblacht na hÉireann nó den Aontas Eorpach a bhfuil dlínse acu ar aon cheann de na Páirtithe sa Chomhaontú seo agus ar ábhar an Chomhaontaithe seo agus beidh san áireamh ann an tÚdarás Rialála agus ní bheidh san áireamh ann cúirt ná binse ag a bhfuil dlínse inniúil;

Tá an chiall ag “**Cás Mainneachtana**” a tugadh don téarma sin i gClásal 8.1;

Ciallaíonn “**Dáta Éagtha**”, le haghaidh aon Tionscadal ORESS 1, an dáta seacht (7) mí tar éis an Dáta Oibriúcháin Tráchtála;

Ciallaíonn “**Force Majeure**” aon teagmhas nó imthoisc nó líon teagmhas nó imthosca

nó aon chomhcheangal díobh nach bhfuil neart ag Páirtí air agus nárbh fhéidir a sheachaint agus a bhfuil de thoradh air nó atá ina chúis le teip Páirtí aon cheann dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú seo agus ní áireofar ar aon teagmhas nó imthosc dá leithéid seo nó líon teagmhas nó imthosca nó comhcheangal díobh ach iad seo a leanas:

- (a) gníomhartha sceimhlitheoirí;
- (b) cogadh a fógraíodh nó nár fógraíodh, imshuí, réabhlóid, círeíb, éirí amach, ionradh nó coinbhleacht armtha;
- (c) sabaitéireacht nó gníomhartha loitiméireachta, damáiste coiriúil nó bagairt a leithéid seo de ghníomhartha;
- (d) adhamsir nó coinníollacha comhshaoil foircneacha lena n-áirítear tintreach, dóiteán, sciorradh talún, carnadh sneachta nó oighir, tubaistí nádúrtha agus feiniméin lena n-áirítear dreigítí, tarluithe bruth-thonnta mar gheall ar aerárthaí agus fearais aeir eile ag taisteal ar luasanna forshonacha, tionchar ó aerárthaí, brúchtadh bolcánach, pléascadh lena n-áirítear pléascadh núicléach, éilliú radaighníomhach nó ceimiceach nó radaíocht ianúcháin;
- (e) aon athrú reachtaíochta, ordú rialtais, srianadh nó treoír a bhfuil éifeacht aige cosc nó moill a chur ar thógáil, coimisiúnú nó tástáil an Tionscadail ORESS 1, ag druidim síos nó ag laghdú, aschur an Tionscadail ORESS 1 nó (nuair a bhaineann) ag cur isteach ar sholáthar breosla nó leictreachas don Tionscadal ORESS 1; agus
- (f) aon stailc atá mar chuid de dhíospóid thionsclaíoch de chineál náisiúnta a tharlaíonn i bPoblacht na hÉireann nó atá mar chuid de stailc náisiúnta sa tionscal leictreachais laistigh de Phoblacht na hÉireann,

ar choinníoll nach n-áireofar le Force Majeure easpa cistí agus/nó Páirtí gan a bheith ábalta íoc agus/nó moill i dtógáil nó fuinnmhiú nascadh eangaí an Tionscadail ORESS 1;

Tá an bhrí ag “**Ráthaíocht Tionscnaimh**” a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha;

Tá an bhrí ag “**Acmhainneacht In-athnuaite Shuiteáilte**” a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha;

Tá an chiall ag “**Gealltanais um Acmhainneacht In-athnuaite Shuiteáilte**” a tugadh don téarma sin i gClásal 5.6;

Ciallaíonn “**Dlí**” nó “**Dlíthe**” aon dlí infheidhme ar an gComhaontú seo agus áireofar leo an dlí coiteann, reachtanna, ionstraimí reachtúla, fodhlíthe, rialacha, cóid, rialacháin, cinntí, teoracha, bunreachtanna, ionstraimí, rialacha cúirte nó reachtaíocht shóisearach;

Ciallaíonn “**Litir Thairisceana**” litir thairisceana le haghaidh Thacaíocht ORESS 1 ón Aire chuig an nGineadóir, san fhoirm a leagtar amach in Aguisín 1 leis an gConradh seo;

Ciallaíonn “**Dáta Stad Fhada**” an 30 Meitheamh 2028;

Ciallaíonn “**Sárú Ábhartha**” sárú ag an nGineadóir ar, nó teip an Ghineadóira cloí le:

- (a) na Téarmaí agus Coinníollacha; nó
- (b) Clásal 6.1 agus 6.2 den Chomhaontú seo; nó
- (c) aon bharánta, uiríll nó deimhnithe atá i gClásal 4 den Chomhaontú seo;

Ciallaíonn “**Dátaí Le Garspriocanna a Chríochnú**” na dátaí nach mór don Ghineadóir gach Garsprioc a bhaint amach fúthu mar a leagtar amach in Aguisín 2;

Ciallaíonn “**Garspriocanna**” na garspriocanna a leagtar síos in Aguisín 2;

Ciallaíonn “**Páirtí Neamhthuillmheach**” Páirtí nach bhfuil ábalta gach ceann nó aon cheann dá oibleagáidí a chur i gcrích mar gheall ar Force Majeure;

Ciallaíonn “**Fógra Dámhachtana**” an litir ón Aire chuig an nGineadóir ag cur in iúl don Ghineadóir go raibh an Tionscadal ORESS 1 rathúil sa cheant ORESS 1;

Tá an bhrí ag **“Tairiscint”** a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha;

Tá an bhrí ag **“Ceant ORESS 1”** a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha;

Ciallaíonn **“Tionscadal ORESS 1”** an tionscadal fuinnimh in-athnuaite atá le forbairt ag an nGineadóir, mar a shonraítear san Iarratas ar Cháiliú;

Tá an bhrí ag **“Tacaíocht ORESS 1”** a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha;

Tá an chiall ag **“Dáta Deiridh Thacaíocht ORESS 1”** a tugadh don téarma sin i gClásal 5.1;

Ciallaíonn **“Ráthaíocht Feidhmíochta”** an ráthaíocht feidhmíochta ar éileamh le soláthar ag an nGineadóir san fhoirm mar a leagtar amach in Aguisín 3;

Ciallaíonn **“CCF” (PPA)** comhaontú um cheannach fuinnimh idir an Gineadóir agus soláthraí ceadúnaithe lena gcuirtear oibleagáid ar an soláthraí ceadaithe an t-aschur a cheannach ón Tionscadal ORESS 1;

Ciallaíonn **“Údarás Rialála”** an Coimisiún um Rialáil Fóntais de réir mar a bhunaítear de bhun an Achtá nó aon chomhlacht comharba;

Ciallaíonn **“Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite”** Treoir (AE) 2018/2001 Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le cur chun cinn úsáid an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite.

Ciallaíonn **“RESS”** gach scéim tacaíochta leictreachais in-athnuaite arna bhunú ag an Aire de bhun Alt 39 (2) (b) den Acht;

Ciallaíonn **“Téarmaí agus Coinníollacha”** na téarmaí agus coinníollacha lena rialaítear Ceant ORESS 1 (de réir mar a d’fhéadfaí a leasú de réir na dTéarmaí agus Coinníollacha);

Tá an bhrí ag **“Oibritheoir Córais Tarchuir”** nó **“OCT”** a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha; agus

Tá an bhrí ag **“Lá Oibre”** a thugtar dó sna Téarmaí agus Coinníollacha.

1.2 Léirmhíniú

1.2.1 Sa Chomhaontú seo, ach amháin sa chás go n-éilítear a mhalairt sa chomhthéacs, in aon tagairt do na nithe seo:

- (a) áireofar leis an uathu an t-íolra agus vice versa;
- (b) measfar go n-áireofar le haon tagairt inscne tagairt don inscne fhireann, bhaineann agus neodrach;
- (c) forléireofar gan teorainn an frása “lena n-áirítear” agus a leaganacha éagsúla;
- (d) áireofar le haon tagairt do “scríobh” nó “scríofa” gach modh focail a atáirgeadh i bhfoirm inléite agus bhuan;
- (e) áireofar le haon fhocal a thugann isteach daoine nó páirtithe gnólachtaí agus corparáidí, comhfhiontair, iontaobhais, comhlachais agus eagraíochtaí neamhchorpraithe, comhpháirtíochtaí agus aon eintiteas eile, i ngach cás cibé acu atá nó nach bhfuil pearsantacht dlíthiúil faoi leith acu agus áireofar aon tagairtí do dhaoine a gcomharbaí dlíthiúla agus sannaithe ceadaithe;
- (f) áireofar le haon reachtaíocht, rialacháin, treoracha, orduithe, ionstraimí, cóid nó achtacháin aon leasuithe, modhnúcháin, sínte, ionadaithe nó athachtuithe orthu sin atá i bhfeidhm ag an am sin;
- (g) áireofar le haon tagairt do ghníomhaireacht, comhlacht, corparáid, eintiteas, aireacht nó oifig reachtúil a réamhtheachtaí, comharbaí agus sannaithe dlíthiúla ceadaithe;
- (h) ach amháin sa chás go sonraítear a mhalairt:
 - (i) is ionann aon tagairt sa Chomhaontú seo do Chlásal agus tagairt do Chlásal atá sa Chomhaontú seo;
 - (ii) is ionann aon tagairt d’Aguisín agus tagairt d’Aguisín sa Chomhaontú seo;
 - (iii) forléireofar aon tagairt do chomhaontú nó doiciméad eile, nó aon

ghníomhas nó ionstraim eile, mar thagairt don chomhaontú, nó doiciméad, gníomhas nó ionstraim eile sin amhail is gur féidir go raibh, nó gur féidir go mbeidh ó am go ham, na rudaí céanna a bheith leasaithe, éagsúlaithe, forlíonta, ionadaithe nó nuaite;

- (iv) forléireofar aon tagairt do mhí nó bliain mar thagairt do mhí nó bliain féilire, de réir mar a bheidh;
- (v) nuair a dhéantar tagairt do mhéid nó suim airgeadaíochta is do mhéid nó suim atá ainmnithe in euro mura sonraítear a mhalairt;
- (vi) cuirtear tábla na n-ábhar agus ceanteidil na gClásal isteach ar mhaithe le héascaíocht tagartha amháin agus ní dhéanfar neamhaird orthu chun críocha thógáil an Chomhaontaithe seo;
- (vii) beidh a gcéad litir ina gceannlitir ag gach téarma atá sainmhínithe sa Chomhaontú seo cibé uair agus cibé áit atá siad sa Chomhaontú seo: agus
- (viii) forléireofar aon tagairt d'am mar am áitiúil i mBaile Átha Cliath, Éire.

1.2.2 I gcás neamhréireachta idir forálacha an Chomhaontaithe seo agus an Litir Thairisceana nó na Téarmaí agus Coinníollacha, beidh an t-ord tosaíochta seo a leanas i réim:

- (a) na Téarmaí agus Coinníollacha;
- (b) an Comhaontú maidir le Feidhmiú; agus
- (c) an Litir Thairisceana.

2 Téarma

2.1 Tosóidh an Comhaontú seo ar dháta an Chomhaontaithe seo agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí cibé acu is luaithe (i) an Dáta Éagtha; agus (ii) foirceannadh an Chomhaontaithe seo de réir a théarmaí.

3 Comhaontú

3.1 Comhaontaíonn an Gineadóir go ndéanfar seo a leanas:

3.1.1 an Ráthaíocht Feidhmíochta a sheachadadh don Aire agus a choinneáil de réir Chlásal 6.1 agus Chlásal 6.2; agus

3.1.2 an Tionscadal ORESS 1 a dhearadh, a mhaoiniú, a chur i gcrích agus a choimisiúnú de réir an Chomhaontaithe seo, na dTearmaí agus Coinníollacha agus gach Dlí.

3.2 Faoi réir chomhlíontacht an Ghineadóira maidir le Clásal 6.1, comhaontaíonn an tAire an Litir Thairisceana a chur ar fáil don Ghineadóir tar éis don Aire na nithe seo a fháil: (i) dhá bhun-chontrapháirt den Chomhaontú seo arna fhorghníomhú go cuí ag an nGineadóir; agus (ii) bunchóip den Ráthaíocht Feidhmíochta atá forghníomhaithe go cuí.

4 Dearbhuithe

4.1 Barántaíonn, léiríonn agus dearbhaíonn an Gineadóir leis seo don Aire mar seo a leanas:

4.1.1 go bhfuil na huirill agus barántaí san Iarratas ar Cháiliú le haghaidh an Tionscadail ORESS 1 fíor, bailí agus ceart, iomlán agus cruinn i ngach gné ábhartha ar an dáta seo;

4.1.2 Is cuideachta an Gineadóir atá eagraithe go cuí, atá ann go bailí agus a bhfuil dea-chlú uirthi faoi dhlíthe na tíre ina bhfuil sí bunaithe agus a bhfuil cumhacht agus údarás iomlán aici a gnó a dhéanamh de réir mar a dhéantar foráil dó sa Chomhaontú seo;

4.1.3 Tá an chumhacht chorparáideach agus údarás ag an nGineadóir an Comhaontú seo agus na hidirbhearta a ndéantar foráil dóibh agus bheartaítear ann a dhéanamh;

4.1.4 níl forghníomhú agus feidhmíocht an Chonartha seo i gcoimhlint ar nó ní sárú ná loiceadh é faoi aon chonradh nó comhaontú de chineál ar bith ina bhfuil an Gineadóir ina pháirtí nó aon Dlíthe atá infheidhme ar an nGineadóir nó a

acmhainní; agus

4.1.5 Tá an Gineadóir ag déanamh an Chonartha seo agus tuiscint iomlán aige ar a théarmaí agus coinníollacha, agus go bhfuil an cumas aige na rioscaí sin a ghabháil.

5 Garspriocanna a bhaint amach agus Oibríocht Tráchtála

5.1 Tá an Tionscadal ORESS 1 i dteideal Tacaíocht ORESS 1 a fháil tráth nach luaithe ná an 1 Eanáir 2026. Faoi réir Chlásal 5.4 thíos, beidh deireadh le tréimhse Thacaíocht ORESS 1 don Tionscadal ORESS 1 tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2042 (“**Dáta Deiridh Thacaíocht ORESS 1**”).

5.2 Cinnteoidh an Gineadóir go gcuirfear gach Garsprioc i gcrích faoin am a leagtar síos in Aguisín 2.

5.3 Déanfaidh an Gineadóir deimhin de go mbainfidh Tionscadal ORESS 1 amach Oibriúchán Tráchtála faoin Dáta Stad Fhada.

5.4 Mura bhfuil Tionscadal ORESS 1 in ann na nithe seo a leanas a bhaint amach:

5.4.1 Garsprioc faoi leith faoin Dáta ábhartha le Garsprioc a Chríochnú; nó

5.4.2 Oibríocht Tráchtála faoin 30 Meitheamh 2028,

I ngach cás mar gheall ar Force Majeure, ansin, i gcónaí faoi réir (i) comhlíontacht an Ghineadóir le Clásal 7.1 agus ceart an Aire foirceannadh maidir le Force Majeure sínte faoi Chlásal 7.2, déanfar an Dáta ábhartha le Garsprioc a Chríochnú agus Dátaí le Garsprioc a Chríochnú amach anseo a choigeartú chun moill mar seo mar gheall ar Force Majeur a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, sínfear teidlíocht Thionscadal ORESS 1 ar Thacaíocht ORESS 1 tar éis Dháta Deiridh Thacaíocht ORESS 1. Ní thabharfar le haon síneadh ar Dháta Deiridh Thacaíocht ORESS 1 faoin gClásal 5.4 teidlíocht chun Tacaíocht ORESS 1 do Thionscadal ORESS 1 a shíneadh tar éis an 30 Meitheamh 2043.

- 5.5 Laistigh de dheich (10) Lá Oibre tar éis an Dáta Oibriúcháin Tráchtála, soláthróidh an Gineadóir deimhniú stiúrthóra don Aire chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile chun dearbhú agus fianaise a thabhairt go bhfuil Oibriúchán Tráchtála bainte amach. Admhaíonn an Gineadóir go bhféadfaidh an tAire aon chóipeanna d’aon deimhnithe nó doiciméid eile a iarraidh chun a chinntiú go bhfuil Oibríocht Tráchtála bainte amach.
- 5.6 Mar choinníoll maidir le hOibríocht Tráchtála a bhaint amach, eiseoidh an Gineadóirí dearbhú stiúrthóra ag dearbhú go bhfuil Acmhainneacht In-athnuaite Shuiteáilte Thionscadal ORESS 1 laistigh de na teorannacha lamháltais a leagtar amach in Ailt **Error! Reference source not found.** de na Téarmaí agus Coinníollacha (an **“Tiomantas um Acmhainneacht In-athnuaite Shuiteáilte”**)

6 Ráthaíocht Feidhmíochta

- 6.1 Mar ráthaíocht le haghaidh ghealltanais an Ghineadóira faoin gComhaontú seo, soláthróidh an Gineadóir forghníomhú agus seachadadh na Ráthaíochta Feidhmíochta, ag soláthraí ráthaíochta ag a bhfuil Rátáil Chreidmheasa Fhaofa don Aire tráth nach déanaí ná Dáta Toraidh an Chomhaontaithe maidir le Feidhmiú agus na Ráthaíochta Feidhmíochta. Mar a shonraítear ag Alt 8.1 de na Téarmaí agus Coinníollacha, ní mór don Ráthaíocht Feidhmíochta a bheith san fhoirm atá ceangailte leis an gComhaontú seo, agus ní cheadaítear foirmeacha malairteacha ráthaíochta (lena n-áirítear airgead tirim).
- 6.2 Sa chás:
- 6.2.1 nach mbaineann an Gineadóir amach Garspíoc faoin Dáta ábhartha le Garspíoc a Chríochnú, rud a ligeann don Aire éileamh a dhéanamh faoin Ráthaíocht Feidhmíochta mar a léirítear in Aguisín 2 don Chomhaontú; nó
- 6.2.2 nach mbaintear Oibriúchán Tráchtála amach faoin Dáta Stad Fhada; nó
- 6.2.3 go dtréigítear forbairt Thionscadal 1; nó
- 6.2.4 go dtagann chun cinn aon cheann de na hábhair a liostaítear i gClásal 8, rud a ligeann don Aire an Comhaontú seo a fhoirceannadh agus/nó éileamh a

dhéanamh le haghaidh íocaíochta faoin Ráthaíocht Feidhmíochta de réir Chlásal 8.2,

féadfaidh an tAire éileamh a dhéanamh le haghaidh íocaíochta faoin Ráthaíocht Feidhmíochta de bhun a téarmaí.

6.3 [Ní Úsáidtear].

6.4 Faoi réir an phrionsabail uileghabhálaigh nach féidir bearna i gclúdach ráthaíochta a bheith ann de thoradh ar aon ionadú mar seo (agus ar mhaithe le hamhras a sheachaint, beidh aon bhearna sa chlúdach ina shárú ar an gComhaontú seo agus na Téarmaí agus Coinníollacha), féadfaidh Gineadóir iarratas a dhéanamh an Ráthaíocht Feidhmíochta atá i bhfeidhm a ionadú le hionstraim nua ráthaíochta feidhmiúcháin (an “**Ráthaíocht Feidhmíochta Ionaid**”) le linn théarma an Chomhaontaithe seo. Ní mór d’aon Ráthaíocht Feidhmíochta Ionaid:

- (a) a bheith eisithe ag cuideachta airgeadais ag a bhfuil Rátáil Chreidmheasa Fhaofa
- (b) a bheith san fhoirm a leagtar amach ag Aguisín 3 don Chomhaontú seo.
- (c) a bheith éifeachtach ionas nach bhfuil aon bhearna i gclúdach ráthaíochta.

6.5 Cuirfear an Ráthaíocht Feidhmíochta Ionaid trí phost cláraithe nó seachadtar de láimh é chuig:

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, D02 X285

Faoi Bhráid: An Príomhoifigeach, an Rannóg Idirnáisiúnta agus Fuinnimh Amach ón gCósta, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

6.6 Tar éis an Ráthaíocht Feidhmíochta Ionaid a fháil, a shásaíonn riachtanais Chlásal 6.4, cuirfidh an tAire ar ais an Ráthaíocht Feidhmíochta roimhe sin a cuireadh ar fáil don Ghineadóir.

6.7 Cuirfidh an tAire ar ais an Ráthaíocht Feidhmíochta nó an Ráthaíocht Feidhmíochta Ionaid (de réir mar a bhaineann) tar éis na doiciméid ag Clásail 5.5 agus 5.6 a fháil don Tionscadal ORESS 1 sin, lena n-áirítear aon fhaisnéis/doiciméid bhreis a éilíonn an tAire chun na doiciméid a chuireann an Gineadóir ar fáil a bhailíochtú.

7 Force Majeure

7.1 Sa chás go bhfágтар Páirtí Neamhthuillmheach go hiomlán nó go pointe áirithe gan a bheith ábalta a oibleagáidí go léir nó aon cheann dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gConradh seo mar gheall ar Force Majeure, beidh an Comhaontú seo fós i bhfeidhm ach beidh oibleagáidí ábhartha an Pháirtí Neamhthuillmhigh agus oibleagáidí comhfhreagracha an Pháirtí eile atá dlíte don Pháirtí Neamhthuillmheach faoin gComhaontú seo, ar oibleagáidí iad faoi thionchar Force Majeure, ar choinníoll nach mbeidh raon feidhme níos mó agus fad níos faide ag fionraí mar seo ná mar is gá mar gheall ar an Force Majeure.

Tuilleadh:

- 7.1.1 a luaithe agus is féidir go praiticiúil, ach cibé ar bith laistigh de chúig (5) Lá Oibre, cuirfidh an Páirtí Neamhthuillmheach in iúl don Pháirtí eile imthosca an Force Majeure, ag sainaithint chineál an imeachta, an fad a bhfuiltear ag súil leis a thógfaidh sé, agus na hoibleagáidí faoi leith a gcuireann seo isteach orthu, agus soláthróidh siad tuairiscí ag cibé eatraimh is a fhéadfaidh an Páirtí eile a iarraidh go réasúnta, maidir leis sin le linn thréimhse an Force Majeure;
- 7.1.2 úsáidfidh an Páirtí Neamhthuillmheach gach iarracht réasúnta chun an neamhábaltaacht seo feidhmiú a leigheas agus chun gach feidhmiú a n-oibleagáidí a thosú arís faoin gConradh;
- 7.1.3 ní scaoilfear de thoradh ar Force Majeure ceachtar Páirtí ó aon oibleagáid a tháinig chun cinn roimh an Force Majeure agus ar féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go gcomhlíonfar iad.
- 7.1.4 láithreach bonn tar éis don Force Majeure tarlú, déanfaidh gach Páirtí gach iarracht réasúnta dul i gcomhairle leis an bPáirtí eile maidir leis an gcaoi is fearr a n-oibleagáidí a fheidhmiú faoin gComhaontú go dtí sin de réir mar is féidir a dhéanamh go praiticiúil le linn thréimhse an Force Majeure;
- 7.1.5 cuirfidh an Páirtí Neamhthuillmheach, tar éis dóibh a bheith ábalta tabhairt faoina n-oibleagáidí a chur i bhfeidhm ina n-iomláine arís faoin gComhaontú, cuirfidh siad ar fáil don Pháirtí eile fógra scríofa a chuireann sin in iúl, gan mhoill; agus

7.1.6 a fhad agus is féidir féachfaidh an Páirtí Neamhthuillmheach le hiarmhairtí an tarlaithe Force Majeure a mhaolú.

7.2 Sa chás go leanann teagmhas Force Majeure ar aghaidh níos mó ná dhá mí dhéag (12), ansin féadfaidh an Páirtí nach gcuireann an Force Majeure isteach orthu, trí fhógra i scríbhinn chuig an bPáirtí Neamhthuillmheach, an Comhaontú seo a fhoirceannadh le héifeacht ó dháta fógra mar seo. Ar fhoirceanna an Chomhaontaithe seo de bhun an Chlásail seo 7.2, aithníonn na Páirtithe go dtarraingeoidh an tAire siar an Litir Thairisceana.

8 Cásanna Mainneachtana agus Foirceannadh

8.1 Beidh na tarluithe nó imthosca seo a leanas ina gCásanna Mainneachtana:

8.1.1 ní chomhlíonann an Gineadóir a n-oibleagáid faoi Chlásal 6 den Chomhaontú seo; nó

8.1.2 tá éileamh déanta ag an Aire faoin Ráthaíocht Feidhmíochta agus níl an méid sin íoctha leis an Aire laistigh den fhráma ama le haghaidh íocaíochta arna shonrú sa Ráthaíocht Feidhmíochta; nó

8.1.3 tá an Gineadóir ag déanamh Sárú Ábhartha; nó

8.1.4 aon ghníomh eile, neamhfheastal nó easnamh lena sáraítear an Comhaontú seo agus ar thug an tAire fógra ina leith (“fógra ar shárú”) don Ghineadóir, ag éileamh go gceartófaí an sárú agus gur theip ar an nGineadóir ceartú laistigh d’fhiche (20) Lá Oibre ón bhfógra ar shárú nó cibé tréimhse níos faide agus a fhéadfaidh an tAire, faoina rogha féin amháin a shonrú san fhógra ar shárú; nó

8.1.5 maidir leis an nGineadóir:

(a) níl siad ábalta a bhfiacha a íoc laistigh de chiall Alt 570 d’Acht na gCuideachtaí 2014 (agus ní mheasfar Páirtí gan a bheith ábalta a bhfiacha a íoc má tá an Páirtí atá i gceist ag cur in aghaidh aon éileamh ar íocaíocht le hintinn mhaith le gach beart agus nós

imeachta ar fáil) nó má théann siad isteach in aon scéim, comhaontú nó socrú deonach (seachas chun críoch atógáil shócmhainneach nó cónascadh ar théarmaí agus laistigh de thréimhse de réir mar a d'fhéadfadh a bheith faofa roimhe i scríbhinn ag an Aire); nó

- (b) tá glacadóir nó scrúdaitheoir ceaptha acu ar iomlán nó ar aon pháirt ábhartha dá sócmhainní nó fiontar; nó
- (c) ritheann siad aon rún le haghaidh foirceannadh; nó
- (d) tarlaíonn aon rud analógach le, nó a bhfuil éifeacht comhchosúil go substainteach le, haon cheann de na teagmhais nó aon imthosca a shonraítear i gClásal 8.1.5 (a) – (c) thuas in aon dlínse maidir leis an nGineadóir; nó

8.1.6 Ní bhaintear Oibriúchán Tráchtála amach faoin Dáta Stad Fhada.

8.2 Sa chás go dtagann Cás Mainneachtana chun cinn nó go bhfoirceannann an tAire an Comhaontú seo de réir Chlásal 7.2, beidh an tAire i dteideal:

8.2.1 éileamh láithreach a dhéanamh faoin Ráthaíocht Feidhmíochta; agus / nó

8.2.2 an Comhaontú seo agus an Litir Thairisceana a fhoirceannadh le héifeacht láithreach.

8.3 Ní bheidh aon dliteanas ag an Aire i leith an Ghineadóira mar gheall ar a leithéid de cheart ar fhoirceannadh nó aisghairm na Litreach Tairisceana de réir Chlásal seo 8.

9 Éifeachtaí Foirceanta

9.1 Mairfidh forálacha ábhartha an Chomhaontaithe seo tar éis aon éag nó foirceannadh an Chomhaontaithe seo an méid is gá chun foráil a dhéanamh le haghaidh íocaíocht dheireanach aon íocaíochtaí, muirear agus airgid eile atá dlite agus le híoc de bhun an Chonartha seo.

- 9.2 Ní bheidh tionchar mar gheall ar fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo ag an Aire ina iomláine faoi Chlásal 8.2 ar aon chearta nó oibleagáidí na bPáirtithe atá fabhráithe ag am foirceannta mar seo nó, nuair atá bainteach, oibleagáidí leanúnacha na bPáirtithe faoin gConradh seo.

10 Scaradh

Má tá nó má éiríonn aon fhoráil den Chomhaontú seo neamhbhailí, do-infheidhmithe nó mídhleathach mar gheall ar bhreithiúnas nó cinneadh aon chúirte ag a bhfuil dlínse inniúil nó aon Údarás Inniúil a bhfuil sé faoina réir nó mar gheall ar aon ordú an chomhlachta ábhartha den Aontas Eorpach, measfar sin a bheith inscartha agus beidh an chuid eile i bhfeidhm agus in éifeacht. I gcás ar bith, déanfaidh na Páirtithe idirbheartaíocht le hintinn mhaith d'fhonn foráil amháin nó níos mó a chomhaontú a d'fhéadfaí a chur in ionad aon fhoráil neamhbhailí nó neamh-infheidhmithe mar seo chun éifeacht a thabhairt, an oiread atá indéanta, i spiorad an Chomhaontaithe.

11 Fógraí

- 11.1 Beidh aon fhógra a thabharfaidh Páirtí amháin don Pháirtí eile faoin gComhaontú seo i scríbhinn agus cuirfear nó seachadfar é chuig an seoladh, agus beidh sé marcáilte faoi bhráid an duine a shonraítear i gClásal 11.4. Féadfaidh ceachtar Páirtí, le fógra don Pháirtí eile, arna thabhairt de réir an Chlásail seo 11, a seoladh nó an duine sa Pháirtí sin a bhfuil fógraí mar seo le seoladh nó le seachadadh chuige a athrú.
- 11.2 Seachadfar go pearsanta nó cuirfear trí phost cláraithe réamhíoctha (aerphost más thar lear) nó aistriú leictreonach gach fógra scríofa mar seo. Dearbhófar cumarsáid trí mhodhanna leictreonacha trí chóip di a chur ar aghaidh trí phost cláraithe réamhíoctha.
- 11.3 Measfar aon fhógra a sheachadtar, a chuirtear sa phost nó a aistrítear a bheith tugtha:
- 11.3.1 i gcás seachadadh pearsanta, nuair a sheachadfar é; nó
 - 11.3.2 i gcás post cláraithe réamhíoctha, ar an dara lá tar éis an dáta poist (nó, más aerphost é go dtí nó ó thar sáile, ar an gcúigiú lá tar éis an dáta poist),

ar choinníoll, má chomhlíontar na coinníollacha seo thuas, go seachadtar nó go bhfaightear aon fhógra nó cumarsáid mar seo lasmuigh d'uaireanta oibre lá ar bith, measfar fógra nó cumarsáid mar seo a bheith seirbheálte ag tús na huaire oibre an chéad Lá Oibre ina dhiaidh sin.

11.4 An tAire

Seoladh: An Príomhoifigeach, an Rannóg Idirnáisiúnta agus Fuinnimh Amach ón gCósta
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 29 – 31
Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath, D02 X285

Faoi bhráid: Foireann ORESS, an Rannóg Idirnáisiúnta agus Fuinnimh Amach ón gCósta

An Gineadóir

Seoladh: [•]

Faoi bhráid:: [•]

12 An Comhaontú Iomlán

Is ionann an Comhaontú seo, agus na comhaontuithe nó doiciméid idir an Gineadóir agus an tAire dá dtagraítear anseo istigh an comhaontú iomlán agus an t-aon chomhaontú idir na Páirtithe a bhaineann leis an Tionscadal ORESS 1.

13 Difríocht

Ní cheadmhach an Comhaontú seo a athrú ach i scríbhinn ag na Páirtithe.

14 Tarscaoileadh

14.1 Ní dhéanfaidh an mhoill nó easnamh ag aon Pháirtí den Chomhaontú seo i bhfeidhmiú aon chirt, cumhachta nó leighis arna sholáthar ag an dlí nó faoin

gComhaontú seo:

14.1.1 tionchar a imirt ar an gceart, cumhacht nó leigheas sin; nó

14.1.2 feidhmiú ar tharscaoileadh air.

14.2 Ní chuirfear cosc le feidhmiú nó páirtfheidhmiú aon chirt, cumhachta nó leighis arna sholáthar ag an dlí nó faoin gComhaontú seo ar aon cheann eile nó ar a fheidhmiú arís nó ar fheidhmiú aon chirt, cumhachta nó leighis eile.

15 Contrapháirteanna

15.1 Féadfar an Comhaontú seo a fhorghníomhú i líon ar bith contrapháirteanna, agus ag na Páirtithe ar chontrapháirteanna faoi leith, ach ní bheidh sé éifeachtach go dtí go bhfuil contrapháirt amháin ar a laghad forghníomhaithe ag gach Páirtí.

15.2 Beidh gach contrapháirt ina bunchóip den Chomhaontú seo, ach ní bheidh sna contrapháirteanna go léir le chéile ach an t-aon ionstraim chéanna.

16 Dlí Rialaithe agus Dlíinse

Beidh an Comhaontú seo rialaithe ag dlíthe na hÉireann agus forléirithe dá réir agus beidh dlínse eisiach ag Cúirteanna na hÉireann maidir le haon ní a thagann chun cinn faoin gComhaontú seo nó maidir leis.

Á FHIANÚ sin d'fhorfheidhmigh na Páirtithe leis seo an Comhaontú seo an lá agus an bhliain a scríobhtar anseo istigh ar dtús.

Aguisín 1

Foirm Litreach Tairisceana

Ár dTagairt: ORESS 1/X/YYYY

[•] 20[•]

[Ainm dlíthiúil an Iarratasóra]

[Seoladh (lena n-áirítear EirCode)]

[seoladh ríomhphoist]

Comórtas ORESS 1

Litir Thairisceana

Maidir le: [Ainm an Tionscadail ORESS 1] - Tagairt ORESS 1. Uimhir: 2/YYYY (luaigh in aon chomhfhreagras amach anseo le do thoil)

A [Úsáideoir Údaraithe•] a chara,

Treoraíonn an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide mé tagairt do d'iarratas sa Cheant ORESS 1 (Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite Amach ón gCósta 1) .

Táim sásta a insint duit gur glacadh isteach in ORESS 1 an Tionscadal ORESS 1 a léirítear sa tábla seo thíos, faoi réir na gcoinníollacha a chuirtear in iúl thíos:

Iarratasóir	Tionscadal ORESS 1	Praghas Tairisceana
[Ainm dlíthiúil an Iarratasóra] [Seoladh (lena n-áirítear EirCode)]	[Ainm an Tionscadail ORESS 1], [•]MW, [•], baile fearainn, seoladh Gineadóra, Contae	€[PraghasTairisceanaORESS1]/MWh

Is é [•] an Uimhir Thagartha ORESS 1 maidir leis an Tionscadal ORESS 1 seo agus ba cheart í a lua i do chomhfhreagras go léir leis an Aire.

Beidh an chiall ag téarmaí a bhfuil ceannlitir acu a úsáidtear ach nach sainmhínítear anseo istigh a thugtar dóibh i dtéarmaí agus coinníollacha ORESS 1 atá ar fáil go poiblí ag [cuir

isteach nasc].

Coinníollacha na tairisceana seo

1. Go gcloífidh tú le téarmaí agus coinníollacha ORESS 1
2. Ní mór duit cloí leis an gComhaontú maidir le Feidhmiú lena n-áirítear gach Garsprioc nach mór a chur i gcrích a bhaint amach faoin gComhaontú maidir le Feidhmiú faoina ndátaí faoi leith le críochnú.
3. Tá Toiliú Amach ón gCósta riachtanach i gcónaí maidir le do Thionscadal ORESS 1 chun fanacht comhlíontach maidir le Téarmaí agus Coinníollacha ORESS 1.
4. Ní mór do Thionscadail ORESS 1 a bheith méadraithe faoi seach.
5. Ní mór aon athruithe ábhartha don Tionscadal ORESS 1 mar atá glactha isteach in ORESS 1 a bheith ceadaithe ag an Aire.
6. Cuirtear i gcuimhne duit an riachtanas maidir le méadrú agus an riachtanas an soláthraí bainteach fianaise a chur ar fáil don Údarás Rialála maidir le rialú teicniúil chun a chinntiú nach féidir an MEC a shárú go fisiciúil.

Coinníollacha na tairisceana seo maidir leis an Ordú PSO

Ní mór cloí leis na coinníollacha breise seo a leanas chun go gcuirfí an Tionscadal ORESS 1 san áireamh san Ordú PSO:

7. Dearbhú nach lorgófar Ráthaíocht Bhunúis i leith aschur an Tionscadail ORESS 1;
8. Fianaise go bhfuil an soláthraí lena ndearna an Gineadóir PPA i dtaca leis an Tionscadal ORESS 1 tar éis a chur in iúl don Údarás Rialála go bhfuil an Tionscadal ORESS 1 i dteideal Íocaíocht ORESS 1 sa Bhliain Tobhaigh PSO ag teacht; agus
9. Deimhniú Imréitigh Cánach reatha an Ghineadóira ó na Coimisinéirí Ioncaim nó maidir le cónaitheoirí neamhchánach, deimhniú nó ráiteas oiriúnachta ó Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann.

Ní mór an fhaisnéis seo a chur isteach go dtí an tAire laistigh de thríocha (30) Lá Oibre ar a mhéad ó chuireann soláthraí in iúl don Údarás Rialála go bhfuil an Tionscadal ORESS 1 sonraithe le cur san áireamh sna ríomhaireachtaí le haghaidh na Bliana Tobhaigh PSO at teacht.

Nótáiltear nach féidir Tacaíocht ORESS 1 a íoc ach le Tionscadail ORESS 1 in aon bhliain faoi leith faoi réir dhá choinníoll:

1. gur cuireadh na Tionscadail ORESS 1 san áireamh i gcinneadh bliantúil PSO an Údaráis Rialála; agus
2. go bhfuil na Tionscadail ORESS 1 san áireamh in ionstraim reachtúil an Ordaithe PSO bhliantúil.

Admhálacha

Ní mór duit fáil na tairisceana seo a admháil i scríbhinn laistigh de dheich (10) Lá Oibre ó dháta na litreach seo.

Is mise le meas

Príomhoifigeach
An Rannóg Idirnáisiúnta agus Fuinnimh Amach ón gCósta

Cc: EirGrid: RESS@EirGrid.com

Aguisín 2

Garspriocanna

#	Garsprioc	Dáta Garsprice Eatramhaí agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Eatramhaí a bhaint amach	Dáta Garsprice Deiridh agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Deiridh a bhaint amach
1.	Eiseoidh an Gineadóir dhá bhunchóip fhorghníomhaithe den Chomhaontú maidir le Feidhmiú.	N/B	Mura bhfuil sé i gcrích faoi Dháta an Chomhaontaithe maidir le Feidhmiú agus an Tuairisceáin Ráthaíochta Feidhmíochta, aisghairfear an Fógra Dámhachtana.
2.	Eiseoidh an Gineadóir don Aire Ráthaíocht Feidhmíochta de réir théarmaí an Chomhaontaithe maidir le Feidhmiú.	N/B	Mura bhfuil sé i gcrích faoi Dháta an Chomhaontaithe maidir le Feidhmiú agus an Tuairisceáin Ráthaíochta Feidhmíochta, aisghairfear an Fógra Dámhachtana.
3.	Comhlánóidh an Gineadóir agus cuirfidh siad isteach Ceistneoir Plean Seachadta Tionscadail de réir Alt 8.6 de théarmaí agus coinníollacha ORESS 1.	N/B	Mura bhfuil sé i gcrích faoi thrí (3) mhí tar éis Dháta an Chomhaontaithe maidir le Feidhmiú agus an Tuairisceáin Ráthaíochta Feidhmíochta, aisghairfear an Fógra Dámhachtana.

#	Garsprioc	Dáta Garsprice Eatramhaí agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Eatramhaí a bhaint amach	Dáta Garsprice Deiridh agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Deiridh a bhaint amach
4.	[Cuirfidh an Gineadóir isteach fianaise a bheidh sásúil don Aire gur ghlac an Gineadóir le agus gur shínigh an Gineadóir Comhaontú um Nascadh Eangaí agus chun a chur isteach chuig an Aire uimhir thagartha an Chomhaontaithe um Nascadh Eangaí.] ¹	[Mura bhfuil sé i gcrích faoin [X], beidh an tAire i dteideal íostarraingthe suas le 25% ar a mhéad den Ráthaíocht Feidhmíochta (4% sa mhí).]	[Mura bhfuil sé i gcrích faoin [X], aisghairfear an Litir Thairisceana agus tarraingeofar anuas an chuid eile den Ráthaíocht Feidhmíochta.]
5.	Cuirfidh an Gineadóir isteach cóip den Toiliú Pleanála maidir leis an Tionscadal ORESS 1.	Mura bhfuil sé i gcrích faoin 31 Márta 2024, beidh an tAire i dteideal íostarraingthe suas le 25% ar a mhéad den Ráthaíocht Feidhmíochta (4% sa mhí).	Mura bhfuil sé i gcrích faoin 30 Meitheamh 2024, aisghairfear an Litir Thairisceana agus tarraingeofar anuas an chuid eile den Ráthaíocht Feidhmíochta.
6.	Comhlánóidh an Gineadóir agus cuirfidh siad isteach Ceistneoir nuashonraithe Plean Seachadta Tionscadail de réir Alt 8.6 de théarmaí agus coinníollacha ORESS 1.	N/B	Le cur isteach laistigh de thrí (3) mhí tar éis Garsprioc 5 (Toiliú Pleanála) a bhaint amach. Mura bhfuil sé i gcrích faoin dáta seo, beidh an tAire i dteideal íostarraingthe suas le 25% ar a mhéad den Ráthaíocht Feidhmíochta

¹ **Nóta le haghaidh Comhairliúcháin:** Forbairt leanúnach ag CRU agus EirGrid ar an bpróiseas nasctha amach ón gcósta a dhéanfaidh eolas le haghaidh cuimsiú agus dátaí ábhartha garspriocanna den Chomhaontú um Nascadh Eangaí (4,9).

#	Garsprioc	Dáta Garsprice Eatramhaí agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Eatramhaí a bhaint amach	Dáta Garsprice Deiridh agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Deiridh a bhaint amach
			(1% sa mhí).]
7.	Cuirfidh an Gineadóir isteach fianaise ar an Dáta Tosaigh.	Mura bhfuil sé i gcrích faoin 31 Nollaig 2024, beidh an tAire i dteideal íostarraingthe suas le 25% ar a mhéad den Ráthaíocht Feidhmíochta (4% sa mhí).	Mura bhfuil sé i gcrích faoin 30 Meitheamh 2025, aisghairfear an Litir Thairisceana agus tarraingeofar anuas an chuid eile den Ráthaíocht Feidhmíochta.
8.	Comhlánóidh an Gineadóir agus cuirfidh siad isteach Ceistneoir nuashonraithe Plean Seachadta Tionscadail de réir Alt 8.6 de théarmaí agus coinníollacha ORESS 1.	N/B	Le cur isteach laistigh de thrí (3) mhí tar éis Garsprioc 7 (Dáta Tosaigh) a bhaint amach. Mura bhfuil sé i gcrích faoin dáta seo, beidh an tAire i dteideal íostarraingthe suas le 25% ar a mhéad den Ráthaíocht Feidhmíochta (1% sa mhí).]
9.	[Tabharfaidh an Gineadóir litir don Aire lena ndearbhófar go bhfuarthas ón OCE an 'Íocaíocht Dara Céime' faoin gComhaontú um Nascadh Eangaí.]	[Mura bhfuil sé i gcrích faoin [X], íostarraingthe suas le 25% ar a mhéad den Ráthaíocht Feidhmíochta (4% sa mhí).]	[Mura bhfuil sé i gcrích faoin [X], aisghairfear an Litir Thairisceana agus tarraingeofar anuas an chuid eile den Ráthaíocht Feidhmíochta.]
10.	Bainfidh an Gineadóir amach Oibriúchán Tráchtála.	Mura bhfuil sé i gcrích faoin 30 Meitheamh 2027,	Mura bhfuil sé i gcrích faoin 30 Meitheamh

#	Garsprioc	Dáta Garsprice Eatramhaí agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Eatramhaí a bhaint amach	Dáta Garsprice Deiridh agus iarmhairtí má tá teip ann Dáta Garsprice Deiridh a bhaint amach
		creimeadh théarma an chonartha comhionann leis an tréimhse ama idir an 30 Meitheamh 2027 agus Dáta Oibriúcháin Tráchtála.	2028, aisghairfear an Litir Thairisceana agus tarraingeofar anuas an chuid eile den Ráthaíocht Feidhmíochta.
11.	Comhlánóidh an Gineadóir agus cuirfidh siad isteach Ceistneoir nuashonraithe Plean Seachadta Tionscadail de réir Alt 8.6 de théarmaí agus coinníollacha ORESS 1.	N/B	Le cur isteach laistigh de thrí (3) mhí tar éis Garsprioc 10 (Oibriúchán Tráchtála) a bhaint amach. Mura bhfuil sé i gcrích faoin dáta seo, beidh an tAire i dteideal íostarraingthe suas le 25% ar a mhéad den Ráthaíocht Feidhmíochta (1% sa mhí).

Aguisín 3

Ráthaíocht Feidhmíochta

Banna le bheith curtha ar fáil ag Banc nó Institiúid Airgeadais

Chuig: An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Dáta [●]

A Chairde,

Ráthaíocht Feidhmíochta arna eisiúint de bhun an Chomhaontaithe maidir le Feidhmiú sa mhéid €[●]

Faoin gComhaontú maidir le Feidhmiú idir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an “**Tairbhí**”) agus [●] (an “**Gineadóir**”) (an “**Comhaontú um Feidhmiú**”), comhaontaíodh go ndéanfadh an Gineadóir eisiúint Ráthaíochta Feidhmíochta a sholáthar i bhfabhar an Tairbhí i bhfoirm an doiciméid seo.

Tá an Ráthaíocht Feidhmíochta seo faoi réir na Rialacha UCP ach amháin sa chás go ndeirtear a mhalairt.

Eisíonn [●] lena áit ghnó ag [●] (“**an tEisitheoir**”) an Ráthaíocht Feidhmíochta seo, uimhir [●], agus comhaontaíonn siad go neamh-inchúlghairthe agus go neamhchoinníollach mar seo a leanas:

1. Sa Ráthaíocht Feidhmíochta seo (agus gach Éileamh), ach amháin go n-éilítear a mhalairt sa chomhthéacs:

Ciallaíonn “**Sínitheoir Údaraithe**” oifigeach den Tairbhí ag a bhfuil an t-údarás Éileamh a fhorghníomhú agus a bhfuil a n-ainm agus síniú samplach curtha in iúl don Eisitheoir ag an Tairbhí roimh sheirbheáil an Éilimh;

Ciallaíonn “**Éileamh**” fógra scríofa éilimh a sheirbheálann an Tairbhí ar an Eisitheoir san fhoirm a leagtar amach sa Cheangaltán leis an Ráthaíocht Feidhmíochta seo;

Ciallaíonn “**Dáta Éagtha**” cibé acu is luaithe (i) an dáta seacht (7) mí tar éis an Dáta Oibriúcháin Tráchtála (mar a shainmhínítear sa Chomhaontú maidir le Feidhmiú) agus

(ii) 30 Eanáir 2029;

Ciallaíonn “**Méid Sonraithe**” maidir le haon Éileamh an méid sonraithe san Éileamh; agus

Ciallaíonn “**Rialacha UCP**” Nósanna agus Cleachtais Aonfhoirmeacha ICC le haghaidh Creidiúintí Doiciméadacha, Athbhreithnithe 2007 (UCP 600) agus gach athbhreithniú ina dhiaidh sin air sin ach amháin má deirtear a mhalairt. Is ionann tagairt d’aon alt agus tagairt dá leithéid d’alt sna Rialacha UCP nó, nuair is cuí, an t-airteagal coibhéseach in aon athbhreithnithe ina dhiaidh sin ar na Rialacha UCP.

2. Gabhann an tEisitheoir orthu féin go neamh-inchúlghairthe agus go neamhchoinníollach go ndéanfaidh siad, ar sheirbheáil Éilimh i bhfoirm pháipéir ag an seoladh a shonraítear thíos i gclásal 7 (nó aon seoladh eile mar seo mar a chomhaontaítear idir an Tairbhí agus an tEisitheoir) roimh an Dáta Éagtha, agus laistigh de thrí (3) lá gnó ó sheirbheáil an Éilimh, a íoc leis an Tairbhí an Méid Sonraithe, ach amháin má dhéantar sin go sárófaí an teorainn chomhiomlán a leagtar amach i gclásal 3 den Rátháíocht Feidhmíochta seo, agus sa chás seo íocfaidh an tEisitheoir leis an Tairbhí an oiread den Méid Sonraithe is féidir a íoc gan a leithéid de theorainn a shárú. Ní mór don seoladh a sonraítear thíos i gclásal 7 a bheith ina sheoladh i bPoblacht na hÉireann.
3. Féadfaidh an Tairbhí Éileamh amháin nó níos mó a dhéanamh faoin Rátháíocht Feidhmíochta seo ar choinníoll nach sáróidh méid comhiomlán gach Éilimh agus dliteanas comhiomlán an Eisitheora faoin Rátháíocht Feidhmíochta seo [cuir isteach uasmhéid Rátháíochta Feidhmíochta].
4. Déanfar aon íocaíocht faoin Rátháíocht Feidhmíochta seo gan fhritháireamh ná frithéileamh agus saor ó aon asbhaint nó siarchoinneáil in euro i gcistí ar fáil láithreach, iomlán inaistrithe, trí aistriú go dtí an t-ainm seo a leanas:

Ainm an Chuntais:	
Uimhir an Chuntais:	
Ainm an Bhainc:	
Seoladh an Bhainc:	
Cód Sórtála:	

Cód Swift:	
IBAN:	

nó ar bhealach eile mar seo nó go dtí cuntas eile mar seo ag institiúid airgeadais in Éirinn amhail is a fhéadfaidh an Tairbhí ó am go ham a chur in iúl don Tairbhí i scríbhinn.

Sa chás go n-éilíonn an dlí asbhainteach nó siarchoinneáil mar seo a dhéanamh (bíodh sin ag an nGineadóir, Eiseitheoir nó eile) íocfaidh an tEiseitheoir an bealach céanna agus ag an am céanna a leithéid de mhéideanna breise agus a mbeidh de thoradh air an Tairbhí a bheith ag fáil an mhéid a gheobhadh siad mura n-éileofaí a leithéid d'asbhaint nó siarchoinneáil.

5. Stadfaidh oibleagáidí an Eiseitheora faoin Ráthaíocht Feidhmíochta ar an Dáta Éagtha, seachas:

(a) maidir le haon Éileamh a fhaigheann an tEiseitheoir roimh an Dáta Éagtha a mbeidh oibleagáid ar an Eiseitheoir ina leith (faoi réir théarmaí na Ráthaíochta Feidhmíochta) an Méid Sonraithe leis an Tairbhí; agus

(b) mar a ndéantar foráil ina leith i gclásal 11 den Ráthaíocht Feidhmíochta seo,

agus mairfidh forálacha an chláisail seo 5 tar éis éag na Ráthaíochta Feidhmíochta seo dá réir.

6. Ní bheidh tionchar i mbealach ar bith ar dhliteanas an Eiseitheora ó:

(a) aon am, logha nó faoiseamh a bheith tugtha do nó ag an Tairbhí nó an Gineadóir;

(b) aon leasú nó síneadh ar nó forlíonadh leis an gComhaontú maidir le Feidhmiú;

(c) aon neamhbhailíocht nó neamhrialtacht nó neamh-infhorfheidhmitheacht oibleagáidí aon duine faoin gComhaontú maidir le Feidhmiú; nó

(d) aon rud a dhéantar nó a fhágtar ar lár ach don fhoráil seo d'fhéadfadh sé gurb ionann

é agus comhlíonadh nó scaoileadh dleathach nó cothromasach an Eisitheora, nó cosaint dóibh.

7. Beidh aon fhógraí nó fógra a thugtar faoin Ráthaíocht Feidhmíochta seo i scríbhinn agus seirbheálfar é trí é a sheoladh trí phost nó é a fhágáil ag:

Más chuig an Eisitheoir: [•]
Poblacht na hÉireann

Faoi bhráid: [•]

Más chuig an Tairbhí: An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, 29 –
31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath, D02 X285

Faoi bhráid: An Príomhoifigeach, an Rannóg Idirnáisiúnta
agus Fuinnimh Amach ón gCósta

Féadfaidh an Tairbhí agus an tEisitheoir a seoladh ainmnithe a athrú go seoladh eile i bPoblacht na hÉireann le réamhfhógra scríofa go dtí an páirtí eile. Beidh aon fhógraí scríofa éifeachtach cibé acu is luaithe:

(a) ar a fháil iarbhír; nó

(b) dhá (2) lá tar éis é a chur sa phost nó a sheoladh.

[Comhaontaíonn an tEisitheoir [*Ainm, UIMHIR CHUIDEACHTA AGUS SEOLADH CLÁRAITHE IN ÉIRINN*] a cheapadh ó dháta na Ráthaíochta Feidhmíochta go dí an Dáta Éagtha mar a ngníomhaí in Éirinn chun críocha seirbheáil próise a fháil in aon imeachtaí a thugtar in éadan an Eisitheora maidir leis an Ráthaíocht Feidhmíochta seo²

8. Ní fhéadtar an Ráthaíocht Feidhmíochta seo a leasú ach le hionstraim i scríbhinn arna shíniú thar ceann an Tairbhí agus an Eisitheora.
9. Is é an dlí rialála a bheidh ann chun críocha na Ráthaíochta Feidhmíochta seo dlíthe na hÉireann. Is iad na Cúirteanna inniúla a bheidh ann Cúirteanna na hÉireann.

² **Nóta:** Scrios an fhoclaíocht i lúbíní cearnógacha má tá áit ghnó chláráithe acu in Éirinn agus go bhfuil an Ráthaíocht Feidhmíochta á cur ar fáil ar eintiteas Éireannach.

10. Féadfaidh an Tairbhí, tar éis toiliú scríofa an Eisitheora agus an Ghineadóra a fháil (níl a leithéid de thoiliú le coinneáil siar go neamhréasúnta) a gcearta agus oibleagáidí go léir a aistriú agus a shannadh faoin Ráthaíocht Feidhmíochta agus tá Airteagal 38 agus 39 de na Rialacha UCP fágtha amach go sonrach leis seo an oiread go gcuireann sé cosc a leithéid de shannadh.
11. Má théann an Ráthaíocht Feidhmíochta seo in éag le linn aon chur isteach ar ghnó de chineál dá dtagraítear in Airteagal 36 de na Rialacha UCP, ansin beidh an tEisitheoir fós dliteanach íocaíocht a dhéanamh faoin Ráthaíocht Feidhmíochta seo maidir le haon Éileamh a sheirbheáiltear tráth nach déanaí ná cúig lá gnó déag (15) tar éis don Eisitheoir a chur in iúl don Tairbhí nach bhfuil cur isteach ar a ghnó a thuilleadh. Gabhann an tEisitheoir orthu féin go gcuirfidh siad, laistigh de dhá (2) lá gnó ó scor le haon chur isteach ar ghnó dá dtagraítear in Airteagal 36 de na Rialacha UCP (a dtéann an Ráthaíocht Feidhmíochta in éag lena linn) in iúl don Tairbhí faoin scor sin. Déantar Airteagal 36 de na Rialacha UCP a leasú leis seo.
12. Beidh gach muirear agus táille faoin Ráthaíocht Feidhmíochta seo do chuntas an Ghineadóra.

Is mise le meas

[•]

Ceangaltán le hagusín 3

Foirm Éilimh

Chuig: [An tEisitheoir]

[Dáta]

Uimhir na Ráthaíochta Feidhmíochta [] dar dáta [] (an “Ráthaíocht Feidhmíochta”)

Tagraímid don Ráthaíocht Feidhmíochta dar dáta [] agus arna eisiúint agat inár bhfábhar. De réir pharagraf 2 den Ráthaíocht Feidhmíochta, déanaimid éileamh leis seo ar an tsuim EUR [] agus iarraidimid go n-íocfaidh tú sin láithreach le [cuntas sonraithe].

Don Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus thar a cheann.

Arna dhátú an [] de [] 20[]

[Síniú údaraithe]

Síithe ag oifigeach údaraithe (priontáil ainm)

Síniú: -

do, agus thar a cheann,

AN tAIRE COMHSHAOIL, AERÁIDE AGUS CUMARSÁIDE

i láthair (priontáil ainm):

Síniú Finné: -

Síithe ag (priontáil ainm)

Síniú: -

do, agus thar a cheann,

[GINEADÓIR]

i láthair (priontáil ainm):

Síniú Finné: -

Aguisín B
Ceistneoir Airgeadais

A Iarratasóir ORESS, a chara,

De réir Chinneadh AE maidir le Cúnamh Stáit agus meastóireacht ex post riachtanais na scéime

(https://ec.europa.eu/competition/elojade/isef/case_details.cfm?proc_code=3_SA_54683)

ceanglaítear ar iarratasóirí an fhaisnéis a shonraítear sa tábla thíos a chur ar fáil. Ba cheart do iarratasóirí a thabhairt faoi deara go bpléifidh an Roinn le gach faisnéis mar seo amhail is go bhfuil sí faoi rún agus íogair ó thaobh tráchtála de chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Cinnteoidh an Roinn, an oiread go n-úsáidtear a leithéid d'fhaisnéis in aon meastóireachta ex-post foilsithe, go mbeidh sé ar bhonn anaithnid ithe.

Sa chás go bhfuil iarratasóirí curtha isteach ag tairiscintí maidir le níos mó ná tionscadal amháin in ORESS 1, ba cheart don an t-iarratasóir freagairt faoi leith a chur isteach le haghaidh gach ceann dá thionscadail.

Iarraidh faisnéise	Freagairt an t-iarratasóir
Sonraí Tionscadail Cad é uimhir thagartha iarratais ORESS do thionscadail?	Cuir isteach an uimhir thagartha iarratais a chuir Eirgrid ar fáil le linn phróiseas an cheant.
An Tábhacht a bhaineann le ORESS Meas an dóchúlacht go mbeidh tú ábalta do thionscadal a sheachadadh, gan ORESS nó tacaíocht airgeadais eile ón Stát.	Roghnaigh ceann acu seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> > 99% (beagnach cinnte go seachadfar); 75% to 99% (an-dóchúil go seachadfar); 50% to 75% (dóchúil go seachadfar); 25% to 50% (neamhdhóchúil go seachadfar); 1% to 25% (an-neamhdhóchúil go seachadfar); nó < 1% (beagnach cinnte <u>nach</u> seachadfar).
Deiseanna neamh-ORESS Meas an dóchúlacht, le do thoil, go mbeidh tú ábalta do thionscadal a sheachadadh trí Chomhaontú Ceannaigh Cumhachta Corparáideach (PPA Corparáideach), nó ar bhealach eile, lena n-áirítear onnmhairiú go dlínsí eile	Roghnaigh ceann acu seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> > 99% (beagnach cinnte go seachadfar); 75% to 99% (an-dóchúil go seachadfar); 50% to 75% (dóchúil go seachadfar); 25% to 50% (neamhdhóchúil go seachadfar); 1% to 25% (an-neamhdhóchúil go seachadfar); nó < 1% (beagnach cinnte <u>nach</u> seachadfar).
Míniú	Roghnaigh ceann amháin nó níos mó acu seo a leanas:

Iarraidh faisnéise	Freagairt an t-iarratasóir
<p>Tabhair míniú achomair le do thoil ar do freagraí ar an ceisteanna a chur thuas.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Ní bheadh an tionscadal inmharthana ar bhonn eacnamaíoch gan tacaíocht RESS; • Ní dócha go rachadh an tionscadal ar aghaidh mar PPA corparáideach; agus/nó. • Eile – sonraigh, le do thoil
<p>Ráta Toraidh Inmheánach an Tionscadail (IRR) Meas IRR an Tionscadail (PIRR) ainmniúil roimh cháin maidir le do thionscadal, bunaithe do Phraghas Tairisceana sa cheant ORESS. Is é an PIRR an ráta lascaine a chothromaíonn Sreafaí Airgid Ainmniúla an Tionscadail go nialas. Ciallaíonn Ainmniúil go gcuimsíonn sé géarú nó boilsciú (i.e. ‘airgead an lae’, agus <u>ní</u> ‘i dtéarmaí réadacha’). Sreafaí Airgid an Tionscadail: — áirítear leo ioncaim an tionscadail, costais chaipitil agus oibriúcháin (féach sainmhínte thíos), agus coigeartuithe caipitil oibre; agus — fág amach gach Costas a bhaineann le Maoiniú, Cáin agus Mír Fabhráithe. Sa chaoi seo: — Áirítear le Costais Mhaoinithe ús, socrú maoinithe nó táillí athmhaoinithe, díbhinní; — Áirítear le cánacha cáin chorparáideach, cáin gnóthachain caipitil, CBL, rátaí agus dleacht stampála; agus — Áirítear le míreanna fabhráithe dímhéas, amúchadh agus coigeartuithe cuntasaíochta fabhráithe eile ar shreafaí airgid an tionscadail.</p>	<p>Roghnaigh ceann acu seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • PIRR \geq 10%; • 10% > PIRR \geq 8%; • 8% > PIRR \geq 6%; • 6% > PIRR \geq 4%; • 4% > PIRR \geq 2%; or • 2% > PIRR.
<p>Costais chaipitil Cuir in iúl, le do thoil, iomlán na gCostas Caipitil Ainmniúil a bhaineann le do thionscadal, i gcomparáid lena Chainníocht Tairisceana. Costais Chaipitil Ainmniúla: — áirítear orthu gach costas a bhaineann le pleanáil, dearadh, tógáil, teagmhas, géarú nó boilsciú, bainistíocht tionscadail, gléasra, innealra, trealamh agus fáil eile, suiteáil nó scartáil a bhaineann le tógáil na háise giniúna nó costais eile de chineál caipitil a fhabhróidh do thionscadal go díreach – ach gan costais nasctha eangaí; — fág amach gach Costas Airgeadais agus</p>	<p>Sonraigh Costais Chaipitil Ainmniúla iomlána go dtí an €100,000 is gaire ina aghaidh 1 MW agus an luach do 2023.</p>

Iarraidh faisnéise	Freagairt an t-iarratasóir
Cáin.	
<p>Costais Oibriúcháin bhliantúla Cuir in iúl, le do thoil, na Costais Oibriúcháin Bhliantúla le haghaidh do thionscadail, i gcomparáid lena Chainníocht Tairisceana. Costais Oibriúcháin:</p> <ul style="list-style-type: none"> — áirítear leo seo gach costas a bhaineann le deisiú, cothabháil, oibríochtaí agus bainistíocht a bhaineann le hoibriúchán na háise ginte; — fág amach gach Costas Airgeadais agus Cáin. <p>Ciallaíonn Bliantúil an costas cothromaithe thar shaol iomlán na háise.</p>	<p>Sonraigh Costais Oibriúcháin Ainmniúla go dtí an €10,000 is gaire ina aghaidh 1 MW agus sonraigh luach e.g ainmniúil leibhéalta.</p>

Aguisín C

Ceistneoir maidir le Plean Seachadta Tionscadail

Chun eolas a dhéanamh do bheartas Rialtais agus do dhearadh ceantanna ORESS amach anseo, iarrtar ar gach Iarratasóir Rathúil freagairtí a dhéanamh agus a chur isteach go dtí an Ceistneoir maidir le Plean Seachadta Tionscadail de réir na nGarspriocanna ag Aguisín 2.

Ba cheart d'Iarratasóirí Rathúla a thabhairt faoi deara go bpléifidh an Roinn le gach faisnéis amhail is go bhfuil sí faoi rún agus íogair ó thaobh tráchtála de chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Cinnteoidh an Roinn, an oiread go n-úsáidtear a leithéid d'fhaisnéis in aon mheastóireacht ex-post foilsithe, go mbeidh sé ar bhonn anaithnidithe.

Ní mór freagairt faoi leith don Cheistneoir Plean Seachadta Tionscadail a chur ar fáil le haghaidh gach Tionscadal ORESS 1 dá bhfuil Comhaontú maidir le Feidhmiú forghníomhaithe.

Ní mór freagairtí ar Cheistneoirí Plean Seachadta Tionscadail a chur ar ais faoi na spriocdhátaí ábhartha sa Chomhaontú maidir le Feidhmiú trí ríomhphost go dí bosca poist

ORESS@decc.gov.ie nó trí phost chuig;

Foireann ORESS 1,
An Rannóg Idirnáisiúnta agus Fuinnimh Amach ón gCósta,
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide,
29-31 Bóthar Adelaide,
Baile Átha Cliath 2.
D02 X285

1. Achoimre an Tionscadail

Cuir ar fáil, le do thoil, léargas ginearálta ar stádas do Thionscadail ORESS 1 (4 leathanach ar a mhéad). Ba cheart go n-áireofaí leis seo, ach nach mbeadh sé teoranta do, an fhaisnéis seo a leanas:

1.1. Méid an tionscadail ORESS 1 agus príomhshuíomhanna (arna gcur in iúl in acmhainneacht MW).

1.2. Struchtúr Úinéireachta le míniú.

1.3. An chéim forbartha agus príomh-**gharspriocanna tionscadail** san am a chuaigh thart agus amach anseo, lena n-áirítear an dáta a bhfuiltear ag dréim le tógáil tosú, an chéad chumhacht a sheachadadh, an coimisiúnú agus díchoimisiúnú deiridh a bhfuiltear a tnúth leo etc.

1.4. Cuir síos ar iarrachtaí faisnéis mhargaidh a bhailiú maidir le hinfhaighteacht soláthraithe cumasacha Éireannacha³ agus cuibhreannais nó comhghuaillíochta féideartha soláthraithe

³ **Nóta:** Sa Cheistneoir Plean Seachadta Tionscadail, tagraíonn 'soláthraithe' do chonraitheoirí agus soláthraithe eile earraí agus seirbhísí maidir leis an Tionscadal ORESS 1, ach ar mhaithe le hamhras a sheachaint ní áirítear leo ceannaitheoirí leictreachais maidir leis an Tionscadal ORESS 1.

Éireannacha, agus soláthraithe Éireannacha agus idirnáisiúnta, le breithniú i dtairiscintí iomaíocha a bhfuil baint acu le Tionscadal ORESS 1.

1.5 A fhad is go bhfuil faisnéis ar fáil ag an am a gcuirtear isteach í, agus i bhformáid tábla, cuir ar fáil **gach** conradh, fochonradh agus ordú ceannaigh **reatha agus a bhfuiltear ag tnúth leo amach anseo** atá níos mó ná €1 milliún le heisiúint agatsa agus do chonraitheoirí agus soláthraithe ar an gcéad leibhéal don tionscadal, arna miondealú de réir na gcéimeanna seo, (i) Caiteachas Forbartha, (ii) Caiteachas Caipitil, (iii) Caiteachas Oibríochtúil agus (iv) Díchoimisiúnú Caiteachais (an “**Plean Slabhra Soláthair Achomair**”).

1.6. Tabhair fardal cuimsitheach, le do thoil, de **gach** gníomhaíocht agus a dtorthaí ionchais atá istigh i do Phlean Slabhra Soláthair Achomair chun monatóireacht éifeachtúil agus seachadadh do Phlean Slabhra Soláthair Achomair a éascú.

2. Timpeallacht Gnó

Sa chuid seo den cheistneoir fiosraítear an Tionscadal ORESS 1 maidir le cur chun cinn próiseas soláthair iomaíoch lena leathnaítear slabhraí soláthair, a laghdaítear costais agus loirg charbóin, agus a bhaintear ar shiúl bacainní ar iontráil do sholáthraithe áitiúla. Is gníomhaíochtaí iad a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo gníomhaíochtaí lena dtacaítear le táirgiúlacht, iomaíocht, agus acmhainneacht gnólachtaí agus soláthraithe, go díreach nó trí chomhghuaillíochtaí. (Níl aon uaslíon leathanach ann le haghaidh na codach seo).

2.1 Ba cheart go soláthrófaí le cur chun feidhme fuinnimh in-athnuaite fás eacnamaíoch a sheachadadh sna háiteanna a bhfuil na forbairtí seo suite agus go gcuirfí le téarnamh eacnamaíoch gearrthéarmach na tíre ón bpaindéim dhomhanda agus claochlú tionsclaíoch sa téarma níos faide ar fhuinneamh in-athnuaite agus geilleagar glas.

- (a) Cainníochtaigh, le do thoil, na **leibhéil d’Inneachar Éireannach** ionchais atá le seachadadh ar feadh shaolré an Tionscadail ORESS 1, arna miondealú de réir (i) Caiteachas Forbartha, (ii) Caiteachas Caipitil, (iii) Caiteachas Oibríochtúil agus (iv) Caiteachas ar Dhíchoimisiúnú agus mór-chomhpháirteanna an Tionscadail ORESS 1.
- (b) Cuir ar fáil tráchttaireacht scríofa nach mó ná 500 focal chun na cúiseanna le do leibhéal Inneachair Éireannaigh ionchais a mhíniú i ngach céim den Tionscadal ORESS 1. Féadfaidh tráchttaireachtaí a bheith foilsithe agus níor cheart faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála a nochtadh iontu.

2.2 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtúla an Tionscadail ORESS 1 chun **do shlabhraí soláthar a dhreasú chun lorg carbóin íseal a chinntiú** sna hearraí agus

seirbhísí a chuireann siad ar fáil don Tionscadal ORESS 1.

2.3 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 chun **bearnaí a shainaithint agus a réiteach i gcumas agus táirgiúlacht i do shlabhraí soláthair idirnáisiúnta agus Éireannacha** chun iomaíocht a fheabhsú agus, dá réir sin, costais tionscadail agus riosca a laghdú. **Sainaithin an chaoi a dtacóidh do ghníomhaíochtaí, go díreach nó i gcomhordú leis an tionscal níos leithne, le soláthar do ghealltanais i leith Inneachar Éireannach.**

2.4 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 chun **feabhas a chur ar infheictheacht deiseanna** do sholáthraithe laistigh de shlabhraí soláthair idirnáisiúnta agus Éireannacha, agus níos mó comhoibriú deise a chinntiú ar fud an tionscail.

2.5 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar an gcaoi a gcinnteofar le straitéis chonraitheoireachta agus próisis soláthair do Thionscadail ORESS 1 deis iomlán agus cothrom do sholáthraithe Éireannacha tairiscintí oscailte a rochtain chun dul san iomaíocht le haghaidh deiseanna slabhra soláthair. Tabhairt freagairtí ar na nithe seo a leanas:

- (a) Tiomántóirí luacha do **Straitéise Conraitheoireacht**, ról creat-chomhaontuithe agus socruithe foinsithe straitéiseacha eile, feidhmiú critéar foinsithe aonair/singil, agus machnamh ar thairiscintí cuibhreannas agus comhoibríthe soláthraithe chun riachtanais soláthair a chur i gcrích lena n-áirítear idir soláthraithe Éireannacha agus idir soláthraithe Éireannacha agus idirnáisiúnta.
- (b) An chaoi a dtugann tú deis iomlán agus chothrom ag an gcéim **Léirithe Spéise**.
- (c) An chaoi a dtugann tú deis iomlán agus chothrom do sholáthraithe chun **réamhcháiliú** agus/nó a bheith roghnaithe le haghaidh **liosta tairisceana**.
- (d) An chaoi a dtugann tú **riachtanais tairisceana** iomlána agus chothroma agus clásail chonartha nach gcuireann cos gan ghá ar rochtain ar an margadh.
- (e) Na meicníochtaí le haghaidh **aiseolas** do sholáthraithe rathúla ag gach céim den tairiscint.
- (f) Na próisis agus cleachtais atá i bhfeidhm agat le haghaidh **íocaíocht soláthraithe** chothrom agus thráthúil.

2.6 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 chun **iontrálaithe nua a chur chun cinn** isteach i do shlabhraí soláthair tríd an Tionscadal ORESS 1 seo, agus bacainní ar iontrálaithe nua a bhaint ar shiúl, lena n-áirítear gníomhartha chun **tacú le FBManna** go sonrach.

2.7 Cuir síos le do thoil ar **na rioscaí agus na saincheistean**na is suntasaí maidir le slabhra soláthair i rith shaolré an Tionscadail ORESS 1 agus na bearta atá le cur i bhfeidhm chun na rioscaí seo a mhaolú nó na saincheistean a bhainistiú. D'fhéadfadh sé go n-áirítear leo seo rioscaí a bhaineann le breabaireacht agus éilliú, dáileadh agus seachadadh soláthair, riarachán custaim agus teorann, srianta ar acmhainneacht soláthraí, casaidí pobail agus páirtithe leasmhara eile, truailliú comhshaoil agus dochar don chomhshaoil nádúrtha.

3. Bonneagar

Fiosraítear sa chuid seo den cheistneoir an Tionscadal ORESS 1 maidir le bacainní a bhaint ar shiúl agus infheistíocht a mhéadú sa bhonneagar. Is gníomhaíochtaí iad a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo gníomhaíochtaí lena leathnófar na deiseanna le haghaidh giniúint leictreachais ísealcharbóin agus lena méadaítear cumais slabhraí soláthair áitiúla chun riachtanais na dteicneolaíochtaí nua a chomhlíonadh. (Níl aon uaslíon leathanach ann le haghaidh na codach seo).

3.1 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtúla an Tionscadail ORESS 1 chun **gníomhaíochta slabhra soláthair a chomhordú** laistigh den Tionscadal ORESS 1 agus idir tionscadail éagsúla chun na tionchair a bheidh ag an mbonneagar líonra leictreachais a bhaineann go díreach le do Thionscadal ORESS 1 ar **phobail áitiúla** agus na **timpeallachtaí mara agus talún**.

3.2 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 chun a chinntiú go gcabhróidh do shlabhraí soláthair **iontaofacht agus athléimneacht do chóras leictreachais na hÉireann** a choinneáil, agus cabhrú maidir le méideanna méadaitheacha giniúna in-athnuaite, eadrannach.

3.3 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 chun **bonneagar a thacaíonn le do shlabhraí soláthair idirnáisiúnta agus Éireannacha a neartú**, chun táirgiúlacht agus iomaíocht fheabhsaithe a bhaint amach, costais tionscadail agus riosca a laghdú agus glacadh le teicneolaíochtaí giniúna cumhachta in-athnuaite a éascú. Sainithin an chaoi a dtacóidh do ghníomhaíochtaí, go díreach nó i gcomhordú leis an tionscal níos leithne, le soláthar do ghealltanais i leith inneachar Éireannach.

4. Daoine

Fiosraítear sa chuid seo den cheistneoir an Tionscadal ORESS 1 maidir le lucht saothair ilghnéitheach, oilte a fhorbairt agus deiseanna fostaíochta áitiúla a mhéadú. Is gníomhaíochtaí iad a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hoiliúint agus aistriú an lucht saothair chun na scileanna a theastaíonn le haghaidh giniúint leictreachais ísealcharbóin a fháil, ar bhealaí a íoslaghdaíonn ganntanais scileanna, a mhéadaíonn táirgiúlacht, a bhaineann ilghnéitheacht amach agus atá eiticiúil agus sábháilte. (Níl aon uaslíon leathanach ann le haghaidh na codach seo).

4.1 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 (lena n-áirítear na mór-chomhpháirteanna slabhra soláthair chun:

- (a) **faisnéis a bhailiú** ar mhargadh saothair na hÉireann; riachtanais scileanna reatha agus amach anseo an Tionscadail ORESS 1 **a mheaitseáil** le scileanna, cáilíochtaí agus taithí mhargadh saothair na hÉireann,
- (b) **bearnaí scileanna** i margadh saothair na hÉireann, agus an chaoi ar féidir iad a líonadh, a shainaithint,
- (c) tacú le **haistriú** oibrithe na hÉireann ó earnálacha neamh-inathnuaite (lena n-áirítear ola agus gás) go dtí an earnáil giniúna leictreachais ísealcharbóin,
- (d) agus/nó **comhoibriú** le hinstiúidí oideachais agus gairmoideachais Éireannacha chun píblíne d'oibrithe Éireannacha cáilithe a bhfuil taithí acu a thógáil.

4.2 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar an gcaoi go gcinnteoidh do **straitéis earcaíochta agus ceapacháin** i rith na gcéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí den Tionscadal ORESS 1 nach ndéantar idirdhealú ar chónaitheoirí Éireannacha a bhfuil cáilíochtaí agus taithí chuí acu chun fostaíocht agus deiseanna oibre sealadacha a rochtain i do ghrúpa cuideachta agus laistigh de chonarthaí slabhra soláthair.

Tabhairt freagairtí ar na nithe seo a leanas:

- (a) cur síos ar an gcaoi a ndéanann tú for-rochtain ar **mhargadh saothair na hÉireann** agus a dtugann tú **foláireamh** dó go ginearálta, agus margadh saothair na hÉireann ar **shuíomh an Tionscadail ORESS 1** go háirithe, maidir le deiseanna earcaíochta agus ceapacháin a bhaineann leis an Tionscadal ORESS 1 laistigh de do ghrúpa cuideachta agus laistigh de chonarthaí slabhra soláthair,
- (b) cur síos ar an gcaoi a mbaineann do phróiseas earcaíochta ar shiúl bacainní ar earcaíocht oibrithe Éireannacha a bhfuil cáilíochtaí agus taithí chuí acu agus a gcuireann sé ar fáil **breithniú cothrom agus cóir ar chónaitheoirí Éireannacha**,

- (c) **Plean Scileanna Tionscadail** comhiomlán (nó a chomhionann e.g. Sceidil Daoine) ina measctar riachtanais saothair i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1, arna mhiondealú i bpoist de (i) Ghairmithe agus (ii) Teicneoirí, agus le haghaidh gach poist an líon measta FTE (nó uaireanta duine d’obair) a theastaíonn le haghaidh gach cinn acu.

4.3 Cé mhéad **post do phrintísigh agus daoine faoi oiliúint Éireannacha** níos faide ná sé mhí atá tú a thógáil ar láimh ag gach céim den tionscadal agus cé mhéad **post scoláireachta** ag institiúidí oideachais Éireannacha atá bliain amháin nó níos faide atá tú a phleanáil urraíocht a dhéanamh orthu? Maidir leis na poist seo, cén cion díobh a bhfuil tú ag tnúth leis a bheidh ina ndeiseanna fostaíochta fadtéarmacha leis an tionscadal ar feadh dhá bhliain nó níos mó?

4.4 Cad é an **líon post** d’oibríthe Coibhéise Lánaimseartha a bhfuiltear at tnúth leis ag gach céim den Tionscadal ORESS 1 laistigh den eagraíocht forbróra agus laistigh de shlabhra soláthair an Tionscadail ORESS 1 agus conas atá tú ag bailiú na faisnéise seo? Miondealaigh na poist seo a bhfuiltear ag tnúth leo de réir ‘Éire’ agus ‘An Chuid Eile den Domhan’ agus de réir ‘Gairmiúil’, ‘Teicneoirí’ agus scil ‘Bhunúsach’.

Cuir síos, le do thoil, ar fhad ionchais cineálacha éagsúla poist nua le samplaí, cad iad na poist ar dócha gur fostaithe lánaimseartha seachas ceapacháin shealadacha iad, agus cad iad na gníomhaíochtaí dul chun cinn a chuirfear i bhfeidhm chun poist a shíneadh níos faide ná tréimhse na tógála go dtí oibríochtaí agus cothabháil nó go ról i dtionscadail eile.

5. Áit

Fiosraítear sa chuid seo den cheistneoir an Tionscadal ORESS 1 maidir le cruthú deiseanna, tacú le pobail agus neartú geilleagar áitiúil réigiún atá cóngarach do thionscadail ghinte leictreachais ísealcharbóin. Is gníomhaíochtaí iad a bhfuil spéis faoi leith ag baint leo gníomhaíochtaí lena spreagtar forbairt slabhraí soláthair iomaíocha áitiúla, bonneagair agus scileanna, ag ailíniú le straitéisí forbartha agus ag dul i dteagmháil le pobail agus ollscoileanna. (Níl aon uaslíon leathanach ann le haghaidh na codach seo).

5.1 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 chun níos mó deiseanna a chruthú le haghaidh **infheistíochta agus fáis i ngeilleagar áitiúil an Tionscadail ORESS 1** (an réigiún mar a bhfuil an Tionscadal ORESS 1 suite).

5.2 Cad é an **rannpháirteachas** a bhí agat, agus atá beartaithe agat, chun gníomhaíochtaí

forbartha, tógála agus oibriúcháin a ailíniú le forbairt aon **Straitéisí Tionsclaíocha Áitiúla/pleananna forbartha eacnamaíocha** maidir leis an Tionscadal ORESS 1?

5.3 Cén straitéis atá forbartha agat, nó a fhorbróidh tú, le haghaidh **rannpháirteachas pobail** maidir leis an Tionscadal ORESS 1 agus an sprioc deiseanna a mhéadú le haghaidh infheistíochta agus fáis sa gheilleagar áitiúil?

6. Smaointe

Fiosraítear sa chuid seo den cheistneoir an Tionscadal ORESS 1 maidir leis an gcaoi nuálaíocht a thabhairt i gcrích trí theicneolaíochtaí nuálacha a chothú agus a thráchtáil. Is gníomhaíochtaí iad a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo gníomhaíochtaí lena gcruthófar trealamh níos éifeachtaí, a bhfeabhsófar modhanna suiteála agus a bhforbrófar cineálacha nua soláthair agus straitéisí conraitheoireachta. Gníomhaíochtaí eile atá ábhartha is iad gníomhaíochtaí lena laghdófar costais tionscadal agus lena sárófar na dúshláin theicniúla a bhaineann le giniúint leictreachais in-athnuaite. (Níl aon uaslíon leathanach ann le haghaidh na codach seo).

6.1 Cuir síos, le tacaíocht fianaise, ar leis na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe agat a thabhairt fúthu i rith chéimeanna forbartha, tógála, oibríochtúla agus díchoimisiúnaithe an Tionscadail ORESS 1 chun **infheistiú i dtaighde agus forbairt in Éirinn** agus a bhaineann leis na dúshláin atá roimh an Tionscadal ORESS 1 agus teicneolaíochtaí bainteacha.

6.2 Cuir síos ar agus tacaigh le fianaise leis na trí ghníomhaíocht is mó tionchar atá beartaithe ag do **chomhpháirtithe slabhra soláthair** chun tabhairt faoi i rith chéimeanna forbartha, tógála agus oibríochtaí an Tionscadail ORESS 1 chun infheistiú i **dtaighde agus forbairt in Éirinn** agus a bhaineann leis na dúshláin atá roimh an Tionscadal ORESS 1 agus teicneolaíochtaí bainteacha.